RTÉ

CEANGAILTE

Radio Telefís Éireann
Tuarascáil Bhliantúil agus
Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2008

Clár

Buaicphointí	1
Struchtúr ár nEagraíochta	2
Cad a dhéanaimid	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra	5
Athbhreithniú Oibriúcháin	6
Athbhreithniú Airgeadais	26
An tÚdarás ag 31 Nollaig 2008	30
An Bord Feidhmeannais	31
Rialachas Corparáideach	32
Tuairisc Chomhaltaí an Údaráis	35
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis	36
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh	37
Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta	38
Ráiteas ioncaim an Ghrúpa	42
Ráiteas faoi Ioncam agus Chaiteachas Aitheanta an Ghrúpa agus RTÉ	43
Clár Comhardaithe an Ghrúpa	44
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa	45
Clár Comhardaithe RTÉ	46
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid RTÉ	47
Nótaí atá ina gcuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa	48
Cairt	75
Eolas Staitisticiúil Eile	88
Stair Airgeadais	91

Údarás Radio Telefís Éireann
An t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa is daichead do na 12 mí dar críoch 31 Nollaig 2008, arna chur i láthair an Aire Chumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de bhun ailt 25 agus 26 den *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*.

Is é fís RTÉ cur le muinín mhuintir na hÉireann as an tseirbhís mar fhoinse eolais agus inspioráide a léiríonn agus a shaibhríonn a saol.

Is é misean RTÉ:

- Éagsúlacht chultúrtha agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a chothú agus a léiriú
- Cláir agus seirbhísí sainiúla uaillmhianacha de shárchaighdeán a chur ar fáil, agus béim a chur ar léiriúcháin bhaile
- Muintir na hÉireann a choinneáil ar an eolas leis an tseirbhís nuachta chuimsitheach neamhspleách is fearr is féidir
- Rannpháirtíocht náisiúnta i ngach mórimeacht a éascú

Buaicphointí

Is ar RTÉ a craoladh na **10** gclár teilifíse is mó a raibh lucht féachana acu agus is in Éirinn a léiríodh naoi gcinn díobh



Is ar RTÉ a craoladh na **10** gclár raidió is mó a raibh lucht éisteachta acu agus is in Éirinn a léiríodh gach ceann díobh



7 milliún
cuairt ar RTÉ.ie i rith Chluichí Oilimpeacha Bheijing



Ba é **498k** an líon féachana do chlár speisialta Prime Time ar an mBuiséad

Toradh
meá ar mheá
do 2008



€86.6m
Easnamh ar Scéim Aoisliúntais RTÉ

Struchtúr ár nEagraíochta

Seo a leanas struchtúr eagraíochta RTÉ:



Déanann Feidhmeannacht RTÉ Rannáin Comhtháite Gnó RTÉ (IBDanna) agus Seirbhísí Comhroinnte an Ghrúpa a bhainistiú ó lá go lá. Tuairiscíonn an Príomh-Stiúrthóir go díreach chuig Údarás RTÉ agus cuireann Rialtas na hÉireann d'fhreagracht ar Údarás RTÉ gníomhaíochtaí Ghrúpa RTÉ a mhaoirsiú.

Cad a dhéanaimid

Teilifís RTÉ

Oibríonn RTÉ dhá chainéal teilifíse comhlántacha saor go haer:

- RTÉ One – bunsraith chlúdach údarásach nuachta agus cúrsaí reatha teilifíse le scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirtear le raon cuimsitheach de chláir fhíorasacha, siamsaíochta, drámaíochta agus stíl mhaireachtála le hábhair ar leith a cheannaítear.
- RTÉ Two - cainéal ilchineálach atá tarraingteach do lucht féachana nideoige feadh an sceidil. Is iad leanaí agus spórt an príomhfhócas i rith an lae; dírítear ar chur chuige óg sa tráthnóna le drámaíocht nuálach, siamsaíocht agus príomhghnóthachtálacha.

Raidió RTÉ

Oibríonn RTÉ ceithre stáisiún raidió agus sé stáisiún raidió dhigiteacha thrialacha:

- RTÉ Radio 1 – le nuacht, eolas, gnéchláir, díospóireacht agus spórt
- RTÉ 2fm – le cláir chainte agus ceoil do dhaoine faoi 35
- RTÉ lyric fm – cainéal ceoil chlasaicigh agus ealaíon
- RTÉ Raidió na Gaeltachta – seirbhís Ghaeilge, a bhfuil an t-ábhar a ndéileáiltear leis cosúil le hábhar RTÉ Radio 1 ach le haird faoi leith ar cheol traidisiúnta agus ar nuacht áitiúil sna pobail Ghaeltachta éagsúla
- RTÉ 2XM – ceol rac agus pop do mhic léinn le béim ar cheol nua agus Éireannach
- RTÉ Choice – an chuid is fearr de raidió pobail idirnáisiúnta agus de chartlanna gnéchláir RTÉ
- RTÉ Junior/Chill – an chéad stáisiún raidió do leanaí in Éirinn; ag casadh ceoil agus scéalta 7 a.m. go dtí 9 i.n. Roinntear an cainéal le RTÉ Chill, seirbhís cheoil chomhthimpeallach a chraolann nuair a bhíonn RTÉ Junior den aer
- RTÉ Gold – ceol coitianta gan bhriseadh do dhaoine os cionn 35 bliain d'aois
- RTÉ Pulse – ceol damhsa leictreonach
- RTÉ Radio 1 Extra – seirbhís choinneáil suas agus ábhar roinnte do RTÉ Radio 1

Nuacht agus Cursaí Reatha RTÉ

- Soláthraíonn RTÉ cláir nuachta agus cúrsaí reatha neamhspleácha, chruinne agus neamhchlaonta, sa dá theanga, ar fud na seirbhísí go léir, lena n-áirítear Raidió, Teilifís agus RTÉ.ie.

Líonra RTÉ

- Soláthraíonn RTÉNL (RTÉ Transmission Network Limited) líonra tarchuir náisiúnta do Raidió agus Teilifís RTÉ, TG4, TV3 agus Today FM. Tugann sé spás túir ar a chrainn ar cíos do stáisiúin raidió áitiúla agus do raon eintiteas a bhfuil baint acu le leathanbhanda, líonraí fóin póca, na seirbhísí éigeandála srl.

Foilsitheoireacht RTÉ

Oibríonn Foilsitheoireacht RTÉ trí cinn de na seirbhísí meán is mó in Éirinn:

- RTÉ.ie – an láithreán gréasáin meán is mó a bhfuil tóir air a chuireann raon seirbhísí ar líne láithreán-bhunaithe ar fáil saor in aisce
- RTÉ Guide – an iris sheachtainiúil is mó díol in Éirinn
- RTÉ Aertel – an tseirbhís teilitéacs saor go haer is mó atá chun cinn

Grúpaí Oirfide RTÉ

Cuireann RTÉ go mór leis na healaíona in Éirinn, agus oibríonn sé cúig ghrúpa oirfide:

- Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ
- Ceolfhoireann Choirme RTÉ
- Ceathairéad Vanbrugh RTÉ
- Cór Fiolarmónach RTÉ
- Cór na nÓg RTÉ

Ráiteas an Chathaoirligh

Mary Finan Cathaoirleach

Is í *Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite RTÉ 2008* an tuarascáil dheireanach de mo thréimhse mar Chathaoirleach Údarás RTÉ. Ag tús 2008 níor mheas aon duine againn go dtarlódh na deacrachtaí a bhí amach romhainn ach tá áthas orm a rá, in ainneoin an chúlú eacnamaíochta, gur éirigh le RTÉ feidhmíocht mhaith a bhaint amach agus bhain sé amach toradh meá ar mhéa.

Ó thaobh ioncam RTÉ de is féidir dhá leath a dhéanamh de 2008. Thosaigh sí amach le feidhmíochtaí láidre i ngach oibríocht tráchtála ach faoi dheireadh na bliana bhí tionchar diúltach ag an ngéarchéim airgeadais dhomhanda agus ag an moilliú tapa sa gheilleagar baile ar ioncam tráchtála RTÉ. Dá bhrí sin bhí gá le cinntí crua a dhéanamh i rith 2008 agus ba é an toradh a bhí orthu sin ná ciorruithe i ngach réimse ó chalcadh pá go dtí bearradh cúramach ar an mbonn costais foriomlán, agus rinneadh é sin ar fad gan cur isteach ar chaighdeán na táirgeachta. Leanfaidh an próiseas sin ar feadh 2009 agus beidh sé dúshlánach don Údarás nua, don Bhord nua, don bhainistíocht agus don fhoireann.

Shocraigh an Rialtas in 2002 go mbeadh athbhreithnithe bliantúla ann ar an Táille Ceadúnais. Tharla sé sin in 2003 suas go dtí 2006 agus an bhliain sin san áireamh agus, bunaithe ar mheasúnuithe neamhspleácha ar fheidhmíocht RTÉ, tharla ardú beag. Tháinig moilliú beag ar an bpróiseas seo in 2007 agus 2008 agus níor bhain RTÉ tairbhe as athbhreithniú i gceachtar bliain dá bharr. Comhaontaíodh próiseas athbhreithnithe agus scála ama nua agus ba cheart go dtabharfadh siad sin aghaidh ar roinnt de na deacrachtaí airgeadais a mheastar a bheidh ann in 2009.

Ní bhíonn Craoltóireacht Seirbhíse Poiblí riamh níos tábhachtaí ná nuair a bhíonn timpeallacht faoi dhúshlán eacnamaíoch i gceist. Tá dualgas ar RTÉ a bheith cruinn, míniú a thabhairt agus dúshlán a thabhairt, fiú má bhíonn sé sin crua in amanna ar an lucht féachana, agus bíonn go leor acu sin imníoch faoin méid atá i ndán dóibh. In amanna mar seo tá suim fhorleathan ag an bpobal sa méid atá ag tarlú. Bhí ról lárnach ag Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ maidir le cabhrú le daoine tuiscint níos fearr a fháil ar na himeachtaí suaite a bhfuil éifeacht acu ar shaol gach duine agus tá lucht féachana suntasach coimeádta againn ar Theilifís, Raidió agus Ar-líne. Tá áthas orm a rá gur bhliain mhaith a bhí in 2008 do RTÉ i dtéarmaí aschuir agus bhí an lucht féachana buíoch as sin mar is léir ó na rátálacha atá an-seasta i margadh atá chomh hiomaíoch.

Ceann de na dúshláin atá faoi láthair ag RTÉ ná aistriú go réidh agus go tráthúil chuig teilifís dhigiteach. Rinneadh obair ullmhúcháin thábhachtach chun seirbhísí Theilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) a sheoladh i rith 2008. Ag am a scríofa, tá tús curtha ag RTÉ le huasghrádú agus tástáil ar infrastruchtúr craolta agus dáileadh teicniúil a theastaíonn chun an tseirbhís phoiblí shingil agus na trí ilphléacs tráchtála a chraoladh agus tá sé tiomanta a cheanglais faoin reachtaíocht a chomhlíonadh. Tá cinneadh déanta saoráidí ardfiachais móra a lorg a chuirfidh ar ár gcumas an tionscadal a thabhairt i gcrích.

Ag deireadh 2008 tháinig an Bille Chraolacháin, a raibh súil mhór leis, chuig a gcéimeanna deiridh sula n-achtaíonn an tOireachtas é atá ceaptha teacht in 2009. Fáiltíonn an tÚdarás go mór roimh chomhdhlúthú na reachtaíochta craolacháin agus go háirithe an tsoiléire thart ar rólanna, freagrachtaí agus dualgais Bhoird nua RTÉ agus Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) nua. Ach, ag am ina bhfuil an fhoinse ioncaim is mó, ioncam tráchtála, faoi bhrú ollmhór, tá imní ar RTÉ maidir leis an ualach airgeadais breise a d'fhéadfadh a bheith air mar thoradh ar achtú an Bhille. Dá chuirfí i bhfeidhm é, cosnóidh an t-ualach airgeadais breise ar a laghad €10 milliún in aghaidh na bliana ar RTÉ agus d'fheicfí atreorú breise maoinithe poiblí chuig an earnáil phríobháideach.

Ba mhór an onóir domsa a bheith mar Chathaoirleach ar Údarás RTÉ agus táim fíorbhuíoch as an tacaíocht lántoilteanach a fuair me ó chomhaltaí an Údarais, ón mBord Feidhmeannais agus ó bhainistíocht RTÉ. Bhain mé an-sult as a bheith ag obair le daoine tréitheacha agus tiomanta ar fud na heagraíochta. Tá tuiscint níos fearr agam anois ar an tábhacht a bhaineann le Craoltóireacht Seirbhíse Poiblí agus in ainneoin an réamhléargais eacnamaíoch agus na ndúshlán tráchtála atá amach romhainn go fírinneach creidim go leanfaidh RTÉ ina chuid lárnach de shaol agus de chultúr na hÉireann. Guím gach rath ar an eagraíocht, ar an bhfoireann ar fad agus ar an mBord nua sna blianta atá amach romhainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Ryan agus a chuid oifigeach sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha as a gcomhoibriú agus a spéis ghníomhach i rith mo théarma.

Beir bua agus beannacht.

Mary Finan

"Ní bhíonn Craoltóireacht Seirbhíse Poiblí riamh níos tábhachtaí ná nuair a bhíonn timpeallacht faoi dhúshlán eacnamaíoch i gceist."

Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra

Cathal Goan An Príomh-Stiúrthóir

Léiríonn Tuarascáil Bhliantúil 2008 fírinne an scéil mar a bheidh roimh Chraoltóireacht Seirbhíse Poiblí in Éirinn agus roimh Sochaí na hÉireann ar fad mar thoradh ar an chorraíl sa saol eacnamaíoch anseo sa bhaile agus thar lear. Mar atá ráite ag Cathaoirleach Údarás RTÉ thosaigh 2008 amach go maith ach bhí imní faoi dheireadh na bliana; ba bhliain í ar dhíol suntais iad feidhmíocht chruthaitheach agus iomaíochais ar fud gach gníomhaíochta; ba bhliain a bhí inti fosta inar tharla cúlú eacnamaíochta – a bhí níos measa ná mar a shíl aon duine a bheadh sé – agus a tháinig fíorthapa go deo. De bharr an méid atá tarlaithe caithfidh RTÉ, ar nós rannpháirtithe eile i saol na hÉireann, aghaidh a thabhairt ar shaol nua agus cora crua.

Cuireadh aidhm atá ag RTÉ - tús áite a thabhairt don lucht féachana sna réimsí seirbhísí a sholáthraíonn sé - faoi bhrú ach léiríodh an teacht aniar a bhaineann leis in ainneoin na n-imthosca athraitheacha. Mar is léir ó na sonraí thíos, ba bhliain ghnóthach agus tháirgiúil í 2008 ar fud gach réimse gníomhaíochta – ach ba mhaith liom aghaidh a thabhairt go hachomair ar na príomhréimsí aschuir.

Mar eagraíocht sheachbhrabúis bhí RTÉ, le cúpla bliain anuas de bharr chomh maith agus a bhí an margadh fógraíochta agus arduithe ar an ioncaim ón táille ceadúnais, in ann ioncam breise thar an méid a bhí sa bhuiséad do gach bhliain a athstiúradh le breis clár baile teilifíse a léiriú do RTÉ. Caitheadh suimeanna breise le léiritheoirí neamhspleácha agus chabhraigh na léiriúcháin bhaile sin le Teilifís RTÉ, ní amháin figiúirí lucht féachana a choimeád, ach i roinnt cásanna na figiúirí a ardú, in ainneoin líon níos mó agus níos mó cainéal iomaíochta a bheidh i gceist. Is éacht suntasach é gur éirigh le Teilifís RTÉ a sciar den lucht féachana a choinneáil agus go deimhin í a ardú beagán i dteaghlaigh dhigiteacha. Níos tábhachtaí fós, cruthaíonn sé go bhfuil cláir a léirítear sa bhaile in ann dul san iomaíocht le cláir allmhairithe (agus go minic maoiniú níos airde acu) agus go bhfuil lucht féachana na hÉireann ag iarraidh agus ag súil anois le cláir a dhéantar ar an oileán seo dóibh.

Lean Raidió RTÉ ag fáil ar ais sciar a bhí caillte aige. Dhaingnigh RTÉ Radio 1 a sheasamh mar an áit le scéalta an tsaoil a phlé agus léirigh an cúigiú JNLR *(Joint National Listenership Research)* ráithiúil i ndiaidh a chéile treocht dhearfach. Tá sé sin ag tarlú i ndiaidh athbheochan ar an sceideal a rinneadh le cúpla bliain mar fhreagra ar riachtanais an lucht féachana. Tá Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ mar shlat tomhais do nuacht agus anailís údarásach agus neamhspleách in Éirinn. Forbraíonn oibríochtaí ar-líne RTÉ lucht féachana sa bhaile agus thar lear agus tá ag éirí thar cionn leo. Gineann RTÉ.ie 48 milliún imprisean leathanaigh i rith na bliana faoi láthair agus tá 2.4 milliún úsáideoir uathúil aige. Is ionann sin agus fás de 50% bliain ar bhliain. De réir mar a chuirtear gnéithe agus cláir nua leis agus mar a ardaíonn rochtain leathanbhanda, leanfaidh RTÉ.ie ag leathnú shroichinte in Éirinn agus níos faide ó bhaile. Is é an dúshlán a bheidh ann don todhchaí ná an t-ardán seo atá ag fás a úsáid chun cur le tairiscint iomlán RTÉ.

Sna gníomhaíochtaí sin, mar aon le gach ceann eile, cibé i nGrúpaí Oirfide, Foilsitheoireacht, Líonra nó san Ionad Corparáideach, ní fhéadfadh na príomhoibríochtaí feidhmiú go héifeachtach gan tacaíocht riaracháin den chéad grád ó fhoirne tiomanta i nGnóthaí Dlí, Airgeadais, Caidreamh Daonna, Margaíocht, Cumarsáid agus Seirbhísí Ginearálta. Teastóidh an bhraistint sin ó thaobh an chomhleanúnachais níos mó ná riamh agus RTÉ ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin 2009 agus ina dhiaidh sin. Táim buíoch den fhoireann ar fad agus de na soláthróirí neamhspleácha a bhfuil tuiscint léirithe acu go dtí seo ar chúinsí athraitheacha.

I *dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite RTÉ 2007*, measadh go mbeadh athrú Údaráis ann chomh maith le hachtú reachtaíochta nua chun éifeacht a thabhairt do bhunú Údarás Craolacháin na hÉireann nua. Níor tharla sin agus cuireadh sé mhí le téarma oifige Údarás RTÉ go dtí deireadh 2008. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh an athuair le comhaltaí an Údaráis atá ag fágáil agus leis an Chathaoirleach Mary Finan as a dtiomantas leanúnach do RTÉ. Ní raibh an reachtaíocht ar chraoltóireacht imithe trí Thithe an Oireachtais faoi dheireadh na bliana, ach bhí roinnt gnéithe dá gcuid forálacha mar ábhair imní ag RTÉ – go háirithe agus an timpeallacht eacnamaíochta ghinearálta ag éirí níos measa.

Chur an BCI an próiseas iomaíoch maidir le dámhadh ceadúnas do thrí ilphléacs Theilifís Dhigiteach Trastíre tráchtála i gcrích. Dámhadh é i mí Iúil 2008 ar Boxer DTT Limited, cuibhsreannas ina bhfuil Grúpa Communicorp Teoranta agus an comhlacht Sualainneach Boxer TV-Access AB. Oibreoidh RTÉ Transmission Network Limited leis na príomhgheallsealbhóirí ar fad chun bunú DTT in Éirinn a éascú agus beidh ról ríthábhachtach aige in ullmhú do mhúchadh analóige in 2012.

Coigeartaíodh an Táille Ceadúnais Teilifíse go €160 le héifeacht ó 1 Eanáir 2008 ag teacht as athbhreithniú seachtrach ar chomhlíonadh tiomantais RTÉ i leith 2006. I rith 2008, d'oibrigh oifigigh ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le cabhair ó chomhairligh PwC le RTÉ chun teimpléid nua a sholáthar a éascóidh Athbhreithniú Coigeartaithe ar Tháillí Ceadúnais ó 2009 ar aghaidh. Bhain RTÉ leas as an teimpléad sin chun aighneachtaí a dhéanamh i leith a fheidhmíochta i 2007 agus 2008. Táimid buíoch de na hoifigigh as a n-aird agus a maoirseoireachta ar an phróiseas sin agus táimid ag súil go n-éascóidh an teimpléad tuiscint níos fearr ar fheidhmíocht RTÉ ar shlite cáilíochtúla agus cainníochtúla.

Bhí sé is gceist ag RTÉ seirbhís craolacháin teilifíse nua a sheoladh d'Éireannaigh thar lear i rith 2008 mar a shainordaigh *Acht Craolacháin (Leasú) 2007*. Ach chiallaigh an meathlú ar ioncam tráchtála sa cheithre mhí deiridh den bhliain gur cuireadh an tionscnamh siar bliain amháin. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an chás in 2009 d'fhonn an cuspóir beartais a theastaíonn a bhaint amach ar bhealach a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de.

Is iomaí cliché atá ann chun cur síos a dhéanamh ar an staid ina bhfuil an geilleagar domhanda faoi láthair. Is leor a rá go gcaithfidh RTÉ diongbháilteacht, seiftiúlacht agus solúbthacht a léiriú chun dul i ngleic leis na dúshláin airgeadais nach facthas riamh roimhe seo in 2009. Caithfear tús áite a thabhairt don lucht féachana agus muid ag tabhairt aghaidh ar roghanna crua maidir le acmhainní atá ag éirí gann a leithdháileadh chuig seirbhísí lena mbaineann riachtanais atá bunaithe agus riachtanais atá ag méadú.

Cathal Goan

Athbhreithniú Oibriúcháin
Teilifís RTÉ

Drámaíocht RTÉ

Choinnigh Teilifís RTÉ a ghealltanas i leith sraithchlár agus drámaíocht leanúnach in 2008 agus tháinig *The Clinic* agus *Single-Handed* ar ais ar na scáileáin. Chraol RTÉ leagan scáileáin nua den dráma stáitse *Eden* a bhfuil cáil air. Is é Eugene O'Brien a scríobh é. Cuireadh an scannán, a mhaoinigh RTÉ, amach chuig amharclanna chomh maith agus d'éirigh go maith leis.

Bhain *Whistleblower* úsáid as drámaíocht chun tubaiste uafáis a léiriú. Rinne sé athinsint ar an scéal fírinneach a tharla laistiar de cheann de na scannal liachta is measa in Éirinn le blianta beaga anuas. Le lucht féachana de 674,000, bhí an tsraith dhá pháirt ar cheann de na 15 clár ba mhó a raibh lucht féachana acu in Éirinn i 2008.

Tharraing *Raw* infheistíocht shuntasach do dhrámaíocht nua na hÉireann ar RTÉ Two. Bhí an-tóir ar *Bittersweet*, le scair de 38%.

Bhí *Fair City* ar an sobalchlár is mó a raibh lucht féachana aige ar theilifís in Éirinn agus ba é an t-aon sobalchlár a bhí sna 10 gclár ba mhó a raibh tóir orthu in 2008, ag uimhir a cúig (715,000 lucht féachana ar an meán). Is éacht ollmhór é sin agus an dráma ar an bhfód le 20 bliain.

Fíorasach RTÉ

Taispeáin RTÉ roinnt clár faisnéise *Arts Lives* nua faoi ealaíontóirí ar nós Patrick McCabe, John Banville, Nóirín Ní Riain agus Graham Linehan. Mar pháirt den snáithe *Hidden History*, ghin RTÉ díospóireacht ollmhór le *The Killings at Coolacrease*. D'athshon scannán faoi phlota chun An Bhanríon Victoria a fheallmharú agus scannán faoin gcoimhlint dhoimhin idir DeValera agus Churchill i dteannta le smaointe meáite Sheáin Uí Mhórdha i leith thionchar na staire ar mheon na nÉireannach. San áireamh ar na léiriúcháin mhóra eile a bhí díríthe ar stair in 2008 bhí *Cromwell in Ireland* agus *The Last Confession of Alexander Pearse*.

Ar na buaicphointí eile fíorasacha bhí *Where Was Your Family during the Famine?*, *Who Do You Think You Are?* agus *Operation Spider.* Lean *Future-Shock* ag teacht roimh clár oibre na nuachta le cláir ar bhuaic-ola, glaineacht uisce agus raimhre, agus bhain *Bertie*, sraith ollmhór ceithre pháirt faoin Taoiseach ab fhaide a bhí ina oifig sa tír, amach ardmholadh ó chriticeoirí agus ón lucht féachana.

Scair Náisiúnta Gach Cainéil le linn Buaicuaire



Foinse: AGB Nielsen Media Research

Sciar Náisiúnta Gach Cainéil - an Lá Uile



Foinse: AGB Nielsen Media Research

Thosaigh 2008 amach leis an dara tráthchuid de *Single-Handed: The Stolen Child.*

Lean an fás leanúnach ar an tóir atá ar *Fair City* in 2008.

Bertie – thug an tsraith seo léargas dúinn ar an bhfear taobh thiar den phearsantacht.

LÉIRIÚCHÁIN BHAILE NUA

Athbhreithniú Oibriúcháin
Teilifís RTÉ (ar lean)

Na cláir Theilifíse ba mhó a raibh lucht féachana acu (000aidí de lucht féachana)
NA 10 gCLÁR* BA MHÓ A RAIBH TÓIR ORTHU I 2008
Bonn: Náisiúnta, Daoine 4 bliana d'aois +

Rang	Clár	Cain.	Lá	Dáta	Am	TVR	000idí	Sciar
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Aoine	28-Samh	21:36 - 23:46	29.1	1,199	69.9
2	RTÉ News: Nine O'Clock	RTÉ One	Aoine	11-Ean	21:02 - 21:29	18.9	748	49.0
3	Prime Time Investigates	RTÉ One	Luan	08-Nol	21:35 - 22:32	18.7	773	48.0
4	Killinaskully - The Emergency (Páirt 1)	RTÉ One	Déar	25-Nol	20:27 - 20:53	18.4	757	44.9
5	Fair City	RTÉ One	Aoine	04-Ean	20:32 - 20:59	18.1	715	46.7
6	Buyer Beware!	RTÉ One	Déar	06-Samh	20:33 - 20:57	17.3	714	45.6
7	All Ireland Hurling Final	RTÉ Two	Domh	07-MF	15:19 - 17:35	17.2	709	64.3
8=	All Ireland Football Final	RTÉ Two	Domh	21-MF	15:24 - 17:33	17.0	703	65.2
8=	The Rose Of Tralee	RTÉ One	Máirt	26-Lún	21:36 - 23:25	17.0	696	46.7
10	Eurovision Song Contest	RTÉ Two	Máirt	20-Beal	20:00 - 22:02	16.8	691	45.5

Foinse: AGB Nielsen Media Research

** An clár ba mhó a raibh tóir air. Clár rangaithe de réir Rátáil Teilifíse (TVR). D'athraigh an uilephobal iomlán i Bealtaine agus Meán Fómhair. Rogha ar an mean: Aon Lá, Aon Am (An Eipeasód is Fearr). Tá cláir nuachta san áireamh. An t-achar is lú 15 nóiméad.*

Aonad Chartlann Teilifíse RTÉ

D'úsáid aonad chartlann teilifíse RTÉ píosaí scannáin ón gcartlann chun scéalta faoi shaol na hÉireann san fhichiú aois a insint trí shúile gnáthdhaoine na hÉireann agus a bpobal. D'éirigh go maith leis an Aonad Cartlainne in 2008 le sraith ocht bpáirt *Home*, a bhreathnaigh ar dhul chun cinn shaol baile in Éirinn le leathchéad bliain anuas. Ba scannáin aon uaire iad *A Bit of a Fillum: Ryan's Daughter in Dingle* agus *Anew MacMaster* a léirigh comhbhá agus ceird, agus thaispeáin na sraitheanna *A Little Bit Showband, Hostage* agus *War Stories* saibhreas agus éagsúlacht na cartlainne. D'athchóirigh foireann thiomanta chartlannaithe agus speisialtóirí athchóirithe RTÉ sraitheanna teilifíse móra-le-rá i rith na bliana, lena n-áirítear *Murphy's Australia, I Live Here* agus *Boat Spotting.*

Éagsúlacht RTÉ

Mar chuid de sháithe Éagsúlachta craoladh tionscadail fhíorasacha móra chomh maith le haschur leanúnach i nGaeilge. Bhí éagsúlacht ag baint le craoladh buaic-ama an rannáin le clár cáiliúil Des Bishop *In the Name of the Fada,* agus sa tsraith *21st Century Child* thosaigh an síceolaí David Coleman amach ar an gcéad chuid dá aistear a bhreathnaíonn ar fhorbairt grúpa leanaí ón uair a thagann siad ar an saol go dtí go sroicheann siad sé bliana d'aois.

D'fhiosraigh *Science Friction* ceithre shaincheist eolaíochta chonspóideacha. Ar ais arís bhí *Oileán*, *Scannal* agus *Léargas*, agus bhí sraith nua litearthachta do dhaoine fásta *Written Off*. Ar ais chomh maith bhí na snáitheanna ilchultúir *What in the World?, No Place Like Home* agus *Faraway Up Close.*

Réigiúnach RTÉ

Lean RTÉ Réigiúnach ag cur fócais ar chláir réigiúnacha leis na sraitheanna *Consuming Passions* agus *Ear to the Ground.* Tharraing *Buyer Beware!,* clár nua gnóthaí tomhaltóra, lucht féachana os cionn 700,000; thug *Death Duties* cuntais ar roinnt cásanna reatha de chuid Chróinéir an Stát Marie Cassidy. Bhí an clár réaltachta *Customs* bunaithe go réigiúnach ag déanamh iniúchadh ar an tslí a n-oibríonn oifigigh chustaim na tíre seo. Craoladh tráthnóna Domhnaigh é agus bhí an-tóir ag lucht féachana air.

Stíl Mhaireachtála RTÉ

I measc bhuaicphointí chláir Lae agus Stíl Mhaireachtála RTÉ na bliana bhí *Operation Transformation,* tionscadal sláinte a thug cuireadh don phobal a bheith páirteach i gclár sláinte le Teilifís RTÉ, Raidió RTÉ agus RTÉ Ar-líne. Ba seónna nua buaic-ama iad *At Your Service* agus *Ballet Chancers.* Craoladh roinnt formáidí nua ar RTÉ Two lena n-áirítear *Hollywood Trials* a lean deichniúr aisteoirí agus iad ag iarraidh a bheith ina réaltaí Hollywood, agus sa chlár *The Ultimate Guide to Everything* bhreathnaigh an láithreoir teilifíse nua Mairead Farrell ar leabhair fhéinchabhracha agus thástáil sí ar dhaoine agus ar chúinsí iarbhír iad.

Uaire fotheidealaithe Theilifís RTÉ



Foinse: RTÉ

An Síceolaí Cliniciúil David Coleman, láithreoir na sraithe *21st Century Child* a dhéanann iniúchadh ar leanaí don chéad sé bliana dá saol.

Jason Clarke, duine óg a bhfuil suim aige i dtarracóirí, in éineacht le láithreoir *Ear to the Ground* Darragh McCullough ag Seó Innealra an Chabháin.

Philip Boucher Hayes, láithreoir na sraithe sin ar éirigh léi chomh maith léi *Buyer Beware!*

Bhí *The Late Late Toy Show,* a raibh lucht féachana de mhilliún ag féachaint air, ar an gclár is mó a raibh tóir air in Éirinn in 2008.

Euro 2008 Championship, an uair deiridh do Liam Brady mar thráchtaire ar Spórt RTÉ sula ndeachaigh sé i mbun a róil mar chóitseálaí cúnta ar an bhfoireann sacair náisiúnta.

Thug *The Road to Croker* faoi chamchuairt ar fud na tíre arís i rith shéasúr na gcluichí craoibhe.

Siamsaíocht RTÉ

Arís eile, d'éirigh le *The Late Late Toy Show* barr na rátálacha a bhaint amach le lucht féachana de 1,199,000; ba é an clár is mó é a raibh lucht féachana aige ag aon am le seacht mbliana anuas. Craoladh roinnt tionscnamh turgnamhach ar RTÉ Two, le *Katherine Lynch's Wonderwomen, Langerland.TV, Your Bad Self* agus *Soupy Norman* a thug beocht don sceideal le taobh na gclár is fearr le daoine *Naked Camera, The Podge and Rodge Show, The Panel* agus *Dan and Becs.*

Daoine Óga RTÉ

I 2008 sholáthair cláir daoine óga RTÉ 800 uair a chloig de chláir nua a rinneadh sa bhaile. Thug malartú il-ardán idirnáisiúnta uathúil RTÉ *One Minute Jr.* deis do dhaoine óga a gcuid scannán féin a dhéanamh agus rinne an tsraith beochana *Teenology* cur síos ar cad a bhíonn ag teastáil ó dhéagóirí le go mbeidh siad in ann a bheith ina ndéagóirí maithe. Lean *Aisling's Diary* gníomhaíochtaí déagóra Ghael-Mheiriceánaigh atá an-tógtha le damhsa Gaelach agus í ag filleadh ar Éirinn lena muintir. Bhí *Jam The Musical, Watch Your Language, Sattitude, Quizone, Eye2Eye, TTV* agus *The Café* ar fad mar chuid de sceideal fuinniúil agus éagsúil ó thaobh aoise de.

Cláir a rinneadh in Éirinn ar Theilifís RTÉ le linn Buaicuaire de réir seánra



Foinse: RTÉ

Spórt RTÉ

Chraol Spórt RTÉ 1,000 uair an chloig d'aschur in 2008. Chlúdaigh RTÉ Cluichí Oilimpeacha Bheijing le suas le 16 uair an chloig de chláir laethúla i rith na coicíse. Chlúdaigh *The Sunday Game Live* beagnach 40 cluiche beo ó Chraobhchomórtais 2008, agus sholáthair *The Sunday Game* buaicphointí, plé agus anailís chuimsitheach. Bhí *Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann* ar an gclár spóirt is mó ar bhreathnaigh daoine air sa bhliain le lucht féachana de 709,000, sciar de 64% den lucht féachana atá ar fáil. Thug *The Road to Croker* cuairt ar chlubanna CLG ar fud na tíre le linn Chraobhchomórtais an CLG agus lean *Sunday Sport* na sraitheanna peile agus iomána.

Chlúdaigh RTÉ gach ceann de na 31 cluiche ó Chraobhchomórtas *Euro 2008,* a raibh 27 acu sin beo ar RTÉ. Chomh maith le cluichí baile na hÉireann i gcluichí cáilitheacha Chorn an Domhain, lean *Champions League* dul chun cinn na séasúr 2007/2008 oíche Mháirt agus oíche Chéadaoin, agus mar aon le cluichí beo, sholáthair RTÉ buaicphointí agus tuairiscí cuimsitheacha ar gach chluiche sa chomórtas. Sa bhaile anseo chraol RTÉ deich gcluiche beo de chuid Shraithchomórtas Eircom chomh maith le 33 clár buaicphointí uair an chloig ar an tsraith sheachtainiúil nua *MNS*.

D'éirigh go hiontach le *6 Nations Championship.* Craoladh gach ceann de na 15 cluichí chomh maith le clúdach ar chluichí Idirnáisiúnta an Fhómhair agus buaicphointí de chuid chluichí na Mumhan agus Laighean ar fad i gCorn Heineken. B'ócáid iontach a bhí sa chluiche cairdeachais idir Cúige Mumhan agus an Nua-Shéalainn nuair a hosclaíodh Páirc Thuamhumhan.

Lean RTÉ lena ghealltanas maidir le Rásaíocht Capall le 31 lá chlúdach beo ar na laethanta is suntasaí i séasúir rásaíochta baile ar an réidh bhaile agus san fhiach náisiúnta. Chomh maith le sin, bhí clúdach beo ag Spórt RTÉ ar dhornálaíocht ar Bernard Dunne agus ar Chraobhchomórtais Amaitéaracha na hÉireann. Bhí clúdach chomh maith ar an gCraobhchomórtas Lúthchleasaíochta Náisiúnta, Craobhchomórtas Trastíre na hEorpa agus Craobhchomórtas Lúthchleasaíocht faoi Dhíon na hÉireann. Ina theannta sin, d'fhreastail *OB Sport* ar go leor de na spóirt "mhionlaigh" le tiomsú coicísiúil ar ghníomhaíochtaí spóirt ar fud na tíre le fócas rialta ar fheidhmíocht Lúthchleasaithe Éireannacha thar lear.

Athbhreithniú Oibriúcháin
Teilifís RTÉ (ar lean)

Anailís ar ábhar na gclár buaicuaire ar Theilifís RTÉ



Foinse: RTÉ

Gníomhaíocht agus Feidhmíocht Tráchtála

Agus buiséad 2008 á leagan amach measadh go dtiocfadh moill ar an bhfás thar cuimse a baineadh amach le ceithre bliana anuas (ráta fáis bliantúil iolraithe ó 2003-2007 de 14.6%) ach níor thuar aon táscaire eacnamaíoch chomh tapa agus chomh tromchúiseach agus a tharlódh laghdú ar gheilleagar na hÉireann go ginearálta agus ar fhógraíocht teilifíse go háirithe.

Bhí ioncam Teilifís RTÉ síos 5% in iomlán ó 2007 ach nochtaigh anailís níos doimhne bliain a bhí roinnte ina dhá leath le hardú bliain ar bhliain de 4% sa tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí an Mheithimh ach titim de 13% sa dara leath den bhliain, ó mhí Iúil go dtí mí na Nollag.

Léiríonn anailís ar ioncam fógraíochta teilifíse de réir catagóire na híslithe is mó bliain ar bhliain i Miondíol, Deoch, Airgeadas agus Siamsaíocht agus na Meáin. Bhí laghdú de bhreis is €3 mhilliún san earnáil mhiondíola, atá rangaithe sa dara háit i dtéarmaí ioncaim teilifíse RTÉ, ó 2007 agus laistigh de sin bhí laghdú de bhreis is €2 mhilliún sa ceathrú ráithe de 2008. Léirigh na hearnálacha gnó - tionsclaíocha agus Rialtais, na harduithe is mó i gcaiteachas fógraíochta teilifíse bliain ar bhliain. Áiríodh ar fhógróirí nua Quinn Direct, Athrú Aeráide, Samsung, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa le linn 2008.

Bhí tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ar ioncam urraíochta Theilifís RTÉ chomh maith le torthaí deiridh síos 13% ó 2007. In ainneoin constaicí de bharr stailc Gildscríbhneoirí Mheiriceá, comhaontaíodh conarthaí suntasacha go luath in 2008 lena n-áirítear urraitheoir nua, Baileys, do *Desperate Housewives* (2008 - 2011) agus lean Avonmore ag déanamh urraíochta ar an *Aimsir* (2008 - 2010). I measc na n-urraitheoirí nua in 2008 bhí News International (The Sunday Times), Unilever (Timotei agus Cif) agus KAL (Normende).

Chruthaigh an clár *Operation Transformation* thar barr d'fhoireann Díolachain Tras-Méan, clár a chuaigh amach ar thrí ardán, ar Raidió, ar Teilifís agus Ar-Líne, rud a chuir go mór leis an mbuntáiste don urraitheoir. I measc tionscnamh eile le linn 2008 bhí an Chomhdháil Díolacháin Teilifíse, *i² insight and innovation,* rud a thug smaointeoireacht nua chuig tionscal na teilifíse in Éirinn. Chuir an t-ardán seo roinnt taighde tábhachtach *(Affinity and Effectiveness, Brand Essence, Blueprint for a Sting)* ar fáil don tionscal lena chruthú go n-oibríonn fógraíocht agus urraíocht ar an Teilifís níos fearr ná ar aon mheán eile. I mí na Samhna 2008 ba é RTÉ an chéad chraoltóir san Eoraip a rinne craoladh ar fhógraíocht bheo ag an am céanna feadh Teilifíse, Raidió agus Ar-Líne le linn chluiche na Mumhan vs All Blacks.

Bhi láimhdeachas is fearr fós de €455,000 sa bhliain ag Díolacháin Leabharlainne Teilifíse rud a chiallaíonn fás de 143% thar tréimhse sé bliana.



Operation Transformation, an chéad choimisiúnú 360 céim de chuid RTÉ ar Teilifís, Raidió agus Ar-Líne.

I mí na Samhna 2008 ba é RTÉ an chéad chraoltóir san Eoraip a chraol fógra beo go comhuaineach ar Theilifís, ar Raidió agus Ar-líne i rith Chluiche na *Mumhan v All Blacks*.

Ba é an tionscadal teicniúil is mó den bhliain ná athfhorbairt an phríomhstiúideo Nuachta Teilifíse.

Ba í an oibríocht is mó den bhliain ná *na Cluichí Oilimpeacha*.

Teilifís RTÉ BuaicSciar Náisiúnta (Daoine Aonair) Comparáid 2008 vs. 2007	
RTÉ One	**31%** (- 0.5%)
RTÉ Two	**12.1%** (- 0.1%)
Iomlán RTÉ	**43.1%** (- 0.6%), titim céatadáin bliain ar bhliain de 1.4%

Teilifís RTÉ SciarChomparáid Náisiúnta (Daoine Aonair) Feadh an Lae 2008 vs. 2007	
RTÉ One	**25.1%** (0.1%)
RTÉ Two	**11.5%** (- 0.6%)
Iomlán RTÉ	**36.6%** (- 0.5%), titim céatadáin bliain ar bhliain de 1.3%

Teilifís RTÉ SciarChomhparáid Ilichainéil (Daoine Aonair) 2008 vs. 2007	
RTÉ One	**26.6%** (- 0.1%)
RTÉ Two	**10.7%** (0.5%)
Iomlán RTÉ	**37.3%** (0.4%), ardú céatadáin bliain ar bhliain de 1.1%

Teilifís RTÉ Buaic-SciarChomparáid Dhigiteach (Daoine Aonair) 2008 vs. 2007	
RTÉ One	**22.7%** (- 0.2%)
RTÉ Two	**9.5%** (0.5%)
Iomlán RTÉ	**32.2%** (0.3%), ardú céatadáin bliain ar bhliain de 0.9%

Ceisteanna Oibríochta

Chruthaigh infheistíocht sna nuatheicneolaíochtaí ar nós Avid san eagarthóireacht agus Flint/VizRt sna graificí a bhfiúntas i dtéarmaí cruthaitheachta agus solúbthachta ar- scáileán agus den-scáileán araon.

Ba í an oibríocht aonair ba mhó le linn na bliana ná na Cluichí Oilimpeacha i mBeijing ar bhain suiteáil saoráide léiriúcháin sealadaí leo le freastal ar an éileamh mór a bhí ann pictiúir agus tráchtaireachtaí a chasadh timpeall beagnach ar bhonn 24 uair an chloig do chláir a bhí beo agus do chláir a bhí taifeadta; ar an iomlán tharchuir Teilifís RTÉ 223 uair an chloig de chlúdach ar Bhéising thar 16 lá.

Ba é tionscadal teicniúil ollmhór na bliana ná athfhorbairt príomhstiúideo na Nuachta Teilifíse. Bhí sé riachtanach dul i mbun na pleanála don tionscadal seo fiú síos go dtí an mionshonra ba lú mar gheall ar nádúr na nuachta, lena chinntiú go mbeadh an obair críochnaithe in am agus ar an gcostas ba lú agus leis an méid is lú a chur as do sheirbhísí. Críochnaíodh an obair thógála ar an ngailearaí i mí na Nollag in am agus laistigh den bhuiséad agus chuaigh an leagan amach stiúideo iomlán beo go luath in 2009.

Dúshláin Iomaíochais

Ba bhliain a bhí thar a bheith dúshlánach í an bhliain 2008 do Theilifís RTÉ ach bliain ar éirigh go maith leis an tseirbhís freisin. Lean an iomaíocht ag fás de réir mar a tháinig méadú os cionn 55% (Foinse: *AGB Nielsen Media Research – meán 2008)* faoi dheireadh na bliana ar líon na dtithe digiteacha i ndaonra na Teilifíse. Cé gur tháinig laghduithe beaga i sciar na feidhmíochta i dTithe Náisiúnta, d'éirigh go maith le Teilifís RTÉ sna timpeallachtaí is déine iomaíochais, le harduithe ar mbuaicphointí féachana i lucht féachana iomlán RTÉ i dtithe ina bhfuil Ilchainéil agus Cainéil Dhigiteacha araon.

D'fheidhmigh RTÉ go láidir sna 20 Clár Teilifíse ba mhó a raibh tóir orthu in 2008, le 19 as 20; 13 ar RTÉ One agus 6 ar RTÉ Two.

Athbhreithniú Oibriúcháin
Raidió RTÉ

Na 10 Clár Raidió Náisiúnta Lán-Seachtainiúla is Mó Tóir – Daoine Fásta 15+ Eanáir go Nollaig 2008

Rang	Clár	Stáisiún	Bloc Ama	Tréimhse	% Aimsiú	Líon Daoine Fásta 15+ (000idí)
1	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07:00-09:00	Luan-Aoine	12%	437
2	Liveline with Joe Duffy	RTÉ Radio 1	13:45-15:00	Luan-Aoine	11%	392
3	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Satharn	10%	355
4	News at One	RTÉ Radio 1	13:00-13:45	Luan-Aoine	10%	335
5	The Gerry Ryan Show	RTÉ 2fm	09:00-12:00	Luan-Aoine	9%	317
6	The Tubridy Show	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Luan-Aoine	9%	315
7	Today with Pat Kenny	RTÉ Radio 1	10:00-12:00	Luan-Aoine	9%	305
8	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Domhnach	8%	297
9	Playback	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Satharn	8%	282
10	Conversations with Eamon Dunphy	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Satharn	7%	257

Foinse: Joint National Listenership Research Surveys Ean – Nol 08 (TNS mrbi). Sroicheadh Bloc-Ama do Stáisiúin Thráchtála Náisiúnta.

Ba í an phríomhthosaíocht a bhí ag Raidió RTÉ in 2008 cur le rathúlacht na n-athruithe ar sceideal in 2006 agus 2007 agus leathnú a dhéanamh ag an am céanna, san áit a raibh sé indéanta, ar raon na seirbhísí a bhí á dtairiscint don phobal. Roimh deireadh na bliana, chuir RTÉ lyric fm méadú go dtí 4% ar a sciar don chéad uair ó bunaíodh an stáisiún. Tháinig méadú ar lucht éisteachta RTÉ Radio 1 feadh na bpríomhamanna sceidil i rith an lae agus bain naoi gclár amach áit san 10 gclár JNLR is mó a raibh tóir orthu. Bhí seacht gclár as na deich gclár dírithe ar an aoisghrúpa 15 go 34 agus bhí sé chlár as na deich gclár d'éisteoirí idir 20 agus 44 ar RTÉ 2fm. Ba í scóip uaillmhianach an aschuir nuálaigh seo an tsaintréith a bhain le feidhmíocht RTÉ Raidió na Gaeltachta.

RTÉ Radio 1

Lean RTÉ Radio 1 le hathruithe ar sceideal a tugadh isteach in 2006 a chomhdhlúthú le méadú ar an lucht éisteachta mar thoradh air sin. Áiríodh i measc na gclár forleathana ar ócáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta a craoladh le linn 2008:

- na laethanta deireadh roimh Reifreann Liospóin agus clúdach air
- Toghcháin Tosaigh agus an Toghchán i Stáit Aontaithe Mheiriceá
- láthair Chath na Bóinne á hoscailt ag an Taoiseach agus ag Céad-Aire Thionól Thuaisceart Éireann
- ceapadh an Taoisigh nua
- géarchéim na muiceola
- an cúlú i gcúrsaí airgeadais ar fud an domhain.

Le linn na gCluichí Oilimpeacha i mBeijing in 2008 clúdaigh RTÉ Radio 1 na príomhócáidí go léir ina raibh Éire rannpháirteach.

Rinneadh craoladh beo ar chlár speisialta thar oíche an t-achar is a bhí na cluichí ar siúl agus cuireadh ócáidí a raibh tábhacht ag baint leo amach ar na príomhchláir ar fad i rith an lae. Chomh maith leis sin clúdaigh RTÉ Radio 1 na príomhócáidí go léir ag na Cluichí Parailimpeacha ina raibh leas ag Éirinn.

De réir mar a chuaigh buiséid in olcas thart ar dheireadh 2008, bhí ar RTÉ Radio 1 ciorrú a dhéanamh ar chlúdach na *International Rules Series* san Astráil agus ciorrú a chur i bhfeidhm ar roinnt de na turnaimintí gailf idirnaisiúnta.

Ar sceideal 52 seachtaine de chláir Ghaeilge ar RTÉ Radio 1 áirítear cláir bunaithe ar nós *Buile Faoi Thuairim* agus *Scríobhnóirí faoi Chaibidil*, cláir nua ar nós *Cuisle na nEalaíon*, agus éagsúlacht cheoil agus gnéithe eile do *Sheachtain na Gaeilge*. Ina theannta sin craoladh sraith siamsaíochta thar thréimhse na Nollag lena raibh baint ag na Gaeltachtaí difriúla.

I measc roinnt tionscnamh ó roinn na nEalaíon, na nGnéchlár agus na Drámaíochta, áirítear *On the Fringe* - clúdach laethúil forleathan ar *The Dublin Fringe Festival* san Fhómhar, craoladh gréasáin beo agus craoladh digiteach fuaime (DAB) ar imeachtaí sainiúla.

Morning Ireland. Áine Lawlor agus Cathal MacCoille

Liveline le Joe Duffy

Sciar den Lucht Éisteachta Náisiúnta Raidió 2008



Foinse: Joint National Listenership Research Surveys Ean – Nol 08 (TNS mrbi)



TÁ RAIDIÓ RTÉ FÓS SA CHÉAD ÁIT*

*FOINSE: JOINT NATIONAL LISTENERSHIP RESEARCH SURVEYS EAN – NOL 08 (TNS MRBI)

Athbhreithniú Oibriúcháin
Raidió RTÉ (ar lean)

Bhí leabhar den teideal céanna ag dul le *Our War,* sraith Raidió le haitheantas a thabhairt do ról na nÉireannach sa Chéad Chogadh Domhanda, ina raibh aschuir tras-IBD le Teilifís agus le Raidió. Rinneadh é seo i gcomhpháirtíocht le hAcadamh Ríoga na hÉireann. Dáileadh CD den chlár faisnéise *The Diary of Leanne Wolfe,* ar a bronnadh Gradam Raidió Idirnáisiúnta ag na *Premios Ondas Awards* i mí Dheireadh Fómhair, ar gach scoil dara leibhéal sa tír.

RTÉ 2fm

Thosaigh na hathruithe sceidil a rinneadh in 2007 ag léiriú buntáiste in 2008, leis na cláir, *The Colm and Jim-Jim Breakfast Show, The Saturday Show* agus *The Gerry Ryan Show* ag cur lena lucht éisteachta.

Rinne RTÉ 2fm cothabháil ar a thiomantas i leith ceol beo a chraoladh. B' ionann clúdach an chainéil ar fhéilte ceoil an tsamhraidh agus 46 uaire craoltóireachta de cheol beo agus rinne an cainéal dúbhailt ar uaire craoltóireachta i ndáil le seisiúin sa stiúideo le bannaí ceoil óga ó Éirinn agus le coimisiúin ceol damhsa. Sheinn an *2moro2our* ag 11 ionad ar fud na tíre san Earrach, agus ag deireadh na bliana lorgaíodh daoine le tallann maidr leis an RTÉ 2fm *School of Rock,* tionscnaimh le bannaí nua a aithint. Chuir RTÉ 2fm os cionn 100 uaire an chloig de cheol beo ar fáil dá chomhchainéal digiteach RTÉ 2XM agus cuireadh agallaimh, seisiúin agus taifeadadh beo le os cionn 100 ceoltóir ar fáil Ar-Líne, cuireann sé sin go mór le clúdach féilte an tsamhraidh go háirithe.

Cuireadh tús le *Operation Transformation* ar *The Gerry Ryan Show* ar RTÉ 2fm agus ansin i gcomhpháirtíocht le Teilifís RTÉ agus le RTÉ.ie. Chuaigh an t-éileamh a bhí ar phodchraoladh i méid le linn na bliana le podchraolta de *Nob Nation, The Best of Colm and Jim-Jim* agus *The Gerry Ryan show* i réim sna cairt íoslódála.

Is é an dúshlán atá ann do RTÉ 2fm, fanacht mar an príomhstáisiún ceoil agus siamsaíochta do dhaoine óga idir 15-34 bliain d'aois i bhfianaise na hiomaíochta atá ann i gcónaí ó stáisiúin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Ní mór dó an treocht a leagan síos maidir leis na héisteoirí náisiunta sin, go háirithe, ní mór don chainéal cur lena sciar den lucht éisteachta i mBaile Átha Cliath, an margadh aonair is déine ó thaobh iomaíochta de sa tír.

RTÉ lyric fm

Shroich RTÉ lyric fm sciar náisiúnta do 4% faoi dheireadh 2008; tá os cionn 53,000 éisteoir ag a chlár drivetime tráthnóna *Classic Drive* gach aon lá. Tá RTÉ lyric fm fós ar an ardán craoltóireachta is tábhachtaí do Ghrúpaí Oirfide RTÉ in Éirinn agus thar lear araon trí mhalartú idirnáisiúnta ceolchoirmeacha an EBU. Cuireadh na *Coffee Concerts* nua, ina bhfuil RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ i láthair agus craoladh léirithe ón sraith *Celebrity and Orchestral,* an Cheolárais Náisiúnta. Rinne *Lyric Lunchtime* craoladh ar shéasúr eile de cheolchoirmeacha beo ón gCeoláras Náisiúnta ina raibh Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ araon.

Áirítear i measc roinnt de na hócáidí tábhachtacha ar RTÉ lyric fm, ceolchoirm *The Film Music of John Barry* i mí an Mheithimh agus an cumadóir é féin i láthair mar aoi speisialta, agus ceolchoirm agus taifeadadh ag an *Button Factory* i mBaile Átha Cliath faoi stiúir John Kelly ar éirigh thar barr leo. I gcomhar le *Opera Ireland* chuir RTÉ lyric fm léiriú ceolchoirme d'opera Balfe, *Falstaff* i láthair ina raibh ceoltóirí aonair, Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus an Cór Aireagail Náisiúnta i láthair sa Cheoláras Náisiúnta do thaifeadadh agus do chraoladh an CD araon.

I mí an Mheithimh 2008 reáchtáil RTÉ lyric fm fóram do Rostram Idirnáisiúnta na gCumdaróirí– fóram tábhachtach do chumadóirí ceoil nua; d'fhreastail toscairí ar léiriú beo opera an chumadóra Éireannaigh Gerald Barry, *La Plus Forte* le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ.

Bhí díomá ar RTÉ lyric fm go raibh orthu pleananna a chur ar ceal maidir le roinnt ceolchoirmeacha sa dara leath de 2008, bhí na ceolchoirmeacha seo le bheith ar siúl i gcomhar leis na cláir. Bhí na hócáidí seo leagtha amach le cur le feasacht an phobail faoi RTÉ lyric fm ach b'éigean iad a chur ar ceal mar gheall ar shrianta airgeadais sa cheathrú ráithe.

Áirítear ar na nuálachtaí le linn 2008 ceapeadh cumadóra chónaithe (Elaine Agnew) agus sraith *Live in HD* ó Opera Metropolitan Nua-Eabhrac a thabhairt go trí phictiúrlann i nDún Droma agus go Sord i mBaile Átha Cliath agus go Dún Garbhán i bPort Láirge. Seoladh sé CD in 2008 lena n-áirítear CD le ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 50 bliain ó fuair an soprán ó Chontae Mhaigh Eo Margaret Burke Sheridan bás.

Jenny Greene agus Jenny Huston, láithreoirí RTÉ 2fm, in éineacht le *The Coronas.*

Stiúideo RTÉ lyric fm i Cornmarket Square, Luimneach.

Uaire Raidió ar RTÉ de réir Seánra



Foinse: RTÉ
Nóta: Áirítear Reiligiún, Cláir do Dhaoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht sa Chatagóir "Eile"

Gearóid Mac Donncha, RTÉ Raidió na Gaeltachta, ag tráchtaireacht ar na comórtais cayacadóireachta ag na Cluichí Oilimpeacha i mBeijing.

Áine Ní Churráin, láithreoir *Barrscéalta* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, ag cur agallaimh ar Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, agus í ag comóradh aon bhliain déag ó insealbhaíodh ina hUachtarán í.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Bhí glacadh dearfach le sceideal 2008 RTÉ Raidió na Gaeltachta agus san áireamh ann bhí na hábhair seo a leanas a sheasann amach:

- Spóirt Náisiúnta agus Réigiúnacha agus clúdach forleathan ar na Cluichí Oilimpeacha i mBeijing
- Reifreann Liospóin lena n-áirítear an príomhchomhaireamh náisiúnta agus réigiúnach a chuir cuid maith den ábhar ar fáil don phainéal saineolaithe a bhí i gCasla le hanailís a dhéanamh ar Lá an Chomhairimh
- Clúdach *Oireachtas na Gaeilge* i gCorcaigh agus *Chomórtas Peile na Gaeltachta* ó Gleann Cholmcille, Co. Dhún na nGall
- Rinneadh clúdach ar Thoghchán Uachtaráin Stáit Aontaithe Mheiriceá tríd an Nuacht agus choinnigh iriseoirí an lucht éisteachta ar an eolas maidir leis na torthaí agus iad ag teacht isteach beo
- I measc na míreanna nua saoil áirítear an tsraith cócaireachta, *Bluirín Blasta* agus na cláir Ealaíon, *Dearc* agus *Léite Pléite*
- Cuireadh clár beo ar chúrsaí reatha, *Faoi Chaibidil*, le sceideal an Domhnaigh
- Thaisteal an Ródaí (stiúideo taistil) ar fud na tíre chuig na mórfhéilte ceoil traidisiúnta agus craoladh *Géill Slí* ar Anocht fm beo ó na Coláistí Samhraidh i gCiarraí, i nDún na nGall agus i nGaillimh.

Fuarthas maoiniú ó Chiste Fuaime agus Físe an BCI do thrí shraith nua, *Sloinne agus Seoladh, Eureuka!* agus *Amharclann na nÓg.*

Seoladh dhá CD dúbailte ar a raibh ceol agus amhráin a thaifeadaigh an tseirbhís ag Scoil Samhraidh *Willie Clancy* agus buaiteoirí *Chorn Uí Riada,* an comórtas sean-nóis a bhfuil an-tóir air. Seoladh an foilseachán, *Tar Éis a Bháis, Aistí ar Sheán Ó Ríordáin ag Oireachtas na Samhna* i gCorcaigh; is bailiúchán d'aistí a craoladh ar an tseirbhís 30 bliain tar éis bhás Seán Uí Ríordáin atá sa leabhar seo. Leantar le tiomantas an chainéil i leith podchraolta agus tá 33 clár ar fáil ar phodchraolta anois ó láithreán gréasáin Raidió na Gaeltachta.

Feidhmíocht agus Gníomhaíocht Tráchtála

Bhain Raidió RTÉ amach a fheidhmíocht tráchtála spriocdhírithe i rith na bliana. Tháinig méadú ar ioncaim ó am ar an aer, ó fhógraíocht, ó urraíocht agus ó na réitigh tras-mheán go léir. Tháinig méadú suntasach ar ioncaim ó roinnt earnálacha lena n-áirítear Miondíol, Cumarsáid, Mótair, Siamsaíocht, Taisteal, Bia agus Oideachas. Tháinig méadú ar Chomhpháirtíochtaí Fógraíochta freisin in 2008.

Ciallóidh seoladh roinnt stáisiún nua in 2008 agus tuilleadh stáisiún a bheith beartaithe do 2009, go bhfuil dúshláin iomaíochais i ndán dúinn i dteannta leis an gcúlú atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta agus go mbeidh bliain atá thar a bheith crua amach romhainn in 2009.

Athruithe Líonra

Chuir Brendan Balfe cláir speisialta i láthair an 24 Márta mar chomóradh ar dhúnadh sheirbhís Mheántoinne RTÉ Radio 1. Bhí idirchaidhreamh ann le grúpaí sóisialta agus cultúir le hathdhearbhú a dhéanamh ar thiomantas RTÉ i leith réimsí ar nós clár spóirt agus clár reiligiúin agus tugadh faoi fheachtas poiblíochta ar bhonn náisiúnta leis an lucht éisteachta a chur ar an eolas maidir leis an dúnadh agus maidir leis na bealaí eile gur féidir éisteacht le RTÉ Radio 1.

I mí Mheán an Fhómhair 2008, seol Raidió RTÉ a cheithre sheirbhís FM ar ardán an U.K. Freesat. Tá an t-ardán saor-go-haer seo ar fáil trí shatailít ar fud na Ríochta Aontaithe agus ar fud na hÉireann.

I dTuaisceart Éireann, mhalartaigh RTÉ minicíochtaí RTÉ Radio 1 agus RTÉ lyric fm, rud a chiallaigh go raibh glacadh a bhí feabhsaithe go mór maidir le RTÉ Radio 1 i limistéar cathrach Bhéal Feirste (ina bhfuil daonra de os cionn 600,000 duine).

Meáin Nua

Cuireadh go leor béim i rith na bliana ar sheachadadh ábhair ar bhealaí nua. Lean seachadadh ábhair ar an idirlíon, beo agus ar-éileamh araon ag ardú i measc an lucht éisteachta ag baile agus i measc lucht éisteachta go hidirnáisiúnta araon. Cuireann Raidió RTÉ raon leathan d'ábhar beo agus "éisteacht ar ais" ar fáil anois agus freastalaíonn thart ar 450,000 clos-sruth agus ar os cionn 600,000 podchraoladh gach mí.

I rith an tsamhraidh chuir RTÉ 2fm láithreáin ghréasáin ilmheán ar fáil d'fhéilte *Oxegen* agus *Electric Picnic* rud a tharraing léiriúcháin ceolchoirme cluaise, agallaimh físe agus grianghraif le chéile ar bhealach nuálach, spreagúil.

Chuaigh Raidió RTÉ beo le sceidil de shé sheirbhís raidió digiteach nua i mí na Nollag; orthu seo áirítear RTÉ Junior, an chéad chainéal raidió do leanaí sa tír. Tá na cainéil nua le fáil Ar-Líne agus ar sheirbhís thrialach DAB i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, san Oirthuaisceart, i gcathair Chorcaí agus i gcathair Luimnigh.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Clúdach Baile

Sa Nuacht agus Cúrsaí Reatha IBD bhí go leor den fhócas sa chéad chuid den bhliain ar chlaochlú polaitíochta lena n-áirítear éirí as gan choinne Bertie Ahern mar Thaoiseach; toghadh Bhrian Cowen mar Thaoiseach agus reifreann Chonradh Liospóin agus gach ar lean é. Sa dara cuid den bhliain ba é an ní ba mhó a bhí i gceist ná na hathruithe ollmhóra sna coinníollacha eacnamaíochta anseo sa bhaile agus thar lear – ó imeacht an Tíogair Cheiltigh go titim Lehman Brothers agus iarrachtaí an Rialtais déileáil leis an ngéarchéim eacnamaíochta anseo.

Ar na cláir speisialta bhí clúdach ar an Dr Ian Paisley ag oscailt oifigiúil láthair Chath na Bóinne agus an ionaid cuairteoirí agus Bertie Ahern i láthair an lá deiridh dó in oifig; toghadh Bhrian Cowen ina Thaoiseach sa Dáil; agus sochraid stáit an iar-Uachtaráin Pádraig Ó hIrghile.

Bhí clúdach beo níos faide ag baint le clár fheachtas Chonradh Liospóin agus Thorthaí an Reifrinn. Áiríodh ann pacáistí speisialta ó chomhfhreagraithe ar mhórcheisteanna a tháinig chun cinn le linn an fheachtais, díospóireachtaí beo agus anailís ó shaineolaithe ónár nEagarthóir Eorpach, Seán Whelan, a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath do na seachtainí deiridh den fheachtas.

Áiríodh ar na scéalta baile eile a clúdaíodh le linn na bliana achrann i measc díormaí i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath; dúnmharú an imreora rugbaí Shane Geoghegan mar gur ceapadh gur duine éigin eile é; roinnt trialacha dúnmharaithe mór-aird ar ár áiríodh ceann Brian Kearney, cásanna ailse nár aimsíodh in Inis agus i nGaillimh; na tuilte gan choinne i mí Lúnasa; agus dul i léig Pháirtí na nDaonlathach.

Clúdach Eachtrach

Bhí dhá mhór-imeacht i gceist thar aon ní eile i 2008 – toghchán an Uachtaráin sna Stáit Aontaithe agus na Cluichí Oilimpeacha i mBeijing. Sna Stáit Aontaithe chuir tuairiscí breise ó Charlie Bird ó bhonnláthair Barack Obama i Chicago leis an gclúdach toghcháin ónár gcomhfhreagraí i Washington Robert Shortt, agus bhí Myles Dungan i mbaile John McCain in Arizona. Chraol *Six One News* agus *Morning Ireland* roinnt clár speisialta as Washington agus áiteanna eile sna Stáit Aontaithe le linn thréimhse an toghcháin.

De bharr gur bhunaigh RTÉ bureau i mBeijing bliain roimh na Cluichí Oilimpeacha bhíothas in ann réamhobair a dhéanamh do na cluichí i mí Lúnasa le scéalta nuachta agus gnéthuairiscí ag teacht ónár gcomhfhreagraí Margaret Ward. Mar gheall ar an mbonnáit i mBeijing bhí RTÉ in ann gluaiseacht go tapa nuair a theastaigh clúdach a dhéanamh ar an gcrith talún mór i limistéar Sichuan i mí na Bealtaine.

Áiríodh ar na buaicphointí eile i 2008 clúdach Richard Downe ar an gcorraíl agus na toghcháin i Zimbabwe; tuairiscí Bhrian O'Connell as an bPacastáin nuair a maraíodh Benazir Bhutto agus na toghcháin ina dhiaidh sin agus scéal Gaza á thuairisciú ag Tony Connelly.

D'éirigh go maith le húsáid Prótacal Aistrithe Comhad (FTP) ó thaobh tuairiscí a fháil ó thar lear in 2008 – go minic ní raibh gá le satailít chostasach a úsáid. Baineadh úsáid as chun clúdach a fháil ó Bheijing, ón bPacastáin, ó Gaza agus ó Chicago agus do chlúdach Nuachta.

Prime Time

Bhí dhá shraith de *Prime Time Investigates* sa Bhealtaine agus i mí na Nollag. Sa Bhealtaine ba iad na ceisteanna a fiosraíodh ná an ghéarchéim sna seirbhísí cosanta leanaí agus leasa shóisialaigh atá againn; bulaíocht i measc déagóirí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus a gcuid bainistíochta ar sheirbhís sláinte na hÉireann agus an polasaí ó thaobh cosc domhanda ar dhrugaí atá ann faoi láthair. I mí na Nollag ba iad na ceisteanna ar tugadh aghaidh orthu ná dúshaothrú ar oibrithe inimirce in Éirinn; an Lucht Siúil agus caighdeán na seirbhíse do thomhaltóirí sa tír.

I mí an Mhárta, chraol *Prime Time* agallamh fada a rinne Comhfreagraí Coiriúlachta RTÉ Paul Reynolds le Gerard 'The Monk' Hutch, agallamh ar fhéach breis is 600,000 air agus bhain sciar lucht féachana de 45% amach; chuathas níos airde fós ó thaobh sciar lucht féachana i mí na Nollag nuair a dhírigh *Prime Time Investigates* ar an Lucht Siúil agus tharraing lucht féachana ag 773,000 agus sciar de 48%. Ba é sin an rátáil is airde don tsraith a bhfuil gradaim bainte amach aici ó tosaíodh í i 2003.

Nuacht RTÉ

Rinneadh atheagrú iomlán ar an tseirbhís atá bunaithe i mBaile na hAbhann i gConamara ó thaobh an tSeomra Nuachta in 2008. An chéad chéim de dhá chéim a bhí ansin le go ndéanfar Nuacht TG4 agus RTÉ a chraoladh as Conamara in 2009. Tá suiteáil ar uathchóras craolta nuachta iomlán curtha i gcrích.

Rinneadh iriseoirí físe lánaimseartha de chúigear iriseoir Nuachta in 2008. Ciallaíonn sé sin go n-oibríonn siad den chuid is mó astu féin, ní hamháin ag bailiú nuachta ach mar eagarthóirí físe agus ceamaradóirí freisin. Tá cuidithe aige sin le clúdach nuachta a leathnú go háiteanna mar larthar Chiarraí agus clúdach níos fearr in áiteanna eile mar Chill Dara agus Maigh Eo.

Rinne an pobal Spirasi i mBaile Átha Cliath óstú ar *Pobal Speisialta* 2008, pointe fócais agus soláthróir seirbhísí do phobail imirceoirí agus daoine ag lorg dídine. Chuir Eloho Egwuterai as an Nigéir agus Eibhlín Ní Choistealbha as Nuacht an clár i láthair le chéile.

Céad-Aire agus Leas Chéad-Aire Thuaisceart Éireann leis an Taoiseach Brian Cowen agus iad ag oscailt stiúideo nua RTÉ Bhéal Feirste i bhFoirgneamh an Lárphointe, Ascaill Ormeau.

Sna Stáit Aontaithe chuir tuairiscí breise ó Charlie Bird ó bhonnláthair Barack Obama i Chicago leis an gclúdach toghcháin ónár gcomhfhreagraí i Washington Robert Shortt, agus bhí Myles Dungan i mbaile John McCain in Arizona.

Bryan Dobson agus Sharon Ní Bheoláin

AN PHRÍOMHFHOINSE NUACHTA DO PHOBAL NA hÉIREANN



Athbhreithniú Oibriúcháin
Líonra RTÉ

Is fochuideachta in úinéireacht iomlán RTÉ é RTÉ Transmission Network Limited (RTÉNL) a sholáthraíonn seirbhísí Tarchuir Chraolta chuig gach craoltóir teilifíse agus raidió in Éirinn agus a chuireann ar fáil seirbhísí crann agus túir ar cíos chuig raon soláthróirí agus oibritheoirí seirbhísí teileachumarsáide.

Tríd is tríd lean an margadh do sheirbhísí cíosa crann agus túir ag fás ach tá sé fós an-iomaíoch de bharr líon ard de shuímh chrann agus túir a bheith ar fáil. Tá infrastruchtúr RTÉNL suite go príomha ag airde ard agus in áiteanna cúlráideacha nach mbíonn i gcónaí oiriúnach do theicneolaíochtaí a bhíonn ag teacht chun cinn, cinn mar 3G a éilíonn dlúthmhéid cille a bheadh áitiúil don tomhaltóir.

Tá seirbhísí Teilifíse Trastíre Analógach (ATT) gan athrú mar go dtiocfaidh Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) ina n-áit as seo go ceann cúig bliana.

Ioncam Tráchtála

Laistiar d'fhás in ioncam bhí ardú foriomlán seasta ar sheirbhísí feadh na margaí ar fad.

- Fuarthas roinnt custaiméirí nua sa mhargadh raidió réigiúnach agus áitiúil
- Stop an trial DTT a bhí á déanamh ag DCENR i Lúnasa 2008. Lean RTÉNL áfach ag rith ilphléasc amháin ag iompar ceithre sheirbhís teilifíse náisiúnta (RTÉ One, RTÉ Two, TV3 agus TG4)
- Leathnaíodh seirbhísí raidió Cluas Chraoladh Digiteach (DAB) go cathracha Chorcaí agus Luimnigh, ag deireadh na bliana áfach laghdaíodh an tseirbhís DAB go pléacs singil do chainéil raidió RTÉ. Shocraigh oibritheoirí raidió tráchtála gan leanúint ag craoladh faoi láthair; meastar go n-atosóidh seirbhísí tráchtala in 2009 nuair a bheidh an polasaí agus na socruithe ceadúnaithe cuí bunaithe do sheirbhís bhuan
- Rinne Craoladh Físe Digiteach–láimhe (DVB-H), sin Teilifís ar fhóin phóca, iontráil chuig margadh na hÉireann le roinnt tástálacha agus trialacha dearfacha i 2006. Lean na trialacha sin ó 2006 go dtí an dara leath de 2008. Tá triailsheirbhís DVB-H stoptha anois ach ba chóir go dtosófaí arís í i 2009 nuair a bheidh an polasaí agus na socruithe cuí bunaithe do sheirbhís bhuan

Bhí tionchar mór diúltach ag an gcinneadh éirí as raidió MW567 sa Mhárta ar ioncam. Bhí súil leis sin áfach mar cuireadh LW252 ar an aer in 2004 agus rinneadh athchóiriú iomlán air in 2006/7 le go gcuirfí seirbhís fadtonna níos fearr in áit MW567.

Ceisteanna Oibríochta

Tríd is tríd bhí fáil ó thaobh clúdaigh ar an gcóras do theilifís agus raidió inchomparáide le blianta roimhe sin, ag rith os cionn 99.9% do gach seirbhís raidió agus teilifíse náisiúnta.

Ba é an príomhdhúshlán oibríochta in 2008 éascú a dhéanamh ar shuiteáil infrastruchtúir do sheirbhísí DTT atá ag teacht chun cinn.

Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT)

Leagann an *tAcht Craolacháin (Leasú) 2007* ("an tAcht") síos an próiseas trína bhfeidhmeoidh Éire DTT agus casfar as dá bharr na comharthaí analógacha. Tá craoladh DTT roinnte idir DTT Seirbhíse Poiblí agus DTT Tráchtála. Cuireann an tAcht dualgas ar RTÉ ilphléacs Seirbhíse Poiblí amháin a sholáthar lena chinntiú go mbeidh fáil ar chainéil Éireannacha saor-go-haer agus cuireann an tAcht dualgas freisin ar Choimisiún Craoltóireachta na hÉireann (BCI) ceadúnú a dhéanamh ar DTT in Éirinn. I Márta 2008 reáchtáil BCI comórtas tairiscintí do thrí cheadúnas DTT Tráchtála agus bhuaigh Boxer DTT Limited, comhfhiontar idir Communicorp Group Ltd agus an t-oibritheoir teilifíse talún digiteach as an tSualainn Boxer TV-Access AB.

Tá freastal déanta ar shé ilphléacs DTT náisiúnta san Acht áfach ar chúiseanna fáil ar speictream, ní féidir ilphléacs cúig agus sé a bheith ann go gcasfar as an teilifís analógach.

Agus an t-alt seo á scríobh, thosaigh RTÉNL tógáil an infrastruchtúir riachtanaigh le héascú a dhéanamh ar sheoladh DTT in 2009 má bhíonn fonn ar RTÉ agus Boxer DTT Limited sin a dhéanamh.

Soláthraíonn DTT na buntáistí seo a leanas thar sheirbhís teilifíse analógach thraidisiúnta:

- Cainnéil Teilifíse Bhreise go huathoibríoch
  Laistigh de gach ilphléacs féadfar seachadadh a dhéanamh ar sheirbhísí teilifíse agus raidió. Meastar go bhféadfar idir ocht gcinn agus deich gcinn de chainéil teilifíse ard-deifinídeacha caighdeánacha (SD) a chur ar ilphléacs. Tá súil freisin go bhféadfar idir dhá chainéal ard-deifinídeacha (HD) agus trí cinn a chur ar ilpléacs (agus/nó comhdhéanamh de SD/HD éagsúla).
- Cainéil suibscríbhinne
  Beidh roinnt seirbhísí suibscríbhinne ar fáil chomh maith le seirbhísí saor-go-haer. Má bhíonn fonn ar dhuine den lucht féachana suibscríbhinne a thógáil amach beidh deis rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí teilifíse tiomanta lena n-áirítear cainéil spóirt, scannán, agus ceoil agus rochtain a fháil ar sheirbhísí a thabharfaidh deis don lucht féachana féachaint ar an ní is maith leo nuair is maith leo.
- Caighdeán níos fearr
  Cuirfidh DTT feabhas ar phictiúr agus fuaim teilifíse.
- Gnéithe Nua
  Áireofar i DTT liostuithe teilifíse ar-scáileán, pictiúr leathanscáileáin fíor, teileatéacs níos fearr agus idirghníomhú cnaipe dearg.
- Seirbhísí Rochtana
  Tá an poitéinseal ag baint le DTT gnéithe speisialta a chur ar fáil do dhaoine lena mbaineann maracha amhairc nó éisteachta m.sh. tuairiscí cluaise, súmáil scrín agus fotheidealú.

SEIRBHÍSÍ TARCHURTHA CRAOLACHÁIN

Athbhreithniú Oibriúcháin
Foilsitheoireacht RTÉ

RTÉ.ie

Lean an trácht chuig RTÉ.ie ag ardú agus bhí meán ABCe i nDeireadh Fómhair 2008 ag 55 milliún imprisean leathanaigh agus 2.3 milliún úsáideoir uathúil, agus sin ardú bliain ar bhliain de 42% agus 49% faoi seach. D'ardaigh trácht shruthaithe 157% go meán de 2.99 milliún sruth míosúil, ag teacht as an éileamh ar ábhar físe agus cluaise níos fearr atá ar fáil ar an suíomh. D'ardaigh líon na n-úsáideoirí uathúla ag dul isteach ar RTÉ.ie ó thaobh amuigh d'Éirinn ó 0.612 milliún go 1.1 milliún, rud a léiríonn go bhfuil RTÉ ag dul i ngleic níos mó agus níos mó le lucht féachana idirnáisiúnta.

Léirigh figiúirí JNIR don tréimhse Eanáir go Nollaig 2008 gurb ag RTÉ fós atá an láithreán gréasáin meáin is láidre. D'fhéach 25% d'úsáideoirí ar fad an idirlín in aois 15+ ar RTÉ.ie sna 12 mí atá imithe thart. Ó thaobh úsáideoirí seachtainiúla RTÉ.ie ba iad na deimeagrafaigh ba láidire ná 25-44 bliana agus ABC1, arb ionann iad agus 63% de na húsáideoirí.

Le linn 2008 cuireadh leis na suímh Nuachta agus Gnó ó thaobh ábhair agus doimhneachta. Ba iad na trí suíomh ba mhó don bhliain go sonrach ná Reifreann Liospóin, Buiséad 2009 agus Toghchán Uachtarán Mheiriceá. I ngach cás de na trí cinn baineadh leas as ábhar físe agus cluaise le dul i ngleic le lucht féachana ar bhealach nua agus nuálach.

Seoladh Céim 2 de *RTÉ News Now* i Meitheamh le cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus leathnaíodh an tsroichint go lucht éisteachta thar lear. Seoladh suíomh nua RTÉ.ie Money i nDeireadh Fómhair a dhírigh ar airgeadas tomhaltóirí. Chomh maith le cur le brandaí bunaithe tugadh isteach seirbhísí nua le stór ceoil íoslódála agus suíomh faisin (www.RTÉ.ie/fashion).

Ba í 2008 an bhliain spóirt ba ghnóthaí riamh i stair RTÉ.ie. Cruthaíodh láithreán gréasáin tiomanta do *The Six Nations*, Craobhchomórtais CLG, Euro 2008 agus Cluichí Oilimpeacha Beijing. Tugadh isteach roinnt feabhsúchán freisin ar láithreán gréasáin RTÉ Spórt. Seoladh GAA Media Player mar chuid den láithreán gréasáin tiomanta do Chraobhchomórtas CLG i mí na Bealtaine ina raibh sruthú beo comhuaineach d'aschur Teilfíse RTÉ agus Raidió RTÉ ar Chraobhchomórtais CLG. D'óstaigh GAA Media Player ar RTÉ.ie 12 cluiche beo ar an ngréasán leis féin le linn na gCraobhchomórtas. Le linn na gCluichí

Meánlíon imprisean leathanach ar RTÉ.ie in aghaidh na míosa (milliúin)



Foinse: RTÉ

Oilimpeacha i mí Lúnasa bhí úsáideoirí in ann féachaint ar shé cinn comhuaineacha de fídeanna físe beo as Beijing. Ghin láithreán gréasáin RTÉ.ie, *Olympics 2008*, beagnach 7 milliún imprisean leathanaigh agus os cionn 1 milliún sruth.

Is é RTÉ.ie atá fós chun cinn sa mhargadh ó thaobh fógraíochta príomhbhrandaí. D'ardaigh ioncam tráchtála i margadh atá ag cúngú 12% bliain ar bhliain agus tarraingt go tráchtálach ar phríomhshuímh fheabhsaithe.

RTÉ Guide

Is í an *RTÉ Guide* fós an iris is mó a dhíolann in Éirinn le cúrsaíocht dheimhnithe ABC aici de 94,822 (foinse: *ABC Island of Ireland Report Ean-Nol 2008*). D'fhás an líon léitheoirí 23% go 437,000 daoine fásta (foinse: *TGI 2008*) agus choinnigh an *RTÉ Guide* breis is 75% de sciar an mhargaidh d'irisí Liostuithe Teilifíse in Éirinn. In 2008, d'fhás díolacháin an *Christmas RTÉ Guide* 4.2% ó 2007, toradh an–suntasach i gcomhthéacs an chúlra eacnmaíoch.

Leis an treá digiteach anois ag 55% de thithe tá aghaidh tugtha ag an *RTÉ Guide* ar an éileamh ar liostuithe digiteacha agus cuirtear béim níos mó fós ar ábhar mion a bhaineann leis an teilifís ar líon mó níos mó cainéal. Gníomhaíodh an straitéis chun breis rannpháirtíochta agus úsáid léitheora a spreagadh trí thionscnaimh eagarthóireachta agus chur chun cinn agus níos mó láithreachais ag imeachtaí lasmuigh (m.sh. *2008 National Ploughing Championships* i gCill Chainnigh, taispeántas *Off the Rails*).

Lean an láithreán gréasáin is mó in Éirinn ag fás in 2008. D'ardaigh líon na n-úsáideoirí uathúla ó 1.6 milliún in 2007 go dtí 2.3 milliún in 2008, agus d'ardaigh lorg leathanaigh ó 39 milliún go dtí 55 milliún.

Mhéadaigh díolacháin an *RTÉ Guide* na Nollag 4.1% ar an mbliain roimhe sin, dhíol os cionn 410,000 cóip.

RTÉ.IE

48 MILLIÚN

IMPRISEAN LEATHANACH IN AGHAIDH NA MÍOSA

Athbhreithniú Oibriúcháin
Foilsitheoireacht RTÉ (ar lean)

Meánlucht léitheoireachta dhaoine fásta náisiúnta 15+ d'irisí Éireannacha in aghaidh an eagráin (000aidí)



Foinse: TGI. Tá an sainmhíniú ar lucht léitheoireachta bunaithe ar léite nó feicthe.

Chruthaigh an *RTÉ Guide* CD Rom idirghníomhach *Zoo Island* dírithe ar thuismitheoirí le leanaí 6 -10 bliana agus ghin an feachtas 2,000 díolachán breise don eagrán ar eisíodh in éineacht leis é. Tá daingniú déanta freisin ag tionscnaimh Tras–IBD mar CD *Easy Irish!* agus urraíocht ar *Tubridy Book Club* ar an teachtaireacht branda. Tá leibhéil úsáide ardaithe go 51% ó 46% i measc daoine fásta 15 + (foinse: *RTÉ Brand Health Tracking* – Amárach, 2007 - 2008.)

Tá cuidithe ag tionscnaimh tras-ardán le léitheoirí ar ábhar *RTÉ Guide* ar-líne agus teileafón póca. Ghin *RTÉ Guide* ar-líne www.rteguide.ie os cionn 450,000 imprisean leathanaigh agus tá 115,000 úsáideoir uathúil aige. Tá fíorthábhacht le ceannach cóipeanna clóite fós agus leanfaimid i bpáirtíocht lenár gcuid miondíoltóirí trí réitigh taispeántas nua a thabhairt isteach agus ár seirbhís ghlaoite a ardú 50% chuig príomhmhiondíoltóirí. Mar thoradh ar straitéis chomhleanúnach díolachán díreach le hardú a chur an líon suibscríbhinní don iris d'ardaigh díolacháin suibscríbhinne 80%.

Agus an margadh clóite ag cúngú bliain dhúshlánach a bhí in 2008 ó thaobh fógraíochta sa *RTÉ Guide.*

RTÉ Aertel

In 2008 leanadh ar aghaidh le straitéis il-ardán RTÉ agus an tseirbhís ar fáil ar thrí ardán: analóg, greásán agus soghluaiste. Ba é aidhm na straitéise sin comhdhlúthú a dhéanamh ar RTÉ Aertel mar phríomhseirbhís eolais na hÉireann agus cur leis na deiseanna tráchtála. Tá os cionn 1.8 milliún úsáideoir teileatéacs analógach* ag RTÉ Aertel agus meán de 600,000 úsáideoir Ar-Líne a ghineann 5.2 milliún imprisean leathanaigh in aghaidh na míosa. Ghin suíomh gluaiste RTÉ Aertel meán de 446,065 imprisean leathanaigh in aghaidh na míosa.**

D'fhorbair Foilsitheioreacht RTÉ seirbhís téacs dhigiteach le húsáid ar ardáin teilifíse digiteacha. Tá curtha ag an tseirbhís téacs digiteach le grafaicí, pictiúr-i-bpictiúr, agus idiréadan éasca le deis a thabhairt do lucht féachana dul trí leathanaigh go réidh. Baineadh trial as leagan trialach den seirbhís téacs digiteach le linn píolóta DTT de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha: bhí teacht ag painéal úsáideoirí ar an tseirbhís agus thug aischothú dearfach ar dhearadh agus seoltóireacht.

Cineál teilitéacs a úsáidtear i ngach teaghlach in Éirinn a úsáideann teileatéacs



Foinse: AGB Nielsen Media Research Establishment Surveys

* *Behaviour and Attitudes* 2008

** Staitisticí Inmheánacha RTÉ

Chuir fáil il-ardán RTÉ Aertel le deiseanna tráchtála agus d'éirigh leis seirbhísí agus fógraíocht do Aertel a chur ar fáil feadh ar-líne, teileatéacs agus soghluaiste. Ar na seirbhísí nua a tugadh chuig RTÉ Aertel bhí Liostuithe Postanna agus Maoine.

D'fhás úsáid phríomhsheirbhís nuachta na hÉireann go suntasach in 2008. D'ardaigh an líon leathanach ar bhreathnaigh daoine orthu ó 9 milliún in 2007 go dtí breis is 11 milliún in 2008. D'ardaigh líon na n-úsáideoirí uathúla ó 680,000 go dtí 852,000.

Bhí tóir sheasta ar láithreán gréasáin *Tubridy Tonight* i measc úsáideoirí.

Sholáthair láithreán na *gCluichí Oilimpeacha* ar RTÉ.ie sreabha físe agus fuaime beo ar na Cluichí a thug deis d'úsáideoirí féachaint ar cibé imeacht a roghnaigh siad. Ghin na Cluichí Oilimpeacha líon leathanach de bheagnach 7 milliún de réir mar a lean úsáideoirí Éireannacha dul chun cinn fhoireann na hÉireann i mBeijing.

Cuireadh tús le triail theicniúil do *RTÉ Player*, seirbhís choinneáil suas Theilifís Ghréasáin, i mí na Nollag 2008 agus seoladh é in Aibreán 2009.

Ábhar

Rinneadh comhdhlúthú ar ábhar líonra soghluaiste agus sholáthair RTÉ buaicphointe de Chraobhchomórtais CLG do chustaiméirí Vodafone le fóin phóca 3G. Faoi dheireadh na bliana bhí tairisicint déanta ag RTÉ.ie ar bhreis is 100 clár de chuid Raidió RTÉ le híoslódáil mar phodchraolta a chlúdaigh Nuacht, Spórt, Siamsaíocht, Oideachas, Gnéchláir Staire agus Doiciméadach/Gnéchláir. Ghin na cláir sin meán de 700,000 íoslódála cluaise in aghaidh na míosa. Cuireadh íoslódála físe le podchraolta de *Fair City* ina raibh buaicphointí agus réamhamhairc ar eipeasóíd a bhí le teacht.

Sholáthair Foilsitheioreacht RTÉ réamhfhógraí SMS feadh *Breaking News* agus Scéalta Gnó. Sholáthair Nuacht Siamsaíochta, leidí rása agus nuacht ó imeachtaí (m.sh. réamhfhógra *6 Nations*); d'ardaigh an lion lucht suibscríbhinne chuig na seirbhísí sin os cionn 70% le linn na bliana.

Idirghníomhú Clár agus Comórtais

D'fhorbair agus bhainistigh an fhoireann Idirghníomhaithe Clár agus Comórtas seirbhísí SMS agus Seirbhísí guth-fhreagra idirghmíomhach (IVR) do bhreis is 120 clár feadh ardáin RTÉ Teilifís, RTÉ Raidió agus Foilsitheioreacht RTÉ. Díreach faoi 10 milliún teachtaireachtaí SMS agus IVR a gineadh ag an bhfoireann Idirghníomhaithe Clár agus Comórtas agus a gcuid seirbhísí in 2008 le breis is 2,000 socrú imeacht idirghníomhaithe aonair ag teastáil chun an t-idirghníomhú lucht éisteachta, ar coriarracht é, a bhaint amach.

Tharla iniúchadh ar bhainistiú sheirbhísí SMS/IVR le linn na bliana lena chinntiú gur coinníodh rialachas corparáide cuí ó thaobh comórtas príomhráta a sholáthar.

Forbairt Tras-Ardán

Chuidigh Foilsitheioreacht RTÉ le forbairt tionscnamh Tras-Mheán laistigh de RTÉ chomh maith le leathnú a chur ar shroichint cliant feadh RTÉ.ie, RTÉ Aertel agus an *RTÉ Guide.*

D'fhorbair Foilsitheioreacht RTÉ *media player* comhtháite i bhfoirm seirbhís theilifís ghréasáin coinnigh-suas le cur le deiseanna do lucht éisteachta RTÉ féachaint ar chláir RTÉ Teilifís tar éis dháta an chraolta. Thosaigh trial theicniúil dhúnta i mí na Nollag 2008. Cuireann an *media player* suas le 70 uair a chloig de chláir Theilifíse ar fáil gach seachtain do thréimhse coinnigh-suas de thart ar 21 lá.

Athbhreithniú Oibriúcháin
Grúpaí Oirfide RTÉ

Cláir

In 2008, chuir Grúpaí Oirfide RTÉ (PGanna) 231 ceolchoirm bheo agus imeacht i láthair 170,000 duine ó 5 bliana d'aois ar aghaidh. Ar bhuaicphointí Cheolfoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ (RTÉ NSO) bhí ceolchoirm ceiliúrtha 60 bliain na ceolfoirne a raibh premiere *Cuchalainn and Ferdia – Duel at the Ford* (le John Kinsella) mar chuid de; láncheolchoirm shaor in aisce mar pháirt de *Culture Night;* an tsraith *Symphony Sessions* de chuid Theilifís RTÉ le Barry Douglas; ceolchoirmeacha caife ag an gCeoláras Náisiúnta (NCH) a thabhairt isteach; ócáid iontach le John Barry (le RTÉ lyric fm) ag an NCH agus dhá cheolchoirm iontacha cóir le Cór Fiolarmónach RTÉ – *Requiem* Berlioza agus *Creation* Haydyn á stiúradh ag Gerhard Markson. Tharraing dara cónaitheach RTÉ NSO i nDún na nGall 4,000 duine chuig ceolchoirmeacha agus ceardlanna agus, ag an deireadh, ceolchoirm roinnte breá idir an ceolfoireann agus Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.

Cheiliúir Ceolfhoireann Choirme RTÉ (RTÉ CO) 60 bliain ar an bhfód in 2008. Thosaigh siad sraith ar éirigh go breá léi *Signature Series* ón NCH le taibhithe iontach mar Katherine Jenkins, Lesley Garrett agus Haley Westenra. Chlúdaigh an RTÉ CO, leis an bpríomhstiúrthóir David Brophy, raon suntasach repertoire agus dhoimhnigh John Wilson a chaidreamh le ceoltóirí trí cheolchoirmeacha breátha lena n-áirítear *Gotta Dance* agus *The Gershwins in Hollywood.* Thug RTÉ CO faoi éagsúlacht mhór ceoil ó *Falstaff* Balfe (taibhiú ceolchoirme agus eisiúint tráchtála le Opera Ireland agus RTÉ lyric fm), Duke Special, Curtis Stigers Andrew Lloyd Webber agus Cleo Lane agus Johnny Dankworth. D'éirigh Gareth Hudson as mar Leas-Stiúrthóir RTÉ CO agus tháinig John Wilson chun bheith ar an gcéad Phríomh-AoiStiúrthóir le linn na bliana.

Chuaigh an RTÉ Vanbrugh Quartet ar turas chuig áiteanna éagsúla lena n-áirítear Russborough House, An Móta, An tSruthail (An Ómaigh) agus an Pavilion Theatre, Dún Laoghaire. Bhi Cór na nÓg RTÉ gnóthach i gceolchoirmeacha agus feadh ardáin éagúla RTÉ. Sa *RTÉ Living Music Festival* (LMF) bhí an cumadóir as an Eastóin Arvo Part agus líon sé an teach do na sé cheolchoirm i mBaile Átha Cliath; chomh maith leis sin bhí an animateur cáiliúil Paul Rissmann ag tabhairt ionspioráide do mhic léinn ó DIT agus RIAM le saothar 15 nóiméad a chumadh agus a chur i láthair mar fháilte chuig Arvo Part ag oscailt 2008 LMF.

Chuir RTÉ PGanna naoi premiere domhanda i láthair ó na cumadóirí Éireannacha- Roger Doyle, Ronan Guilfoyle, David Fennessy, Jane O'Leary, Jerome de Bromhead, John Kinsella, Stephen Gardner agus John McLachlin.

Oibríocht

Tugadh isteach sraith de thionscnaimh bhainistíochta torainn in dhá cheolfhoireann RTÉ agus d'éirigh le rolláil amach tionscadal le comhdhlúthú agus bainistíocht a dhéanamh ar leabharlann lámhscríbhinní ceoil RTÉ CO. Tugadh faoi thaighde tábhachtach ar an lucht féachana i réimse struchtúr praghsanna agus tugadh chun críche é.

Ioncam Tráchtála

Tharla fás ó thaobh freastail agus ó thaobh díolachán ticéid phromóisin RTÉ féin in 2008. Bhí ioncam tráchtála 3% chun cinn ar an mbuiséad agus 15% chun cinn ar fhigiúr ioncaim 2007. B'fhorbairt a raibh fáilte roimpi urraíocht BT ar RTÉ CO's *Signature Series* agus Ceolchoirmeacha Teaghlaigh agus lean IMRO agus Anglo Irish Bank lena n-urraíocht ar *RTÉ Living Music Festival* agus *RTÉ NSO Subscription Season* faoi seach.

Dúshláin Iomaíochais

Baineann dúshláin ghnó tráchtála móra feadh na sruthanna ioncaim ar fad le brú is dóigh ar thabhairt isteach agus sruthanna urraíochta in 2009. Tá margadh níos iomaíche fós roimh RTÉ PGanna agus ní mór ceapacháin a dhéanamh i bpríomhphoist ealaíon agus bainistíochta sa RTÉ NSO.

Gníomhaíochtaí Oideachais Ghrúpaí Oirfide RTÉ



Gníomhaíochtaí ceoil comhaimseartha Ghrúpaí Oirfide RTÉ



Príomhfhliúiteadóir Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ Catriona Ryan agus í ag cónaitheacht na ceolfhoirne i nDún na nGall in 2008.

Katherine Jenkins agus Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ i gcomhar le *BT Ireland,* Mí na Samhna 2008. Creidiúint Ian Oliver.

Lucht Éisteachta Ghrúpaí Oirfide RTÉ (agus Léirithe)

	2008 Lucht Éisteachta	2008 (Léirithe)	2007 Lucht Éisteachta	2007 (Léirithe)
Aoi Ensembles	1,176	(3)	2,004	(7)
Cóir RTÉ	2,239	(8)	2,336	(7)
VQ RTÉ	3,479	(30)	3,617	(30)
Oideachas: CO RTÉ	19,987	(22)	24,065	(22)
Ginearálta: CO RTÉ	69,853	(83)	58,734	(80)
CO RTÉ	89,840	(105)	82,799	(102)
Cór Fhiol/ NSO RTÉ	6,211	(6)	3,966	(3)
Oideachas: NSO RTÉ	16,462	(17)	17,715	(20)
Ginearálta: NSO RTÉ	51,104	(62)	55,116	(64)
Iomlán: NSO RTÉ	67,556	(79)	72,831	(84)
Iomlán: Oideachas	36,449	(39)	41,780	(42)
Iomlán: Ginearálta	134,062	(192)	125,773	(191)
Foriomlán	170,511	(231)	167,553	(233)

CEILIÚRANN CEOLFHOIRNE RTÉ 60 BLIAIN



Athbhreithniú Airgeadais

Foriomlán

Toradh meá ar mheá a bhí ag RTÉ do 2008 ag déanamh Ghlanbharrachas €0.03 milliún Tar Éis Cánach (2007: €26.4 milliún) bunaithe ar Ioncam €441 milliún (2007: €441 milliún) agus a léiríonn meath mear sa dara leath den bhliain ar an ioncam tráchtála.

Creat Léirmhínithe

Tá tionchar ag dhá ní go sonrach ar léirmhíniú fheidhmíocht airgeadais RTÉ a bhaineann le Scéim Aoisliúntais RTÉ (iontaobhas scéime pinsean sochair shainithe, ranníocach, ceirde, maoinithe atá urraithe ag RTÉ agus nár ligeadh aon fhostaí rannpháirteach nua isteach ann ó 1989):

1. De réir Chaighdeáin Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS), léirítear dliteanais iontaobhas scéime pinsean Sochair Shainithe ar leithligh i Ráitis Airgeadais urraitheoir na scéime ar bhealach comhchosúil le Fiachas (arna thomhas trí thagairt do rátaí Bannaí Corparáide). I gcás RTÉ tá dliteanais Scéim Aoisliúntais RTÉ níos mó ná cúig oiread Glansócmhainní tuairiscithe RTÉ agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh méid na heaspa cóimheá seo isteach ar thuiscint chiallmhar ar fheidhmíocht airgeadais bhunúsach oibríochtúil RTÉ. Dá bharr sin tá an tráchtaireacht rannáin thíos bunaithe ar thorthaí an Ghrúpa gan an glanioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe a eascraíonn as na sócmhainní agus dliteanais laistigh den Scéim a bheith san áireamh.
2. Tá sé deimhnithe ag achtúirí Scéim Aoisliúntais RTÉ amhail an 31 Nollaig 2008 nár éirigh leis an scéim "an tÍoschaighdeán Maoinithe" (M.F.S.) a chomhlíonadh mar a éilítear faoi *Acht na bPinsean, 1990.* Athraíonn méid chinnte an easnaimh arna mheasadh ag na hAchtúirí ó lá go lá agus braitheann sí ar na boinn tomhais ar leithligh a mbaintear feidhm astu:

M.F.S.	€84.2m
Maoiniú Achtúireach Fadtéarmach	€102.3m
Luacháil Chuntasaíochta IFRS	€86.6m

Ní féidir le cruth, achar agus cineál an ualaigh airgeadais fhadtéarmaigh a leagtar ar RTÉ (agus ar fhostaithe rannpháirteacha) faoin reachtaíocht reatha, ón easnamh a chur i gceart, a aithint go hiomlán go gcuirfidh Iontaobhaithe na Scéime togra maoinithe agus amchlár faoi bhráid an Bhoird Pinsean lena gceadú, rud a chaithfear a dhéanamh faoi Mhí an Mheithimh 2010. Tá seo faoi fhriosrú faoi láthair.

Torthaí na Rannán

Chuir na rannáin chomhtháite gnó (IBD) agus an Ceannáras (HQ) le toradh na bliana mar seo a leanas:

	2008 €m	2007 €m
Teilifís	**(17.28)**	10.15
Raidió	**2.76**	2.66
Nuacht agus Cúrsaí Reatha	**(2.75)**	(2.65)
Grúpaí Oirfide	**0.00**	0.00
Líonra	**6.11**	5.52
Foilsitheoireacht	**(2.06)**	(0.98)
Ceannáras Corparáideach	**(2.53)**	(4.34)
Coigeartuithe Comhdhlúthaithe	**0.60**	3.04
Fo-Iomlán	**(15.15)**	13.40
Glanphinsean Sochair Shainithe		
Ioncam Airgeadais Gaolmhar	**5.72**	16.18
Cáin Ioncaim	**9.46**	(3.15)
Barrachas don bhliain	**0.03**	26.43

Ioncam Tráchtála

I ndiaidh tús sásúil, tháinig laghdú mear ar Ioncam Tráchtála ar theacht an chúlaithe sa dara leath den bhliain. Bhí laghdú foriomlán €5.6 milliún (2¼%) ar Ioncam Tráchtála in 2008:

	€m
Fógraíocht Teilifíse	-7.8
Fógraíocht Raidió	+1.1
Réimsí eile	+1.1
Gluaiseacht Bhliain ar Bhliain	-5.6
Ioncam Tráchtála 2007	245.5
Ioncam Tráchtála 2008	239.9

"Toradh meá ar mheá a bhí ag RTÉ do 2008."

"Is seirbhísí poiblí iad, ar bhealach, an chuid is mó de ghníomhaíochtaí RTÉ ach sáraíonn na costais a bhaineann leis na seirbhísí seo a sholáthar méid an Mhaoinithe Phoiblí a fhaightear. Mar thoradh air sin, tá RTÉ ag brath ar Dhéchóras Maoinithe idir Phoiblí agus Tráchtála agus téann sé i mbun gníomhaíochtaí tráchtála chun an t-easnamh sa mhaoiniú poiblí a fhaightear a líonadh."

Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Is í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) a bhailíonn an t airgead atá dlite ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) (i ndáil le ceadúnais teilifíse "saor in aisce") agus An Post (an t-aon ghníomhaire atá ag an Aire le ceadúnais teilifíse a dhíol leis an bpobal). Íocann DCENR deontas i gcabhair de shuimeanna oiriúnacha le RTÉ.

Bhí ardú €5.2 milliún (2.7%) san Ioncam iomlán ón gCeadúnas Teilifíse in 2008 mar a choimrítear thíos:

	€m
Ardú ar Líon na gCeadúnas Teilifíse a Díoladh	+5.2
Ardú ar phraghas aonaid an Cheadúnais Teilifíse	0.0
Gluaiseacht Bhliain ar Bhliain	+5.2
Ioncam ón gceadúnas 2007	195.7
Ioncam ón gceadúnas 2008	200.9

Tá leibhéal bunúsach na himghabhála ar an Táille Ceadúnais an-ard i gcónaí i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta, agus measann RTÉ nach bhfuil ceadúnas bailí teilifíse ag thart ar 14% de na teaghlaigh lena mbaineann i bPoblacht na hÉireann.

Leithdháileadh Ioncam Ceadúnais a fuair RTÉ i 2008

RTÉ One	40.9%
RTÉ Two	24.5%
RTÉ Radio 1	9.9%
RTÉ lyric fm	4.0%
RTÉ RnaG	7.5%
Tacaíocht tugtha do TG4	5.5%
Grúpaí Oirfide	7.7%



Foinse: RTÉ

Leithdháileadh agus úsáid na Táille Ceadúnais

Is seirbhísí poiblí iad, ar bhealach, an chuid is mó de ghníomhaíochtaí RTÉ ach sáraíonn na costais a bhaineann leis na seirbhísí seo a sholáthar méid an Mhaoinithe Phoiblí a fhaightear. Mar thoradh air sin, tá RTÉ ag brath ar Dhéchóras Maoinithe idir Phoiblí agus Tráchtála agus téann sé i mbun gníomhaíochtaí tráchtála chun an t-easnamh sa mhaoiniú poiblí a fhaightear a líonadh.

Ní fhaigheann RTÉ airgead iomlán na dTáillí Ceadúnais a bhailíonn DCENR agus féachtar le léiriú sa tábla thíos, mar sin, mar a úsáideadh gach Táille Ceadúnais Teilifíse in 2008:

Mar a Úsáideadh gach Táille Ceadúnais Teilifíse a Bailíodh

	2008 €	2007 €
RTÉ One	**58.44**	60.12
RTÉ Two	**35.01**	31.47
Teilifís RTÉ	**93.45**	91.59
RTÉ Radio 1	**14.19**	14.64
RTÉ RnaG	**10.74**	10.02
RTÉ lyric fm	**5.79**	5.68
Raidió RTÉ	**30.72**	30.34
Grúpaí Oirfide RTÉ	**11.02**	10.89
Gníomhaíochtaí RTÉ	**135.19**	132.82
	84%	84%
Tacaíocht RTÉ do TG4	**7.92**	8.34
Ciste Craoltóireachta BCI	**7.53**	7.40
Costais bhailiúcháin - An Post / DCENR / DSFA	**9.36**	9.44
Gníomhaíochtaí Neamh RTÉ	**24.81**	25.18
	16%	16%
Meánchostas le Ceadúnas Teilifíse [1]	**160.00**	158.00

[1] Ardaíodh an Táille Ceadúnais ó €158 go dtí €160 ó 1 Eanáir 2008.

Sa phíchairt faoi iamh (ar chlé), léirítear achoimre ar leithdháileadh ioncaim RTÉ ón Tháille Ceadúnais a d'úsáid RTÉ chun cur le maoiniú na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí arna ndéanamh ag RTÉ in 2008.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Costais Oibriúcháin

Bhí ardú €30.3 milliún (7%) in 2008 ar na Costais Oibriúcháin agus gníomhaíochtaí a bhí beartaithe, mar a choimrítear thíos:

	€m
Ardú ar chostas agus ar mhéid na gClár Dúchasach	+20.9
Arduithe ar chostas agus ar mhéid na gClár Eachtrach	+0.7
Ardú ar chostais ghinearálta chraolacháin	+5.7
Ardú ar chostais neamh chraolacháin	+1.6
Laghdú ar chostas Díolacháin	-0.3
Tosca eile	+1.7
Ardú Bliain ar Bhliain	+30.3
Costais oibríochta 2007	+430.2
Costais oibríochta 2008	+460.5

Agus cúinsí eacnamaíochta ag éirí i bhfad níos laige feadh 2008, rinneadh iarracht shuntasach leis an tionchar carntha a d'eascair as raon leathan brúnna costais a laghdú (agus tionchar a bhí ag méadú) agus lena chinntiú nach mbeadh easnamh ann.

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht laghduithe costas seo rinneadh coigilteas substaintiúil a mbeidh sochar bliana iomláine ann dá bharr in 2009 agus as sin amach. Ina dhiaidh sin, áfach, go luath in 2009 tháinig laghdú ar ioncam tráchtála ar ráta níos mire fós agus beidh gá le hathchóiriú agus le gearradh siar ar chostais mar thoradh air in 2009 ar leibhéil i bhfad níos mó ná mar a síleadh roimhe.

Líon na bhfostaithe

Bhí 2,351 (2007: 2,307) fostaí ann an 31 Nollaig 2008 ar fostaithe páirtaimseartha nó ócáideacha 358 (2007: 358) díobh.

Cánachas

I mí na Samhna 2006, chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl do RTÉ go mbeadh Ioncam ón Táille Ceadúnais Teilifíse faoi réir cáin chorparáide le héifeacht ó 1 Eanáir 2007. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim iarracht chúlghabhálach freisin an cead a dhiúltú chun cailliúintí stairiúla a d'eascair an 31 Nollaig 2006 nó roimhe a thabhairt ar aghaidh. Chuir RTÉ ina aghaidh sin.

Thángthas ar shocrú i Mí na Nollag 2008 inar dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim cead cailliúintí a thabhairt ar aghaidh ab ionann agus €574 milliún an 31 Nollaig 2006. De bharr an tsocraithe seo eascraíonn creidmheas cánach is ionann agus thart ar €9 milliún in 2008, a mbaineann an cion is mó de le fuascailt na bhforálacha cánach a d'eascair i mblianta eile roimhe sin.

Sreabhadh Airgid

B'ionann agus €18.4 milliún Sreabhadh Airgid Oibríochta RTÉ in 2008 (2007: €31.2 milliún) a tháinig ó ghnáthghníomhaíochtaí oibríochta agus a thagann leis an toradh foriomlán.

B'ionann agus €68.3 milliún an t-airgead agus an choibhéis airgid ar láimh an 31 Nollaig 2008 agus bhí dliteanais fritháirimh ann a d'eascair faoi seanscéimeanna iomarcaíochta nó luathscoir ab ionann agus €16.3 milliún.

Ag féachaint do na brúnna eacnamaíochta a tharla sa cheathrú dheireanach de 2008 agus a lean ar aghaidh go 2009, tá aird ar leith á tabhairt in 2009 lena chinntiú go ndéanfar a ndótháin airgid chun inmharthanacht na heagraíochta a chaomhnú amach anseo.

Caiteachas Caipitil

B'ionann agus €51.4 milliún caiteachas iomlán caipitil RTÉ in 2008 (2007: €19.1 milliún).

Dhírigh roinnt de chuspóirí pleanála straitéiseacha RTÉ do 2008 ar bhainistíocht leanúnach ar roinnt tionscadal caipitil suntasacha ilchasta fadtéarmacha. Cruthófar dúshláin shuntasacha acmhainne airgeadais de bharr na dtionscadal thíosluaite go háirithe, i bhfad thar a bhfaca RTÉ le 25 bliain anuas:

- DTT (Teilifís Dhigiteach Trastíre) - Infrastruchtúr Náisiúnta Tarchuradóireachta, Dáileacháin agus Ilphléacsaithe a chur i bhfeidhm
- Soláthar forásach riachtanach de theicneolaíocht léiriúcháin dhigiteach nua-aimseartha in ionad trealamh léiriúcháin analógach seanaimseartha a mbaineann ardchostas cothabhála leis - lena n-áirítear slabhraí ceamaraí digiteacha TF bhunaithe, freastalaí comhad agus cumas cartlannaithe um bainistiú sócmhainní meán agus stórais
- Athnuachan agus athchumrú seanchreatlach an fhoirgnimh lena n-áirítear 400,000 troigh chearnacha de stiúideo agus de shaoráidí eile léiriúcháin.

Le linn 2009 caithfear cuid mhór den chlár caiteachais chaipitil a chur siar de bharr cúinsí eacnamaíochta ach caithfear leanúint le codanna áirithe de.

"Thángthas ar shocrú i Mí na Nollag 2008 inar dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim cead cailliúintí a thabhairt ar aghaidh ab ionann agus €574 milliún an 31 Nollaig 2006."

"De réir mar is gá ullmhóidh iontaobhaithe na Scéime agus RTÉ togra lena chur faoi bhráid an Bhoird Pinsean chun tabhairt faoin easnamh arna tomhas de réir "Íoschaighdeán Maoinithe" Acht na bPinsean, 1990."

Pinsin

Feidhmíonn RTÉ Scéim Pinsean Sochair Shainithe Ranníocach Chistithe (DB) chomh maith le roinnt Scéimeanna Ranníoca Shainithe Ranníocacha (DC) dá chuid fostaithe.

Scéim Aoisliúntais RTÉ (DB)
Amhail an 31 Nollaig 2008, bhí 553 fostaí ar bhaill de Scéim Aoisliúntais RTÉ iad. Ina theannta sin, leanann RTÉ ag íoc ranníocaíochtaí leis an scéim seo i leith 69 iarfhostaí a scoir ó RTÉ faoi phacáistí áirithe athchóirithe.

Is scéim sochar sainithe Scéim Aoisliúntais RTÉ a raibh cistí €733.4 milliún faoi bhainistí aici amhail 31 Nollaig 2008 ar luach am mhargaidh. Níor ceadaíodh aon fhostaí nua sa scéim ó mhí Iúil 1989.

Mar a luadh cheana agus mar atá leagtha amach ar leathanach 65, rinne achtúirí na scéime luacháil mhaoinithe achtúireach fhadtéarmach agus thuairiscigh easnamh €102.3 milliún amhail 31 Nollaig 2008 (1 Eanáir 2008: barrachas €41.2 milliún).

De réir mar is gá ullmhóidh iontaobhaithe na Scéime agus RTÉ togra lena chur faoi bhráid an Bhoird Pinsean chun tabhairt faoin easnamh arna tomhas de réir "Íoschaighdeán Maoinithe" *Acht na bPinsean, 1990*.

Scéim Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ
Tá gach fostaí de chuid RTÉ nach comhalta de Scéim Aoisliúntais RTÉ é nó í incháilithe a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe Ranníocach nó incháilithe le haghaidh socruithe pinsin den chineál Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA).

Is í Scéim Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ a bhfuil 1,444 fostaí rannpháirteacha ann, an phríomhscéim DC.

Árachas

Tá clúdach árachais ann do raon rioscaí ábhartha inárachais lena n-áirítear rioscaí suntasacha catastróife, faoi réir asbhaintí agus eisiamh iomchuí.

Freagracht Chorparáideach

Is féidir cóip den tuarascáil '*Freagracht Chorparáideach RTÉ 2008*' a fháil ar RTÉ.ie.

Imeachtaí Dlí

Is páirtí RTÉ agus a chuid fochuideachtaí i raon imeachtaí dlí, lena n-áirítear imeachtaí inar fógraíodh éilimh in aghaidh RTÉ nó in aghaidh fochuideachtaí dá chuid ach ar neamhchinnte an toradh a bheidh orthu. Bunaithe ar an gcomhairle a cuireadh air, creideann RTÉ gur tógadh na céimeanna riachtanacha lena chinntiú nach mbeidh drochthoradh fadtéarmach, san iomlán, ar staid airgeadais, ar thorthaí nó ar leachtacht RTÉ de bharr na n-imeachtaí seo uile.

Ag breathnú romhainn

In 2009, leathnaigh ráta an laghdaithe a chonacthas sa dara leath de 2008 ar an ioncam tráchtála go mear trí na rannáin go léir, beagnach, agus ar an bhFógraíocht Teilifíse go sonrach, an fhoinse is mó ioncam tráchtála ag RTÉ. Is dócha, mar sin, go mbeidh easnamh suntasach Ioncaim i ndán do RTÉ do 2009.

Cruthaíodh timpeallacht ghnó dhian luaineach as an ngnáth de bharr teaglaim neamhghnách d'fhachtóirí eacnamaíocha idirnáisiúnta agus laigí móra i ngeilleagar baile na hÉireann agus mar thoradh bhí muinín tomhaltóirí agus corparáide ar an leibhéal is ísle riamh, mar a fheictear.

Tuigtear ó mheasúnuithe reatha ag Márta 2009 gur dócha go mbeidh an laghdú Ioncaim is dóichí do 2009 thart ar €68 milliún (15%).

Níorbh fhéidir laghduithe den mhéid sin a sheasamh agus dá bhrí sin, táthar ag cur gníomhartha feabhais i bhfeidhm, lena n-áirítear idir bhearta laghdaithe costais oibríochta chun inmharthanacht a chinntiú agus ghearradh siar ar chaiteachas caipitil le leachtacht, agus solúbthacht mar sin, a chaomhnú.

An tÚdarás ag 31 Nollaig 2008

Mary Finan (Cathaoirleach)
Ceapadh Mary ar an Údarás le héifeacht ó 21 Feabhra 2006. Bhí sí ina comhpháirtí bunaithe agus ina príomhfheidhmeannach ar Wilson Hartnell Public Relations agus agus d'éirigh sí as an gCathaoirleacht in 2007. Faoi láthair, tá sí ina Cathaoirleach neamhfheidhmeach ar an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, agus ar Amharclann an Gheata, tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmeach ar Canada Life (Ireland), ar Chumann Foirgníochta ICS agus ar Opera Ireland. Bhí sí ar an gcéad uachtarán mná a bhí riamh ar Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Tá B.A. aici ó UCD agus rinne sí clár sa bhainistíocht margaíochta sa Harvard Business School.

Emer Finnan
Ceapadh Emer ar an Údarás le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005. Tá sí ina Stiúrthóir Forbartha Straitéisí ar Chumann Foirgníochta EBS. Roimhe sin bhí sí ag obair sa réimse airgeadais chorparáidigh, le NCB i mBaile Átha Cliath agus le ABN Amro agus Solomon Brothers i Londain. Tá Emer ina comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá B.Comm. aici.

Maria Killian
Ceapadh Maria ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Faoi láthair, tá sí ina Bainisteoir Acmhainní Daonna le cuideachta bainistíochta saoráidí idirnáisiúnta. Bíonn sí ag plé le bainistíocht acmhainní daonna agus d'oibrigh sí thar raon tionscal lena n-áirítear táirgeadh deochanna, seirbhísí airgeadais agus teileachumarsáid. Céimí de chuid UCD is ea í, áit ar ghnóthaigh sí B.A. agus M.A. sa tSíceolaíocht Eagrúcháin.

Patricia King
Ceapadh Patricia ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Tá sí ina Rúnaí ar Réigiún Bhaile Átha Cliath de SIPTU. Is í an Leas-Uachtarán í ar Fheidhmeannas Chomhdháil na gCeardchumanní. Chaith Patricia dhá sheal ina comhalta de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Dr. Ian Malcolm
Ceapadh Ian ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Tá Ph.D. aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste mar gheall ar thaighde atá déanta aige ar dhearcadh Protastúnach óg i dTuaisceart Éireann i leith na Gaeilge. D'oibrigh sé roimhe seo le roinnt nuachtán áitiúil agus réigiúnach sa Tuaisceart agus is iriseoir páirtaimseartha i gcónaí é. Scríobhann sé colún ar an nuachtán laethúil *Lá* agus bíonn sé ag trácht ar pholaitíocht Thuaisceart Éireann sna meáin leictreonacha Ghaeilge. Tá céim Céad Onórach sa Léann Ceilteach aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Paddy Marron
Ceapadh Paddy ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. D'fhónaigh sé ar an Údarás roimhe sin ar tháinig deireadh lena sheal oifige ar 31 Bealtaine 2005. D'oibrigh sé i dtionscal an bhia ar feadh 33 bliain; le Rowntree Mackintosh in Éirinn ar dtús agus mar Phríomhfheidhmeannach ar Nestlé Ireland. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Chónaidhm Bia agus Dí na hÉireann ar feadh roinnt blianta, agus ina chomhalta d'Fheidhmeannas Náisiúnta IBEC. Tá sé ina mheantóir ar Chlár Meantóireachta Fiontraíocht Éireann. Is cuntasóir cairte é agus tá B.A. sa tSean-dálaíocht agus Stair na nEalaíon aige ó UCD.

Úna Ní Chonaire
Ceapadh Úna ar Údarás RTÉ le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Oibríonn sí le Glór na nGael i Ráth Cairn, Co na Mí. Cainteoir líofa Gaeilge atá inti agus oibríonn sí uaireanta le RTÉ Raidió na Gaeltachta. Nuair nach mbíonn sí ag plé leis an obair sin, bíonn sí ag cabhrú le páistí snas a chur ar a gcuid Gaeilge nó ag imirt camógaíochta, peil ghaelach agus rugbaí.

Joe O'Brien
Ceapadh Joe ar Údarás RTÉ le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005. Is Comhfhreagraí Nuachta le RTÉ é, agus is iad a réimsí speisialtóireachta Talmhaíocht, Bia agus Cosaint. Chaith sé seal ina Chomhfhreagraí Tionsclaíochta. Anuas air sin, tá taithí leathan aige ar thuairisceoireacht a dhéanamh ar ghnóthaí agus ar pholaitíocht na hEorpa agus an Tríú Domhan. Déanann an Rialtas iarrthóir amháin a cheapadh ar an Údarás tar éis d'fhoireann RTÉ an t-iarrthóir sin a roghnú i dtoghchán inmheánach. Ba é Joe rogha na foirne an t-am seo. Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, rinne sé staidéar ar an Iriseoireacht i gColáiste Tráchtála Ráth Maonais, Baile Átha Cliath agus d'oibrigh sé le nuachtáin san Uaimh agus ina chontae dúchais féin, Ceatharlach.

Stephen O'Byrnes
Ceapadh Stephen ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Chaith sé seal ar an Údarás deireanach, ar tháinig deireadh lena sheal oifige 31 Bealtaine 2005. Is comhairleoir Caidrimh Phoiblí/Gnóthaí Poiblí é Stephen, atá ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin le Media Relations & Public Affairs Consultants Ltd. Le linn na tréimhse 1986 go 1995, bhí sé ina Stiúrthóir Beartais agus Caidrimh Phreasa leis an bPáirtí Daonlathach agus ina Leas-Phreasrúnaí Rialtais ó 1989 go 1992. Chaith sé 15 bliain ina iriseoir roimhe sin, leis an Irish Independent agus leis an nGrúpa Irish Press. Bhí poist éagsúla eagarthóireachta agus comhfhreagrais aige lena linn sin. Tá B.A. i Nua-Stair na hÉireann aige ó UCD.

Freastal Údaráis

Tionóladh naoi gcruinniú den Údarás i 2008 agus ba é seo a leanas an freastal:

	Freastal ar chruinnithe
Mary Finan (Cathaoirleach)	9
Emer Finnan	8
Maria Killian	8
Patricia King	6
Dr. Ian Malcolm	8
Paddy Marron	9
Úna Ní Chonaire	5
Joe O'Brien	7
Stephen O'Byrnes	8

Tionóladh sé chruinniú den Choiste Iniúchta i 2008, agus ba é seo a leanas an freastal:

	Freastal ar chruinnithe
Paddy Marron (Cathaoirleach)	6
Emer Finnan	6
Maria Killian	4

Tionóladh cruinniú amháin de Choiste na gClár le linn 2008 agus ba é seo a leanas an freastal:

	Freastal ar chruinnithe
Dr. Ian Malcolm (Cathaoirleach)	1
Úna Ní Chonaire	1
Patricia King	-
Stephen O'Byrnes	-

Tionóladh cruinniú amháin de Choiste Luach Saothair agus Fhorbairt na Bainistíochta le linn 2008 agus ba é seo a leanas an freastal:

	Freastal ar chruinnithe
Mary Finan (Cathaoirleach)	1
Maria Killian	1
Dr. Ian Malcolm	1
Stephen O'Byrnes	1

An Bord Feidhmeannais

Cathal Goan
(An Príomh-Stiúrthóir)

Ceapadh Cathal ina Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003. Bhain sé céim amach ó UCD agus thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979. Bhí poist éagsúla aige i Raidió agus i dTeilifís RTÉ sular ceapadh é ina Eagarthóir ar Chláir Ghaeilge i 1990. Ceapadh é ina Cheannasaí ar Theilifís na Gaeilge i 1994, agus is faoina chúram a bunaíodh an cainéal sin, an tríú seirbhís teilifíse náisiúnta in Éirinn. I Márta 2000, ceapadh é ina Stiúrthóir (agus ina Bhainisteoir Stiúrtha ina dhiaidh sin) ar Theilifís RTÉ, agus ina chomhalta ar Bhord Feidhmeannais RTÉ.

Noel Curran
(Bainisteoir Stiúrtha Teilifíse)

Ceapadh Noel ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Theilifís RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003. Tá céim sa Chumarsáid aige ó DCU. Bhí poist éagsúla aige sna meáin chlóite sular thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1992. D'oibrigh sé mar thuairisceoir, mar léiritheoir agus mar eagarthóir i dTeilifís RTÉ sular ceapadh ina Eagarthóir Cúrsaí Reatha é sa Rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Conor Hayes
(Príomhoifigeach Airgeadais)

Ceapadh Conor ina Phríomhoifigeach Airgeadais le RTÉ i nDeireadh Fómhair 2001 agus is é a mhaoirsíonn RTÉNL (Líonra), an IBD Foilsitheoireachta, Monatóireacht ar Cheadúnais Teilifíse, Teicneolaíocht Faisnéise an Ghrúpa agus Maoin & Seirbhísí. Tá sé ina Chathaoirleach ar Iontaobhaithe Scéim Aoisliúntais RTÉ. Céimí Tráchtála de chuid UCD é, atá ina Chomhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina Chomhalta Comhlach den Association of Corporate Treasurers sa Ríocht Aontaithe. Bhí raon de phoist éagsúla sa tionsclaíocht tráchtála aige sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, lena n-áirítear: Leas-Chathaoirleach – Cara Treasury; Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Pleroma Group; Príomh-fheidhmeannach – JetPhone; Príomh-fheidhmeannach – Ryanair; Príomhoifigeach Airgeadais – Almarai Group; agus Bainisteoir – SKC Corporate Finance.

Adrian Moynes
(Bainisteoir Stiúrtha Raidió)

Ceapadh Adrian ina Stiúrthóir (agus níos faide anonn, i 2003, ina Bhainisteoir Stiúrtha) ar Raidió le héifeacht ó Mheán Fómhair 2002. Chomh maith leis sin, maoirsíonn sé feidhmiú IBD na nGrúpaí Oirfide. Tá céim sa Bhéarla aige ó Ollscoil Oxford. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, tar éis a bheith ag múineadh ar feadh cúig bliana ag leibhéal breisoideachais agus ardoideachais. Laistigh de RTÉ bhí poist aige mar Léiritheoir, mar Eagarthóir ar Chláir do Dhaoine Óga agus mar Cheann na Sceideal Teilifíse. Ó 1997 ar aghaidh, bhí sé ina chomhalta d'Oifig an Phríomh-Stiúrthóra, agus dualgas tuairiscithe air i leith RTÉ Raidió na Gaeltachta, Grúpaí Oirfide RTÉ, agus Saoráil Faisnéise agus bhí sé ina ionadaí ar son na mbainisteoirí ar an mBinse Caidrimh Thionsclaíoch.

Edward Mulhall
(Bainisteoir Stiúrtha Nuacht agus Cúrsaí Reatha)

Ceapadh Ed ina Stiúrthóir Nuachta (agus níos faide anonn, i 2003, ina Bhainisteoir Stiúrtha) le héifeacht ó 1997. Tá céim san Eacnamaíocht agus Polaitíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, mar Léiritheoir Raidió i gCúrsaí Reatha. Ó shin bhí sé ina Cheannasaí Cúnta Gnéchlár agus Cúrsaí Reatha (Raidió) agus ina Eagarthóir Clár Nuachta (Teilifís), áit a mbíodh sé ag déanamh eagarthóireachta ar na cláir *Six One* agus *Nine O'Clock News*. Ceapadh ina Eagarthóir Stiúrtha é sa Rannán Nuachta i 1994.

Bride Rosney
(Stiúrthóir Cumarsáide)

Ceapadh Bride ina Stiúrthóir Cumarsáide le héifeacht ó Nollaig 2001. Maoirsíonn sí Acmhainní Daonna an Ghrúpa freisin. Céimí Eolaíochta agus Ríomhchleachtais de chuid UCD agus Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sí ag obair le RTÉ i ndiaidh di bheith ag obair mar mhúinteoir, mar phríomhoide scoile agus mar shain-chomhairleoir cumarsáide i réimsí na nua-theicneolaíochtaí agus na n-ealaíon. Tar éis 20 bliain a chaitheamh ag plé le hoideachas agus le taighde oideachasúil ag an dara agus ag an tríú leibhéal, d'fhónaigh sí mar Chomhairleoir Speisialta do Mary Robinson ar feadh ocht mbliana le linn di siúd a bheith ina hUachtarán ar Éirinn agus ina UNHCHR.

Rialachas Corparáideach

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Ceaptar comhaltaí ar Údarás RTÉ chun a dheimhniú go bhfuil RTÉ freagrach don Rialtas, do lucht íoctha ceadúnais, don lucht féachana agus éisteachta. Ag feidhmiú dóibh sa ról sin, bíonn comhaltaí Údarás RTÉ tiomanta na caighdeáin is airde a choimeád sa rialachas corparáideach.

Tá glactha ag RTÉ leis an *gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit* a d'fhaomh an Rialtas, 2 Deireadh Fómhair 2001. Tá glactha ag RTÉ freisin leis na hoibleagáidí i dtaca le rialachas corparáideach agus eile a leagtar síos san *Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995* agus san *Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001.*

Corparáid reachtúil is ea RTÉ a bunaíodh leis an *Acht um Údarás Craolacháin 1960* agus, dá bharr sin, níl forálacha an *Chomhchóid de Rialachas Corparáideach* infheidhme i leith RTÉ. Sin ráite, tacaíonn RTÉ a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach leis an *gComhchód* agus tá bearta cuí déanta aige chun cloí leis na príomhriachtanais, sa mhéid is go mbaineann siad le RTÉ. Tá na heisceachtaí seo a leanas ón *gComhchód* infheidhme:

- Is é an Rialtas a cheapann an tÚdarás agus a shocraíonn a luach saothair. Dá thoradh sin, níl feidhm leis na forálacha sin de chuid *an Chomhchóid* a bhaineann le comhaltaí Údaráis a cheapadh (lena n-áirítear uainiú na gceapachán, comhaltacht an Údaráis agus luach saothair na gcomhaltaí Údaráis) maidir le RTÉ
- Tá RTÉ freagrach don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus níl aon scairchaipiteal aige. Dá réir sin, níl na forálacha i dtaca le caidreamh scairshealbhóirí agus iompar na gCruinnithe Ginearálta Bliantúla infheidhme
- Bíonn luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra laistigh de raon a shocraíonn an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- Ní áirítear san eolas faoi luach saothair na gcomhaltaí Údaráis ar leathanach 34 suimeanna a íoctar le comhaltaí Údaráis ina gcáil fostaithe nó rannpháirtithe cláir, ach áirítear ann suimeanna a íoctar leo i bhfoirm táillí de bharr a gcuid seirbhísí mar chomhaltaí Údaráis
- Nár cheap an Rialtas Comhalta Udaráis Sinsearach Neamhspleách agus
- Mar gheall gurb é an Rialtas atá freagrach as comhaltaí Údaráis a cheapadh, ní bhreithníonn an tÚdarás é a bheith cuí polasaí foirmiúil a bhunú i ndáil le meastóireacht feidhmíochta an Údaráis, a Choistí agus a chomhaltaí aonair. Mar sin féin,déanann an Cathaoirleach measúnú leanúnach ar éifeachtacht an Údaráis agus ar rannpháirtíocht a chomhaltaí.

Údarás RTÉ

Ról agus Comhdhéanamh

De réir théarmaí an *Achta um Údarás Craolacháin, 1960* agus reachtaíochta a ritheadh ó shin, déanann an Rialtas comhaltaí Údarás RTÉ a cheapadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Bíonn idir seachtar agus naonúr comhaltaí ann, agus ceapann an Rialtas duine acu sin ina C(h)athaoirleach.

Tháinig téarma oifige leathnaithe an 15ú Údarás chun críche an 31 Nollaig 2008. Bhí sé comhdhéanta de naonúr comhalta, duine amháin a ceapadh i ndiaidh toghcháin ag an bhfoireann.

Cheap an Rialtas Údarás nua le héifeacht ón 24 Feabhra 2009. Tá sé comhdhéanta de naonúr comhalta, ina measc an Príomh-Stiúrthóir ar bhonn ex-officio. Tiocfaidh téarma oifige an Údaráis reatha chun críche an 31 Lúnasa 2009.

Is iad comhaltaí nua Údarás RTÉ:
Tom Savage – Cathaoirleach agus Cathaoirleach faoi láthair, Communications Clinic
Fergus Armstrong – Eadránaí, Íar Chathaoirleach, McCann FitzGerald Solicitors
Emer Finnan (ath-ceaptha) – Stiúrthóir Forbatha Straitéisí, EBS
Alan Gilsenan – Déantóir Scannán/Clár Faisnéise
Cathal Goan – An Píomh-Stiúrthóir, RTÉ
Karlin Lillington – Comhfreagraí Teicneolaíochta, The Irish Times
Joe O'Brien (ath-ceaptha) – RTÉ, Comhfreagraí Talmhaíochta agus Bia
Sean O'Sullivan – Stiúrthóir Bainistíochta, Seabrook Research Teoranta
Patricia Quinn – Comhairleoir neamhspléach

Tá sonraí beathaisnéise na ndaoine a d'fhóin mar chomhaltaí an Údaráis i rith na bliana dár chríoch 31 Nollaig 2008 leagtha amach ar leathanach 30.

Stiúrann comhaltaí an Údaráis treo chorparáideach agus straitéis na heagraíochta agus feidhmíonn siad mar iontaobhaithe ar son an leasa phoiblí, ag cinntiú go gcomhlíonann RTÉ a fhreagrachtaí reachtúla. Baineann comhaltaí an Údaráis le cineálacha éagsúla cúlra. Tá scileanna agus taithí ar leith ag gach duine acu agus úsáideann siad a mbreithiúnas neamhspleách féin agus iad ag plé go deimhnitheach is go ceistitheach leis an mBord Feidhmeannais d'fhonn cabhrú le forbairt spriocanna straitéiseacha RTÉ.

Tá deighilt freagrachtaí shoiléir idir ról chathaoirleach an Údaráis, nach feidhmeannach é, agus ról an Phríomh-Stiúrthóra. Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar le bainistíocht fheidhmiúcháin, fhreagracht as oibríochtaí RTÉ ó lá go lá. Áirítear ar fhreagrachtaí an Chathaoirligh a bheith i gceannas ar an Údarás, a chlár oibre a chinneadh, a éifeachtacht a chinntiú agus rannpháirtíocht iomlán gach comhalta Údaráis a éascú.

Casann Cathaoirleach an Údaráis agus na bainisteoirí feidhmiúcháin leis an Rialtas go rialta chun feidhmiú oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé.

Gnásanna an Údaráis

Díreach tar éis a gceaptha, tugtar doiciméid eolais faoi RTÉ agus a chuid oibríochtaí do gach comhalta Údaráis. Tagann an tÚdarás i gceann a chéile de réir sceideal rialta cruinnithe agus eagraítear cruinnithe ar ócáidí eile, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach. Bíonn gach eolas a theastaíonn ó na comhaltaí le fáil go cuimsitheach tráthúil chun go mbeidh said in ann a ndualgais a chomhlíonadh. Cuirtear páipéir de chuid an Údaráis chuig na comhaltaí in am tráthúil roimh chruinnithe de chuid an Údaráis agus bíonn páipéir nó eolas breise le fáil go réidh ag gach comhalta Údaráis ach iad a iarraidh.

Bíonn comhairle agus seirbhísí Rúnaí Ghrúpa RTÉ le fáil ag gach comhalta Údaráis. Tá an Rúnaí freagrach as a dheimhniú go gcloítear le gnásanna an Údaráis agus le cibé rialacha agus rialúcháin atá infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ le fáil chun comhairle a chur ar an Údarás, de réir mar a theastaíonn. Is féidir le comhaltaí aonair de chuid an Údaráis comhairle nó traenáil neamhspleách ghairmiúil a fháil ar chostas RTÉ, de réir mar is gá. Tá beartas árachais i bhfeidhm ag an Údarás a shlánaíonn comhaltaí an Údaráis i gcás go dtabharfaí cás dlí ina leith le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a ndualgas mar chomhaltaí Údaráis.

Tá sceideal foirmiúil ábhar ann a choinnítear don Údarás lena phlé agus chun cinneadh a dhéanamh ina leith ina gclúdaítear príomhréimsí de ghnó RTÉ:

- Feidhmíocht airgeadais agus oibríochtúil a athbhreithniú;
- Pleananna straitéiseacha, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a fhaomhadh;
- Infheistíochtaí agus tionscadail chaipitil ollmhóra a fhaomhadh;
- Polasaí cistíochta agus polasaithe bainistithe riosca;
- Leibhéil údaráis tarmligthe; agus
- Córas na rialuithe inmheánacha a athbhreithniú.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligean chuig coistí de chuid an Údaráis, mar atá leagtha amach thíos. Cuirtear páipéir a bhaineann le gnóthaí an Údaráis go dtí na comhaltaí Údaráis roimh gach cruinniú den Údarás, lena n-áirítear miontuairiscí gach cruinniú coiste a bhí ann ón gcruinniú deireanach den Údarás agus bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt ar imeachtaí an choiste le linn chruinnithe an Údaráis, de réir mar a theastaíonn sin.

Coistí an Údaráis

Tá trí choiste bhuana bunaithe ag an Údarás chun cuidiú lena fhreagrachtaí a fheidhmiú. Is iad sin an Coiste Iniúchta, an Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta agus Coiste na gClár. Cuirtear

coistí sealadacha le chéile ó am go ham chun déileáil le hábhair ar leith faoi théarmaí sainithe tagartha. Níor mheas an tÚdarás go raibh gá aon choistí sealadacha a bhunú in 2008 áfach. Tá cuntas ar chomhaltacht gach coiste, chomh maith le sonraí faoi freastal ar na cruinnithe a tionóladh i 2008 leagtha amach ar leathanach 30.

Is iad comhaltaí an *Choiste Iniúchta* ná triúr comhaltaí de chuid an Údaráis agus meastar gach duine acu a bheith neamhspleách. I rith 2008, bhí taithí airgeadais iomchuí úrnua ag beirt comhaltaí den Coiste Iniúchta (Paddy Marron agus Emer Finnan), is Cuntasóirí Cairte iad beirt.

Is gnách go mbíonn an Príomh-Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Ceann an Iniúchta Inmheánaigh i láthair ag cruinnithe de chuid an choiste, agus bíonn na hiniúchóirí seachtracha i láthair de réir mar is gá. Bíonn teacht dhíreach neamhtheoranta ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh, agus ag na hiniúchóirí seachtracha, ar Chathaoirleach an choiste i gcónaí. Sa bhreis air sin, bíonn comhphlé ag an gCoiste Iniúchta leis na hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha uair in aghaidh na bliana, ar a laghad, gan bainisteoirí feidhmiúcháin a bheith i láthair, le deimhniú nach bhfágtar aon údar imní gan plé.

Seo a leanas ról agus freagraíochtaí an Choiste Iniúchta:

- Na hiniúchóirí seachtracha a roghnú agus a cheapadh lena gceadú agus lena gceapadh ag an Údarás, a dtéarmaí tagartha agus táillí a fhaomhadh agus cineál agus scóip na hoibre iniúchta a shocrú i gcomhar leis na hiniúchóirí seachtracha
- Athbhreithniú ar fheidhmiú, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí seachtracha gach bliain. Lena linn sin, cuireann an Coiste ceisteanna oiriúnacha ar bhainisteoirí agus iniúchóirí inmheánacha
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní, scóip agus éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh (lena n-áirítear ceapadh nó dícheapadh Cheann an Iniúchta Inmheánaigh) agus an clár iniúchta inmheánaigh don bhliain dár gcionn a chomhaontú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na gnásanna a úsáidtear chun déileáil le líomhaintí ó 'lucht sceite scéil'
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ó bhainisteoirí agus ón iniúchadh inmheánach maidir le cé chomh héifeachtach is atá na córais rialaithe imheánaigh. Chuige sin pléitear gach tuairisc iniúchta inmheánaigh agus gach freagra a chuireann bainisteoirí ar fáil i dtaobh moltaí agus déantar monatóireacht ar dhul chun cinn cibé beart a bheadh riachtanach. Cuireann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh tuairisc i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchta, ag déanamh achoimre ar obair a rinneadh ón gcruinniú deireanach agus ag díriú ar na réimsí fócais don tréimhse atá le teacht
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséad bliantúil an ghrúpa sula gcuirfear faoi bhráid an Údaráis go foirmiúil é
- Ag athbhreithniú, sula gcuirtear faoi bhráid an Údaráis go foirmiúil iad, ráitis bhliantúla airgeadais an Ghrúpa agus, go sonrach:
  - cibé ábhar tábhachtach a eascraíonn as an iniúchadh seachtrach
  - na beartais chuntasaíochta
  - aon cheist a bhfuil breithiúnas le déanamh uirthi
  - cé chomh soiléir is a nochtar an t-eolas
  - comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus dlíthiúla infheidhme agus
  - na ráitis faoi rialú inmheánach.

Tá bacainní curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta chun a chinntiú nach mbeidh neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí seachtracha curtha i mbaol. Déanann an Coiste athbhreithniú ar na bacainní seo ag tréimhsí rialta. Tá sé deimhnithe ag na hiniúchóirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iniúchta go bhfuil siad ag leanúint orthu ag úsáid gnásanna a chinnteoidh nach maolófar a n-oibiachtúlacht ná a neamhspleáchas.

Mar pháirt d'athbhreithniú an Choiste Iniúchta ar leordhóthanacht agus oibiachtúlacht phróiseas an iniúchta sheachtraigh, déanann an Coiste Iniúchta meastóireacht bhliantúil ar leibhéal na seirbhísí neamhiniúchta a sholáthraíonn na hiniúchóirí seachtracha, agus na táillí a bhaineann leo, i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha. Tá mionsonraí faoi chineál na seirbhísí neamhiniúchta a chuir KPMG ar fáil le linn na bliana, agus na táillí a bhain leo, i nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

Tá miontéarmaí tagartha an Choiste Iniúchta le fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Ceathrar comhaltaí de chuid an Údaráis (triúr comhalta tar éis Údarás nua a cheapadh i mí Feabhra 2009), a meastar gach duine acu a bheithneamhspleách, atá sa *Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta*. Ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ionadaí chun cabhrú leo, de réir mar is cuí. Tá téarmaí tagartha scríofa ag an gCoiste seo agus seo a leanas a ról agus na freagrachtaí atá air:

- Measann an coiste spriocanna, feidhmiú agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra agus cuireann moltaí i láthair an Údaráis sula lorgaítear faomhadh an Rialtais ina leith
- Forbraíonn an coiste beartas RTÉ maidir le luach saothair na bhfeidhmeannach
- Measann agus faomhann tuarastail agus téarmaí eile a bhaineann le pacáiste luacha shaothair na mbainisteoirí feidhmiúcháin, i bhfianaise bheartas an Rialtais maidir le luach saothair bhainisteoirí feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit. (Téitear i gcomhairle leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir le moltaí luacha shaothair le haghaidh bainisteoirí sinsearacha eile agus lorgaítear comhairle sheachtrach nuair is gá)
- Athbhreithniú ar chonarthaí "ard-tallainn".

Is é an Rialtas a shocraíonn luach saothair chomhaltaí an Údaráis agus, mar thoradh air sin, ní hábhar sonrach don choiste é sin.

Ceathrar comhaltaí de chuid an Údaráis (ceathrar comhalta tar éis Údarás nua a cheapadh i mí Feabhra 2009), a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách, atá ar *Choiste na gClár*. Déanann an coiste sin plé ar fhorbairtí agus ar phleananna lárnacha i dtaca le cláir agus sceidil teilifíse agus raidió. Ag gach cruinniú a bhí acu, chas an Coiste le Bainisteoirí Stiúrtha Teilifíse, Raidió, agus Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus lena gcomhghleacaithe sinsearacha bainistíochta, agus d'athbhreithnigh aschur cláir agus straitéis agus pleananna don am a tá le teacht. Tá Cathaoirleach Choiste na gClár ina hionadaí ar son an Údaráis ar Chomhairle an Lucht Éisteachta agus tá sé freagrach as an gCoiste a choinneáil ar an eolas ar dhíospóireachtaí na gComhairle.

Neamhspleáchas na gComhaltaí Údaráis

Cuireann gach comhalta den Údarás a bhreithiúnas neamhspleách féin ar imeachtaí na Comhairle mar aon le ceisteanna agus éilimh ar leith a bheith acu. Mar a éilítear sa *Chomhchód*, rinne an tÚdarás meastóireacht ar neamhspleáchas a chomhaltaí trí úsáid a bhaint as na critéir neamhspleáchais mar atá leagtha amach sa *Chomhchód*.

Le haird ar ionracas, neart carachtair agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Údaráis, glactar leis go bhfuil gach comhalta den Údarás neamhspleách faoi na critéir sin. Mar sin féin, i gcás Joe O'Brien, ar fostaí de chuid RTÉ é, ar an gcúis sin amháin, ní féidir é a mheas mar chomhalta neamhspleách an Údarás de réir chritéir an *Chomhchóid*.

Rialú Inmheánach

Tá freagracht iomlán ar an Údarás as córais rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as éifeachtúlacht na gcóras sin a athbhreithniú. Dearadh na córais seo mar ráthaíocht réasúnta, murab ionann agus iomlán, i gcoinne míráitis nó caillteanais.

Deimhníonn an tÚdarás go raibh próiseas leanúnach ag feidhmiú ar feadh na bliana d'fhonn rioscaí suntasacha do RTÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Is iad na comhpháirteanna lárnacha den chóras rialaithe inmheánaigh atá ann faoi láthair ná:

- Struchtúr eagraíochta dea-shainithe, le teorainneacha údaráis atá sainithe go foirmiúil agus meicníochtaí tuairiscithe go dtí ardleibhéil bhainistíochta agus an tÚdarás
- Gnásanna seanbhunaithe chun rioscaí lárnacha a aithint, a rialú agus a thuairisciú
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe, le buiséid airgeadais bhliantúla a fhaomhann an tÚdarás

Rialachas Corparáideach (ar lean)

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

- Tuairisciú tráthúil míosúil, ina ndéantar torthaí iarbhír a thuairisciú i bhfianaise an bhuiséid, a mheasann an tÚdarás ar bhonn míosúil
- Polasaithe agus gnásanna cuimsitheacha a bhaineann le rialú oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitil. Teastaíonn cead an Údaráis le haghaidh mórthionscadail chaipitil.

Déanann lucht an iniúchta inmheánaigh na rialuithe seo a athbhreithniú go córasach, le cur chuige riosc-bhunaithe. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil athbhreithniú déanta, tríd an gCoiste Iniúchta, ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Bhí na gnéithe seo a leanas sa phróiseas ar ghlac an tÚdarás leis chun éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach a athbhreithniú:

- Measúnú a dhéanamh ar údarás, acmhainní agus comhordú na ndaoine a bhíonn ag plé le rioscaí suntasacha do RTÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú
- Athbhreithniú agus measúnú ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe agus bainistíochta riosca
- Monatóireacht ar thuairiscí riosca a chuireann bainisteoirí ar fáil
- Athbhreithniú ar an gclár iniúchta inmheánaigh agus measúnú ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin
- Athbhreithniú ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha a d'fhéadfadh, mar pháirt dá ngnásanna, gnéithe de na córais rialaithe inmheánaigh a thástáil agus aon laigí suntasacha a bheadh ann a thuairisciú don Choiste Iniúchta.

Gnó leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Údaráis go bhfuil dóthain acmhainní ag RTÉ, san iomlán, chun leanúint i mbun oibre sa léirthodhchaí. Ar an ábhar sin, tá siad ag cloí le bonn an ghnó leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Luach Saothair Chomhaltaí an Údaráis[1]

	2008 €'000	2007 €'000
Mary Finan	**35**	35
Emer Finnan	**18**	18
Maria Killian	**18**	18
Patricia King	**18**	18
Ian Malcolm[2]	**18**	18
Paddy Marron	**18**	18
Úna Ní Chonaire	**18**	18
Joe O'Brien[3]	**18**	18
Stephen O'Byrnes[2]	**18**	18
	179	179

[1] Is comhalta neamh-fheidhmiúchán é/í gach comhalta den Údarás, ach amháin Joe O'Brien.
[2] Anuas ar a dtáillí Údaráis le linn 2008, fuair Stephen O'Byrnes agus Ian Malcolm suimeanna neamhábhartha as an méid ar chuir siad le cláir RTÉ.
[3] Anuas ar a tháillí Údaráis, íocadh Joe O'Brien mar fhostaí de chuid RTÉ.

Chloígh RTÉ leis na treoirlínte a rialaíonn íocaíocht táillí le Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí Comhlachtaí Poiblí, a d'eisigh an tAire Airgeadais in Iúil 1992.

Luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra

	2008 €'000	2007 €'000
Cathal Goan		
- Tuarastal	**298**	283
Sochair eile		
- Ranníoca pinsin	**24**	23
- Eile	**26**	27
	50	50
Iomlán	**348**	333

Chomh maith leis an méid thuas, íocadh pá de réir feidhmíochta arbh fhiú €46,000 é i mBealtaine 2008 (a bhaineann le feidhmíocht 2007). In 2007, íocadh pá de réir feidhmíochta arbh fhiú €108,000 é in Aibreán 2007 (a bhaineann le feidhmíocht 2006 mar chuid d'íocaíocht faoi Scéim Feidhmíochta Fadtréimhseach 2004-2006).

Ba mar seo a leanas na sochair phinsin a tuilleadh le linn na bliana agus an pinsean iomlán a bhí fabhraithe faoi 31 Nollaig 2008:

	€'000
Méadú ar phinsean fabhraithe le linn 2008[1]	4
Luach aistriúcháin an mhéadaithe[2]	71
Pinsean fabhraithe iomlán ag deireadh bliana[3]	142

[1] Níl boilsciú san áireamh i bpinsean fabhraithe i rith na bliana.
[2] Ríomhadh an luach aistrithe úis i bpinsean fabhraithe ar bhonn comhairle achtúireacha. Ní hionann an luach aistrithe sin agus suimeanna íoctha nó dlite, ach is ionann é agus an tsuim a d'aistreodh an scéim phinsin chuig scéim phinsin eile i ndáil leis na sochair a fabhraíodh i 2008 i gcás go bhfagafadh comhalta an tseirbhís.
[3] Is ionann an pinsean fabhraithe a léirítear agus an tsuim a d'íocfaí go bliantúil ar an gnáthdháta scoir, bunaithe ar sheirbhís go dtí deireadh na bliana.

Tuairisc Chomhaltaí an Údaráis

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Tíolacann comhaltaí Údarás RTÉ (liostaithe ar leathanach 30) a dtuarascáil bhliantúil mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Príomhghníomhaíochtaí
Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann a chuireann seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fail dá luchtanna féachana/éisteachta. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an *RTÉ Guide*, oibríonn sé seirbhís teileatéacs agus cuireann raon leathan seirbhísí ar líne gréasánbhunaithe saor in aisce ar fáil. Trína fhochuideachta atá faoina lánúinéireacht, RTÉ Transmission Network Limited, soláthraíonn RTÉ tarchur líonra analógach agus saoráidí túir do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, oibríonn RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Choirme RTÉ, mar aon le grúpaí oirfide eile.

Athbhreithniú gnó
Tá athbhreithnithe mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith 2008 leagtha amach san athbhreithniú Oibríúcháin ar leathanach 6 go dtí leathanach 24 agus san athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 26 go dtí 29. Cuimsíonn na hathbhreithithe sin na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa comh maith le hanailís ar a phríomhtháscairí feidhmíochta, idir cinn airgeadais agus neamh-airgeadais. Tá athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ maidir lena ghealltanais dá lucht féachana agus éisteachta, mar atá leagtha amach ina *Ráiteas Gealltanas 2008,* ar leathanaigh 76 go dtí 87.

Torthaí don bhliain
Tá torthaí an Ghrúpa don bhliain leagtha amach sa Ráiteas Ioncaim ar leathanach 42 agus sna nótaí gaolmhara.

Comhaltaí an Údaráis
Tá ainmneacha na ndaoine a d'fhóin mar chomhaltaí an Údaráis i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2008 leagtha amach ar leathanach 30.

Rialachas corparáideach
Tá socruithe rialachais corparáidigh RTÉ leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:
- Rialachas corparáideach leathanaigh 32 go dtí 34
- Próifílí chomhaltaí an Údaráis leathanach 30
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Údaráis leathanach 36

Leabhair agus taifid
Tá comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, pearsanra cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus saineolas iomchuí acu a fhostú agus a dhóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntasaíochta an Ghrúpa ag Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Cuntais a Íoc
Aithníonn comhaltaí an Údaráis a bhfreagracht maidir lena chinntiú, i ngach gné ábhartha, go gcomhlíonfar forálacha *Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála) 2002* ("na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad ar a mbíonn sonraisc dlite a íoc a aithint agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta sa bhliain faoi athbhreithniú ceanglais an rialacháin a chomhlíonadh.

Cuideachtaí an Ghrúpa
Tá eolas maidir le gnóthais fhochuideachta agus gnóthais ghaolmhara tugtha i nóta 10 de na ráitis airgeadais.

Iniúchóir
Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 160 (2) *d'Acht na gCuideachtaí, 1963.*

Síntiúis Pholaitíochta
Le tagairt don *Acht Toghcháin, 1997,* ní thugann RTÉ aon síntiúis pholaitíochta.

Thar cheann an Údaráis

Tom Savage
Cathaoirleach

30 Aibreán 2009

Patricia Quinn
Comhalta an Údaráis agus
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Tá Údarás RTÉ, a ceapadh an 24 Feabhra 2009, freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme. Thainig deireadh le téarma oifige an Údarás atá ag scor an 31 Nollaig 2008.

Ceanglaíonn reachtaíocht craolacháin ar Údarás RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin tá roghnaithe ag Údarás RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir Chaighdeáin Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) arna nglacadh ag an AE agus tá roghnaithe aige ráitis airgeadais RTÉ a ullmhú ar an mbonn céanna.

Ceanglaítear ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ faoin dlí agus faoi IFRSanna arna nglacadh ag an AE staid airgeadais agus feidhmíocht an Ghrúpa agus RTÉ a chur i láthair go cothrom.

Ceanglaítear ar chomhaltaí Údarás RTÉ agus iad ag ullmhú gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach
- breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh a bheidh réasúnach agus críonna
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnó leantaigh mura mbeidh sé míchuí glacadh leis go mbeidh an Grúpa agus RTÉ ag leanúint le gnó.

Tá comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a nochtaíonn le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a choimeád agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais reachtaíocht craolacháin. Tá freagracht orthu freisin cibé céimeanna a ghlacadh agus is féidir leo go réasúnach le sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus le calaois agus míréireachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas rialachais chorparáidigh ar leathanaigh 32 go dtí 34 comhlíonadh an Ghrúpa leis an *gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit*.

Tá comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as cothabháil agus lánpháirtiú an eolais airgeadais agus chorparáide atá san áireamh ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráitis airgeadais a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Údaráis

Tom Savage
Cathaoirleach

Patricia Quinn
Comhalta an Údaráis agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

30 Aibreán 2009

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Mar Iniúchóirí arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ('na ráitis airgeadais') don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 atá comhdhéanta de Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa, Cláir Chomhardaithe RTÉ agus an Ghrúpa, Ráitis Sreabhadh Airgid an Ghrúpa agus RTÉ, Ráiteas RTÉ agus an Ghrúpa d'Ioncam agus Caiteachas Aitheanta Iomlán agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu sin.

Tá an tuairisc seo á déanamh chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("an tAire") agus chuige sin amháin. Rinneamar ár n-obair iniúchta le go léireoimis don Aire na nithe sin a cheanglaítear orainn a léiriú dó i dtuairisc iniúchta agus ní chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaíonn an dlí ní ghlacaimid ná ní thabhaímid aon fhreagracht ó thaobh aon duine ach amháin RTÉ agus an tAire as ár n-obair iniúchta, as an tuairisc seo nó as na dtuairimí ar shroicheamar.

Freagrachtaí faoi seach an Údaráis agus na n-iniúchóirí

Tá freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis maidir le Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus Chaighdeáin Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) arna nglacadh ag an AE agus leagtha amach i ráiteas faoi fhreagrachtaí bhaill an Údaráis ar leathanach 36.

Táimidne freagrach as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir riachtanais dlí agus rialála iomchuí mar aon le Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid cibé inár dtuairim ar léiriú fírinneach cóir iad na ráitis airgeadais de réir na IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE agus, i gcás RTÉ ar cuireadh i bhfheidhm iad de réir fhorálacha reachtaíochta craolacháin iomchuí. Tuairiscímid freisin, inár dtuairim, cibé ar choimeád RTÉ leabhair chuntais chuí agus cibé an bhfuil an fhaisnéis sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann ráitis airgeadais RTÉ leis na leabhair chuntais.

KPMG
Cuntasóirí Cairte
An tIniúchóir Cláraithe
Baile Átha Cliath
30 Aibreán 2009

Déanaimid athbhreithniú ar iarratas ón Údarás, an léiríonn ráiteas deonach an Ghrúpa maidir le cloí le *Cóid Chumaisc ar Rialachas Corparáideach* ar leathanach 32 comhlíonadh an Ghrúpa le naoi bhforáil de chuid 2006 *Chóid Chumaisc* FRC atá sonraithe d'fhonn a n-athbhreithniú ag iniúchóirí ag Rialacha Liostaithe Stocmhargaidh na hÉireann, agus tuairiscímid mura léirítear sin. Ní cheanglaítear orainn breithiúnas a dhéanamh ar cé acu a chlúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Údaráis na rioscaí agus na rialuithe ar fad, ná tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht ghnáthaimh rialachais chorparáidigh an Ghrúpa ná a ngnáthaimh i leith rioscaí agus rialuithe.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus déanaimid breithniú ar cibé an dtagann sin leis na ráitis airgeadais iniúchta. Tá an fhaisnéis eile sin comhdhéanta de thuarascáil Chomhaltaí an Údaráis, ráiteas an Chathaoirligh, athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra, athbhreithniú oibríúcháin, athbhreithniú airgeadais agus ráiteas rialachais chorparáidigh. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhíráitis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Bunús leis an tuairim iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire), arna n-eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá iomchuí do na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne an tÚdarás agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca RTÉ agus an Ghrúpa, an bhfuil siad á bhfeidhmiú go comhleanúnach agus an bhfuil siad nochtaithe mar is cuí.

Pleanáladh agus feidhmíodh ár n-iniúchadh le go bhféadfaí an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a breithníodh a bheith riachtanach a fháil chun fianaise leordhóthanach a thabhairt chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an raibh sin mar thoradh ar chalaois nó ar mhírialtacht eile nó earráid. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, rinneamar measúnú ar dhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é seo ár dtuairim

- gur léiriú fírinneach cóir iad ráitis airgeadais an Ghrúpa, de réir na IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE, ar riocht chúrsaí an Ghrúpa mar a bhí an 31 Nollaig 2008 agus ar bharrachas an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an dáta céanna;
- tugann ráitis airgeadais RTÉ léiriú fíreannach agus cothrom de réir IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíochta craolacháin ar staid chúrsaí RTÉ amhail an 31 Nollaig 2008; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgid i gceart de réir reachtaíochta craolacháin.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhreithníomar a bheith riachtanach don iniúchadh. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag RTÉ. Tá clár comhardaithe RTÉ ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil an Údaráis ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

1. Bunús na cuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ seachas ar an mbunús aitheantais ioncaim ó tháille ceadúnais. Mar atá mionsonraithe in nóta 25, tá athbhreithniú déanta ar an mbunús aitheantais ioncaim ó tháille ceadúnais iníoctha ag an Roinn Gnóthaí Sóisialaigh agus Teaghlaigh (DSFA). Athshonraíodh na figiúirí comparáideacha dá réir.

(a) Eintiteas Tuairisceoireachta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960* agus atá lonnaithe in Éirinn. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite de chuid RTÉ amhail an 31 Nollaig 2008 agus don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 comhdhéanta den chorparáid reachtúil agus de na heinititis go léir atá faoina rialú (dá dtagraítear i gcomhar mar an "Grúpa").

(b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus a léirmhínithe de réir mar a cheadaíonn an Bord Caighdeán Cuntasaíochta (IASB) agus mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE), a bhfuil éifeacht leo maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 agus mar a fheidhmítear de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa freisin a ráiteas airgeadais comhdhlúite agus ráiteas airgeadais mháthairchomhlacht RTÉ a chur i láthair de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006 de chuid na hÉireann a mhéid agus a theastaíonn chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. De réir sin tá clár comhardaithe na máthairchuideachta, ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus ráiteas maidir le hioncam agus costas aitheanta iomlán RTÉ curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith, mar a d'éileodh Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 de chuid na hÉireann de ghnáth.

(c) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil ach amháin ionstraimí airgeadais díorthaigh a thomhastar ag luach cóir.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa in Euro tugtha go dtí an míle is gaire, airgeadra feidhme RTÉ.

Éilíonn ullmhúchán ráiteas airgeadais i gcomhréir le IFRSanna ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn éifeacht acu ar fheidhmiú beartais cuntasaíochta agus an líon tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas. D'fhéadfadh na torthaí fíorasacha a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar athbhreithniú ar na meastacháin agus in aon tréimhsí a mbíonn éifeacht orthu ina dhiaidh sin. Baineann na príomhréimsí ina mbíonn breithiúnas nó castacht suntasach, nó réimsí ina mbíonn boinn tuisceana agus meastacháin suntasach ó thaobh ráiteas airgeadais an Ghrúpa, baineann siad go príomha le luacháil na scéime pinsean sochair sainithe, ionstraimí airgeadais, soláthairtí agus cáin ioncaim, agus luaitear iad sna beartais chuntasaíochta iomchuí thíos agus sna nótaí a théann leo. Tá na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos curtha i bhfeidhm go leanúnach ag eintiteas an ghrúpa agus ag RTÉ, nuair is infheidhme, maidir leis na tréimhsí go léir a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus i ráitis airgeadais RTÉ.

2. Bunús Comhdhlúite

(a) Fochuideachtaí

Tugtar ráitis airgeadais RTÉ san áireamh i ráitis airgeadais an Ghrúpa agus a chuid eintiteas fochuideachta go léir go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is eintitis arna rialú ag an nGrúpa iad fochuideachtaí. Bítear faoi rialú an Ghrúpa nuair atá de chumhacht, go díreach nó go hindíreach, ag an nGrúpa, beartais airgeadais agus oibriúcháin an eintitis a rialú ionas go bhfaigheann RTÉ buntáiste óna ghníomhaíochtaí. Tugtar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar an dtagtar faoin rialú anonn go dtí an dáta ar a dtagann deireadh leis an rialú.

(b) Deireadh a chur le hidirbhearta ar chomhdhlúthú

Cuirtear deireadh le hiarmhéideanna agus le hidirbhearta intra-ghrúpa, agus le haon ioncam réadaithe agus costais arna n-eascairt as idirbhearta intra-ghrúpa, agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú.

3. Aitheantas Ioncaim

(a) Prionsabail Aitheantais

Tá Ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as Táillí Ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Bíonn ioncam luaite glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

Aithnítear ioncam sa mhéid agus is dócha a ndéanfar aisghabháil, sa mhéid agus a bhíonn sé faoi réir tomhais iontaofa, gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta go dtí an ceannaitheoir.

(b) Ioncam ón Táille Cheadúnais

Bailíonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) an t-ioncam ón Táille Ceadúnais is iníoctha ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) thar ceann daoine a bhíonn incháilithe do Cheadúnas Teilifíse "saor in aisce" ón DSFA. Déanann An Post an t-ioncam eile go léir ón Táille Cheadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCENR, glan ó chostais bhailiúcháin. Íocann an DCENR "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais sin a bhailítear, mar a ndéantar foráil dó in Alt 8 san *Acht um Údarás Craolacháin (Leasú),1976,* in áit na méideanna a bhailíonn An Post, glan ó chostais bhailiúcháin agus tobhach 5% chuig an gCiste Craoltóireachta Speisialta, in éineacht leis na méideanna a íocann an DSFA leis.

Aithnítear Táille Ceadúnais is iníoctha ag an DSFA nuair a fhaightear í. Aithnítear ioncam ó tháille ceadúnais eile nuair a fhaightear fógra ó An Post.

(c) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar chraoladh/ar fhoilsiú. Bíonn ioncam fógraíochta luaite glan ó choimisiúin ghníomhairí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe srl.

(d) Ioncam líonra agus saoráidí

Eascraíonn ioncam líonra agus saoráidí as líonra tarchuir an Ghrúpa a úsáid, as rochtain a dhéanamh air agus as saoráidí stiúidió a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear méideanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(e) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí

Eascraíonn ioncam ciorclaíochta ó fhoilsiú agus ciorclaíocht an *RTÉ Guide* agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Aithnítear ioncam ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin do gach eagrán.

Eascraíonn ioncam imeachtaí ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Oirfide RTÉ. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn méideanna dlite.

(f) Ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar agus méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chur ar fáil do thríú páirtithe trí raon bealaí, lena n-áirítear saoráidí idirlín an Ghrúpa, teilitéacs Aertel, ábhar RTÉ a dhíol go seachtrach agus méideanna a thuilltear trí sheirbhísí tráchtála eile a chuireann an Grúpa ar fáil. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar sheachadadh táirgí chuig an tríú páirtí.

4. Tuairisciú Míre

Is éard is mír ann comhpháirt an Ghrúpa atá in-idirdhealaithe agus a chuireann táirgí nó seirbhísí gaolmhara ar fáil (mír ghnó) nó a chuireann táirgí nó seirbhísí ar fáil laistigh de thimpeallacht eacnamaíoch faoi leith (mír gheografach), atá faoi réir rioscaí agus torthaí nach n-ionann iad agus rioscaí agus torthaí ó mhíreanna eile.

Ag eascairt as struchtúr eagraíochta inmheánach an Ghrúpa agus as a chóras tuairiscithe airgeadais inmheánaigh, is de réir rannáin chomhtháite gnó (IBD) a bhíonn príomhmhír tuairiscithe an Ghrúpa, faoi IAS14 *Thuairisciú Míre*. Is rannán ar leithligh gach IBD arna eagrú agus arna bhainistiú ar leithligh de réir nádúr na seirbhísí agus na dtáirgí a chuirtear ar fáil.

Níl ach mír thánaisteach amháin ag an nGrúpa faoi láthair, de bharr go gcuireann sé a chuid táirgí agus seirbhísí ar fáil go príomha laistigh de thimpeallacht eacnamaíoch amháin - Éire.

5. Idirbhearta in airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go dtí airgeadraí feidhme faoi seach de chuid eintitis an ghrúpa ag rátaí malartaithe ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an dáta cuntasaíochta go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon caillteanais ó athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dáta an idirbhirt mar ghnóthachan nó caillteanas malartaithe sa Ráitis Ioncaim.

Aithnítear difríochtaí airgeadra coigríche a eascraíonn ó athaistriú sa Ráiteas Ioncaim.

6. Maoin, innealra agus trealamh

(a) Aitheantas agus tomhas

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag an gcostas stairiúil, glan ó dhímheas carntha chomh maith le haon caillteanais lagaithe.

Áirítear ar chostas caiteachas is inchurtha go díreach i leith fáil na sócmhainne. Áirítear ar chostas sócmhainní féin-tógtha costas ábhar agus costas saothair dírigh, agus aon chostais eile a bhíonn inchurtha go díreach leis an tsócmhainn a chur i riocht oibre don úsáid a cheaptar di, agus na costais a bhaineann leis na nithe a bhaint óna chéile agus an láithreán ina mbíonn siad lonnaithe a athchóiriú. Déantar bogearraí atá ríthábhachtach d'fheidhmiúlacht an trealaimh ghaolmhair a chaipitiliú mar chuid den trealamh sin.

Tugtar caiteachas dá éis sin san áireamh le suim charraeireachta na sócmhainne nó aithnítear ina shócmhainn ar leith é, mar is cuí, sa chás amháin gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar chostas na sócmhainne. Cuirtear gach deisiú agus cothabháil eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim i rith na tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

(b) Dímheas

Cuirtear dímheas ar fáil ar mhaoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh lúide iarmharluach measta gach sócmhainn faoin modh dronlíneach thar a saol úsáideach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	2.5% – 25%
Innealra agus trealamh	7.5% – 20%
Fearais agus feistis	10% – 25%

Is ionann tionscadail chaipitil a bhíonn ar siúl agus an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula ndéantar a n-úsáid a choimisiúnú. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ón dáta coimisiúnaithe.

Nuair a bhíonn saolta úsáideacha difriúla ag codanna de mhaoin, d'innealra nó de threalamh, tugtar cuntas orthu mar nithe maoine, innealra agus trealaimh ar leithligh (comhpháirteanna móra), agus déantar iad a dhímheas dá réir.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar athbhreithniú ar mhéid carraeireachta foirgneamh, innealra agus trealaimh ag dáta gach cláir chomhardaithe lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna carraeireachta in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú den sórt sin ann, déantar méid na sócmhainní in-aisghabhála a mheas.

7. Sócmhainní neamh-inláimhsithe

(a) Aitheantas agus tomhas

Aithnítear sócmhainn neamh-inláimhsithe, ar shócmhainn neamh-airgeadais so-aitheanta gan substaint fisiciúil í, sa mhéid is gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar a costas. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta sa chás go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní neamh-inláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanais lagaithe carntha.

Baineann sócmhainní neamh-inláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin má chuireann sé leis an tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé.

(b) Amúchadh

Sócmhainní neamh-inláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, amúchta go dtí an ráiteas ioncaim faoin modh dronlíneach thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíocha úsáideacha.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim carraeireachta shócmhainní neamh-inláimhsithe a athbhreithniú ag dáta gach cláir chomhardaithe lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeidh na luachanna carraeireachta in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú den sórt sin ann, déantar méid na sócmhainní in-aisghabhála a mheas.

8. Ionstraimí Airgeadais

(a) Ionstraimí Airgeadais Neamh-Dhíorthaigh

Bíonn ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de infheistíocht i bhfochuideachtaí, nithe infhaighte trádála agus eile, infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus cóibhéisí airgid agus nithe iníoctha trádála agus eile.

Aithnítear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh don chéad uair ag luach cóir. Tar éis iad a aithint don chéad uair déantar ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh a thomhas mar a léirítear thíos.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Déantear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina chlár comhardaithe a aithint ag costas, lúide cailliúintí lagaithe.

Nithe infhaighte trádála agus eile

Luaitear nithe infhaighte trádála agus eile ag costas, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir de bharr nádúr gearr-dátaithe na sócmhainní sin. Iompraítear nithe infhaighte trádála agus eile ag an tsuim bhunaidh a bhí ar sonrasc lúide aon lagú do shuimeanna a d'fhéadfadh a bheith in-aisghabhála. Aithnítear lagú má bhíonn fianaise neamhchlaonta ann tar éis a aithint i dtús báire gur féidir nach bhfuil iarmhéid in-aisghabhála ina iomláine nó i bpáirt.

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Infheistíochtaí Leachtacha
Bíonn infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha agus d'infheistíochtaí sócmhainní reatha lena mbíonn dáta aibíochta níos mó ná 3 mí ón dáta fála ach níos lú ná 12 mí ó dháta an chláir chomhardaithe. De bharr go dtiteann aibíocht na n-infheistíochtaí sin lasmuigh den chreat ama do rangú airgid thirim agus cóibhéisí airgid faoi IAS 7 *Ráitis faoi Shreabhadh Airgid*, caitheadh leis na hiarmhéideanna gaolmhara mar shócmhainní airgeadais agus tá siad ráite ag luach cóir ag dáta gach cláir chomhardaithe. Aithnítear ioncam ar na sócmhainní sin ar bhonn ráta úis éifeachtúil.

Airgead tirim agus cóibhéisí airgid
Tá airgead tirim agus cóibhéisí airgid comhdhéanta d'iarmhéideanna airgid tirim a choimeádtear chun críocha tiomantais airgid tirim agus infheistíochtaí gearrtéarma, a bhíonn inchomhshóite go héasca go dtí méideanna airgid tirim ar fios fúthu ag a luachanna carraeireachta nó gar dóibh agus a bhíonn faoi réir riosca neamhshuntasach ó thaobh athruithe ar luach a chomhlíonadh. Sa chás go rangaítear infheistíochtaí mar chóibhéisí airgid, bíonn aibíocht de thrí mhí nó níos lú ón dáta fála ag na hiarmhéideanna gaolmhara. Aithnítear ioncam ar na sócmhainní sin ar bhonn ráta úis éifeachtúil.

Nithe iníoctha trádála agus eile
Luaitear nithe iníoctha trádála agus eile ag costas, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir de bharr nádúr gearr-dátaithe na sócmhainní sin.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh
Úsáidtear ionstraimí airgeadais díorthaigh go príomha chun nochtadh an Ghrúpa d'athruithe ar rátaí malartaithe airgeadra coigríche, lena n-áirítear Dollar na Stát Aonaithe agus Steirling, a bhainistiú. Ní hiontrálann an Grúpa conarthaí amhantracha.

Is ar a luach cóir a aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh don chéad uair agus déantar iad a ath-thomhas ina dhiaidh sin chuig luach cóir ag gach dáta cláir chomhardaithe. Aithníodh athruithe ar an luach cóir gan mhoill sa Ráiteas Ioncaim de bharr gur roghnaigh an Grúpa gan an cuntas a fhálú maidir le haon díorthaigh i 2008 nó 2007.

9. Fardal

(a) Fardail Chláir
Luacháiltear fardail chláir ag an gcostas nó ag an nglanluach réadaithe, cibé acu is lú.

Is éard is fardail chláir de dhéantús Éireannach ann cláir a léiríonn RTÉ go hinmheánach nó cláir a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais do stoc clár intí costais chláir dhíreacha lena n-áirítear saoráidí léiriúcháin agus costais saothair do chláir. Bunaítear costais do stoic chláir choimisiúnaithe ar an bpraghas conartha. Cuirtear fardail chláir de dhéantús Éireannach de mhuirear go hiomlán in aghaidh an Ráitis Ioncaim an chéad uair a chraoltar iad.

Is éard is fardail chláir cheannaithe ann cláir agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais d'fhardail chláir cheannaithe mar an praghas conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Cuirtear fardail chláir cheannaithe de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim bunaithe ar luach measta gach craolta mar seo a leanas:

Gnéchláir: 75% ar an gcéad chraoladh, 25% ar an dara craoladh

Sraitheanna: 99% ar an gcéad chraoladh, 1% ar an dara craoladh

Is éard is fardail spóirt ann na cearta chun imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais d'fhardail chearta spóirt mar an praghas conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an eagraíocht spóirt iomchuí nó le sealbhóir na gceart. Cuirtear fardail chearta spóirt de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ar chraoladh na n-imeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta.

(b) Fardail Eile
Tá fardail eile comhdhéanta de stoic mionpháirteanna breise agus luaitear iad ag an gcostas nó ag an nglanluach réadaithe, cibé acu is lú. Cuirtear fardail eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim de réir mar a úsáidtear iad do dheisiúcháin agus do chothabháil.

10. Soláthairtí

Aithnítear soláthar sa chás: go mbíonn oibleagáid reatha ar an nGrúpa (oibleagáid dlí nó tógála) mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh; go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha riachtanach chun an oibleagáid a shocrú; agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide. Déantar soláthairtí a thomhas ag an meastachán is fearr de chuid comhaltaí an Údarás i leith an chaiteachais atá riachtanach chun an oibleagáid a shocrú ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar lascainiú go dtí luach reatha sa chás go mbíonn tionchar ábharthach ann. Sa chás go measann Grúpa go n-aisíocfar soláthar, aithnítear an soláthar mar shócmhainn ar leithligh nuair a bhítear beagnach céad faoin gcéad cinnte go n-eascróidh an aisíocaíocht.

11. Sochair d'fhostaithe

(a) Dualgas sochair scoir
Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí pinsin do roinnt mhaith fostaithe trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, trí Scéim Phinsin Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ agus trí scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe eile.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe, bíonn ranníocaíochtaí ag fabhrú agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtuilleann na fostaithe ábhartha iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim mhaoinithe shochair shainithe ranníocaíochtaí, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanais na scéime de réir measúnú achtúire, ríofa agus modh chreidmheas aonaid teilgthe á úsáid, a nochtadh mar shócmhainn/dhliteanas sa chlár comhardaithe, glán ó cháin iarchurtha (sa mhéid is gur féidir í a aisghabháil). Is ionann an méid a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim, de réir chinneadh achtúire, na sochar pinsin a ghealltar d'fhostaithe a thuilltear i rith na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a dheonaítear ar fhostaithe i rith na bliana.

Léirítear toradh measta shócmhainní na Scéime Aoisliúntais i rith na bliana agus an méadú ar dhliteanais na scéime mar gheall ar an lascaine a chealú i rith na bliana mar chostais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Aithnítear aon athruithe idir toradh measta shócmhainní agus an toradh a bhaintear amach go hiarbhír agus aon athruithe ar na dliteanais de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana nó de bharr go raibh an méid a tharla go hiarbhír i rith na bliana difriúil ón méid a rabhthas ag súil leis, aithnítear iad mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas ar ioncam agus costais aitheanta.

(b) Sochair Scoir
Aithnítear sochair scoir mar chostas nuair atá an Grúpa tiomanta go soiléir, gan deis réalaíoch aistarraingt a dhéanamh, do phlean mionsonraithe foirmiúil chun fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir, nó chun sochair scoir a chur ar fáil de bharr thairiscint a rinneadh chun iomarcaíocht dheonach a chur chun cinn. Aithnítear sochair scoir d'iomarcaíochtaí deonacha mar chostas sa chás go mbíonn tairiscint déanta ag an nGrúpa chun iomarcaíocht dheonach a chur chun cinn, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus más féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an líon daoine a ghlacfar léi.

(c) Sochair ghearrthréimhseacha
Déantar oibleagáidí sochair fostaithe gearrthréimhseacha a thomhas ar bhonn neamh-lascainithe agus déantar iad a chostasú ar sholáthar na seirbhíse gaolmhaire.

12. Cáin Ioncaim

(a) Aitheantas
Tá cáin ioncam comhdhéanta de cháin agus de cháin iarchurtha. Aithnítear costas cháin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim ach amháin sa mhéid agus a bhaineann sé le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas, agus sa chás sin aithnítear i gcothromas é.

(b) Cáin reatha
Is éard is cáin reatha ann an cháin mheasta is iníoctha ar an ioncam incháinithe don bhliain, agus na rátaí cánach achtaithe nó achtaithe go suntasach ag an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i ndáil le blianta roimhe sin. Tá ioncam incháinithe an Ghrúpa faoi réir cháin chorparáideach na hÉireann. Bíonn ioncam an Ghrúpa ón Táille Cheadúnais a tuilleadh roimh 31 Nollaig 2006 díolúinte ó cháin chorparáideach.

(c) Cáin Iarchurtha
Aithnítear cáin iarchurtha agus modh an chláir chomhardaithe a úsáid, rud a dhéanann solathar do dhifríochtaí sealadacha idir méid carraeireachta sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Ní bhíonn sócmhainní agus dliteanais cháin iarchurtha faoi réir lascainithe agus déantar iad a thomhas ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sa tréimhse ina réadófar an tsócmhainn nó ina socrófar an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus ar na dlíthe cánach atá achtaithe nó rite a bheag nó a mhór ar dháta an chláir chomhardaithe.

Aithnítear dliteanais chánach iarchurtha do gach difríocht sealadach incháinithe ach amháin aitheantas don chéad uair ó thaobh sócmhainn nó dliteanas in idirbheart nach teaglaim ghnó é agus nach mbíonn éifeacht aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús nó caillteanas incháinithe ag tráth an idirbhirt a aithint don chéad uair.

Aithnítear sócmhainn chánach iarchurtha sa mhéid is gur dócha go mbeidh brabúis incháinithe sa todhchaí ar fáil lenar féidir an difríocht sealadach a úsáid ina n-aghaidh. Déantar sócmhainní cánach iarchurtha a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad sa mhéid is nach dócha níos mó go mbainfear an sochar cánach gaolmhar amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh má bhíonn ceart infhorfheidhmithe le dlí ann maidir le dliteanais agus sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh, agus má bhaineann siad le cánacha ioncaim a ghearrann an t-údarás cánach céanna ar an eintiteas incháinithe céanna.

13. Ioncam agus caiteachais airgeadais
Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam úis ar airgead tirim agus infheistíochtaí leachtacha agus de ghnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta de chealú na lascaine ar sholáthairtí agus caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

14. Léasanna Oibriúcháin
Aithnítear íocaíochtaí a dhéantar ó léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim faoin modh dronlíneach thar théarma an léasa.

15. Caighdeáin agus léirmhínithe nua atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós
Tá roinnt caighdeán, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe ann nach bhfuil éifeacht leo fós don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008, agus nár cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú:

- Tugann IFRS 8 *Míreanna Oibriúcháin* an "cur chuige bainistithe" isteach maidir le tuairisciú míre. Éilíonn IFRS 8, a bhíonn éigeantach do ráitis airgeadais an Ghrúpa 2009, go nochtaítear eolas míre bunaithe ar na tuarascálacha inmheánacha a ndéanann an Príomh-Stiúrthóir athbhreithniú rialta orthu d'fhonn feidhmíocht gach míre a mheasúnú agus d'fhonn acmhainní a leithdháileadh orthu. Cuireann an Grúpa eolas míre i láthair trí Rannán Comhtháite Gnó (IBD) (féach nóta 1) rud a thagann le tuairisciú inmheánach chun críocha cinnteoireachta agus mar sin ní mheastar go mbeidh tionchar mór ag glacadh IFRS 8.
- Cuireann IAS 23 *Costais Iasachtaí* athbhreithnithe deireadh leis an rogha speansais a dhéanamh as costais iasachtaí agus éilíonn sé go ndéanfaidh eintiteas costais iasachtaí is inchurtha go díreach le sócmhainn incháilithe a fháil, a thógáil nó a tháirgeadh mar chuid de chostas na sócmhainne. Beidh IAS 23 athbhreithnithe éigeantach maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa 2009 ach níltear ag súil go mbeidh aon tionchar aige sin ar RTÉ de bharr nach bhfuil aon iasachtaí ag an nGrúpa.
- Le IFRIC 13 tugann na *Cláir Dhílseachta Custaiméara* aghaidh ar an gcuntasaíocht a dhéanann aonáin a fheidhmíonn nó a bhíonn rannpháirteach i gcláir dhílseachta chustaiméara faoinar féidir leis an gcustaiméir creidiúintí a fhuascailt do rudaí ar nós earraí nó seirbhísí saor in aisce nó ar lascaine. Níltear ag súil go mbeidh aon tionchar ag IFRIC 13, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa, ar na ráitis airgeadais.
- Cuireann IAS 1 *Ráitis Airgeadais a Chur i Láthair* (2007) athbhreithnithe i láthair an téarma ioncaim chuimsithigh iomláin, a léiríonn athruithe i gcothromas le linn tréimhse seachas na hathruithe sin a bhí mar thoradh ar idirbhearta le húinéirí ina gcumas mar úinéirí. Is féidir ioncam cuimsitheach a chur i láthair i ráiteas aonair ioncaim chuimsithigh (a chónascann go héifeachtúil an ráiteas ioncaim agus gach athrú neamh-úinéara maidir le cothromas i ráiteas aonair), nó i ráiteas ioncaim agus ráiteas ioncaim chuimsithigh ar leithligh. Táthar ag súil go mbeidh tionchar ag IAS 1 athbhreithnithe, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa, ar chur i láthair na ráiteas airgeadais.
- Ceanglaíonn leasuithe IAS 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair* agus *IAS 1 Cur i Láthair Ráitis Airgeadais – Ionstraimí agus Dualgais Airgeadais Indíola ag Eascairt ar Leachtú* go mbeadh ionstraimí indíola, agus ionstraimí a chuirfidh dualgas ar an aonán sciar pro rata de ghlansócmhainní an aonáin ar leachtú amháin a sheachadadh chuig páirtí eile, a rangú mar aonán má bhaintear amach coinníollacha áirithe. Níltear ag súil go mbeidh tionchar ar bith ag na leasuithe, a bhíonn éigeantach do ráitis airgeadais an Ghrúpa 2009, agus a bhfuil gá le feidhmiú siarghabhálach, ar na ráitis airgeadais.
- Comhdaíonn IFRS 3 *Teaglamaí Gnó* athbhreithnithe (2008) na hathruithe seo a leanas gur dóigh a bheidh ábhartha d'oibríochtaí an Ghrúpa:
  - Tá an sainmhíniú ar ghnó leathnaithe ar dóigh gurb é an toradh a bheidh air go gcaithfear le níos mó sealbhuithe mar comhdéantaí gnó
  - Tomhasfar comaoin teagmhasach ag luach cóir, le hathruithe air ina dhiaidh sin a aithnítear i mbrabús caillteanais
  - Gearrfar costais idirbheartaíochta, seachas costais scair agus costais eisithe fiachas, mar a thabhaítear iad
  - Tomhasfar aon ús a bhí ann roimhe sin ag luach cóir, nó ag ús comhréireach i sócmhainní agus dliteanais aitheanta an fhaighteora, ar bhonn idirbheart go hidirbheart.

Cuirfear IFRS 3 athbhreithnithe, a bhíonn éigeantach do ráitis airgeadais an Ghrúpa 2010, i bhfeidhm go hionchasach agus dá réir sin ní bheith aon tionchar ar thréimhsí roimhe seo i ráitis airgeadais an Ghrúpa 2010.

- Ceanglaíonn IAS 27 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar Leithligh* (2008) leasaithe go n-aithneofaí cuntasaíocht ar athruithe maidir le sainleasanna úinéireachta an Ghrúpa i bhfochuideachta, agus smacht á choimeád, mar idirbheart cothromais. Nuair a chailleann an Grúpa smacht ar fhochuideachta, tomhasfar aon sainleas coimeádta san fhochuideachta ag luach cóir le gnóthachain agus caillteanas á aithint i mbrabús nó caillteanais. Níltear ag súil go mbeidh aon tionchar suntasach ag na leasuithe ar IAS 27, a bhíonn éigeantach do ráitis airgeadais an Ghrúpa 2010, ar na ráitis airgeadais.
- Sainmhíníonn an leasú ar IFRS 2 *Íocaíocht scair-bhunaithe – Coinníollacha agus Cealuithe Dílseacháin* an míniú atá le coinníollacha dílseacháin, cuireann sé an coincheap maidir le coinníollacha neamh-dhílseacháin i láthair, ceanglaíonn sé go léireofar coinníollacha neamh-dílseacháin i luach cóir dháta deonaithe agus soláthraíonn sé an chóireáil chuntasaíochta do choinníollacha agus do chealuithe neamh-dhílseacháin. Táthar ag súil go mbeidh na leasuithe le IFRS 2 éigeantach do ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa, le iarratas feidhmiú siarghabhálach ach ní mheastar go mbeidh tionchar mór acu.

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
Oibríochtaí leanúnacha			
Ioncam	1	**440,760**	441,152
Costais oibriúcháin	2	**(460,510)**	(430,189)
Torthaí ó oibríochtaí leanúnacha		**(19,750)**	10,963
Ioncam airgeadais	3	**5,363**	3,970
Costas airgeadais	3	**(764)**	(1,534)
Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	3	**5,725**	16,184
Glan-ioncam airgeadais		**10,324**	18,620
(Easnamh)/barrachas roimh cháin ioncaim	4	**(9,426)**	29,583
Creidmheas/(costas) cánach ioncaim	7	**9,459**	(3,154)
Barrachas don bhliain		**33**	26,429

Thar ceann an Údaráis

Tom Savage
Cathaoirleach

Patricia Quinn
Comhalta an Údaráis agus
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

30 Aibreán 2009

Ráiteas faoi Ioncam agus Chaiteachas Aitheanta an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
Caillteanas achtúireach ar shócmhainní scéime pinsin	20	**(105,264)**	(6,312)
Cáin iarchurtha ar scéim phinsin shochair shainithe	21	**2,192**	(458)
Ioncam agus costas arna n-aithint go díreach sa chothromas		**(103,072)**	(6,770)
Barrachas don bhliain		**33**	26,429
Ioncam agus costas aitheanta iomlán don bhliain	15	**(103,039)**	19,659

Ráiteas faoi Ioncam agus Chaiteachas Aitheanta RTÉ

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
Caillteanas achtúireach ar shócmhainní scéime pinsin	20	**(105,264)**	(6,312)
Cáin iarchurtha ar scéim phinsin shochair shainithe	21	**2,192**	(458)
Ioncam agus costas arna n-aithint go díreach sa chothromas		**(103,072)**	(6,770)
(Easnamh)/barrachas don bhliain		**(8,721)**	17,975
Ioncam agus costas aitheanta iomlán don bhliain	15	**(111,793)**	11,205

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

amhail an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000 Mar atá athluaite (nóta 25)
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní neamh-reatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	**108,931**	79,096
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	9	**4,973**	4,515
Sócmhainn pinsin	20	**-**	17,535
Sóchmhainní chánach iarchurtha	21	**923**	-
Nithe infhaighte eile	12	**626**	942
Sócmhainní neamh-reatha iomlána		**115,453**	102,088
Sócmhainní reatha			
Fardail	11	**41,314**	44,387
Nithe infhaighte trádála agus eile	12	**53,134**	61,963
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe		**11,468**	19,455
Infheistíochtaí leachtacha	14	**-**	73,405
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	13	**68,267**	16,730
Sócmhainní reatha iomlána		**174,183**	215,940
Sócmhainní iomlána		**289,636**	318,028
COTHROMAS			
Tuillimh choinnithe	15	**74,263**	177,302
DLITEANAIS			
Dliteanais neamh-reatha			
Sochair d'fhostaithe	19	**8,806**	13,468
Dliteanas phinsin	20	**86,617**	-
Dliteanais chánach iarchurtha	21	**-**	10,365
Dliteanais neamh-reatha iomlána		**95,423**	23,833
Dliteanais reatha			
Nithe iníoctha trádála agus eile	16	**76,899**	70,055
Cánachas agus leas sóisialach	17	**9,095**	14,972
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	22	**148**	984
Sochair d'fhostaithe	19	**29,276**	24,727
Soláthairtí	18	**4,532**	6,155
Dliteanais reatha iomlána		**119,950**	116,893
Dliteanais iomlána		**215,373**	140,726
Cothromas agus dliteanais iomlána		**289,636**	318,028

Thar ceann an Údaráis

Tom Savage
Cathaoirleach

Patricia Quinn
Comhalta an Údaráis agus
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

30 Aibreán 2009

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas don bhliain		**33**	26,429
Coigeartaí maidir le:			
Dímheas maoine, innealra agus trealaimh	8	**19,970**	17,857
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	9	**1,052**	988
Cailliúint/(gnóthachan) ar dhiúscairt maoine, innealra agus trealaimh		**32**	(5)
Cailliúint ar dhiúscairt sócmhainní neamh-inláimhsithe		**16**	-
Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim		**4,613**	6,209
Glan-ioncam airgeadais		**(10,324)**	(19,423)
(Creidmheas)/costas cánach ioncaim	7	**(9,459)**	3,154
		5,933	35,209
Athrú i bhfardail		**2,581**	(2,195)
Athrú i nithe infhaighte trádála agus eile		**9,145**	(4,208)
Athrú i réamhíocaíochtaí		**6,910**	(7,259)
Athrú i nithe iníoctha trádála agus eile		**259**	6,294
Athrú i gcánachas agus leas sóisialach		**(5,514)**	(191)
Athrú i soláthairtí agus i sochair d'fhostaithe		**(877)**	3,574
Glan-airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**18,437**	31,224
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Airgead tirim diúscartha ar oibríocht scortha	6	**-**	(3,568)
Ús faighte		**5,602**	3,865
Fáltas ó dhíol maoine, innealra agus trealaimh		**63**	43
Fáil maoine, innealra agus trealaimh		**(44,432)**	(20,026)
Fáil sócmhainní neamh-inláimhsithe		**(1,538)**	(2,706)
Glan-airgead arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		**(40,305)**	(22,392)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadaithe			
Laghdú/(méadú) ar infheistíochtaí leachtacha		**73,405**	(3,972)
Glan-airgead arna úsáid in ghníomhaíochtaí airgeadaithe		**73,405**	(3,972)
Meadú glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		**51,537**	4,860
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		**16,730**	11,870
Meadú ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		**51,537**	4,860
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	13	**68,267**	16,730

Clár Comhardaithe RTÉ

amhail an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000 Mar atá athluaite (nóta 25)
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní neamh-reatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	**59,138**	49,192
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	9	**4,442**	4,238
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	10	**65,827**	65,827
Sóchmhainn chánach iarchurtha	21	**1,845**	-
Sócmhainn pinsin	20	**-**	17,535
Nithe infhaighte eile	12	**626**	942
Sócmhainní neamh-reatha iomlána		**131,878**	137,734
Sócmhainní reatha			
Fardail	11	**40,314**	43,622
Nithe infhaighte trádála agus eile	12	**44,403**	52,185
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe		**8,667**	17,367
Infheistíochtaí leachtacha	14	**-**	31,923
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	13	**36,068**	11,369
Sócmhainní reatha iomlána		**129,452**	156,466
Sócmhainní iomlána		**261,330**	294,200
COTHROMAS			
Tuillimh choinnithe	15	**22,434**	134,227
DLITEANAIS			
Dliteanais neamh-reatha			
Sochair d'fhostaithe	19	**8,806**	13,468
Dliteanas phinsin	20	**86,617**	-
Dliteanais chánach iarchurtha	21	**-**	8,425
Dliteanais neamh-reatha iomlána		**95,423**	21,893
Dliteanais reatha			
Nithe iníoctha trádála agus eile	16	**101,891**	95,337
Cánachas agus leas sóisialach	17	**8,083**	11,902
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	22	**148**	984
Sochair d'fhostaithe	19	**28,819**	23,800
Soláthairtí	18	**4,532**	6,057
Dliteanais reatha iomlána		**143,473**	138,080
Dliteanais iomlána		**238,896**	159,973
Cothromas agus dliteanais iomlána		**261,330**	294,200

Thar ceann an Údaráis

Tom Savage
Cathaoirleach

Patricia Quinn
Comhalta an Údaráis agus
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

30 Aibreán 2009

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid RTÉ

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh)/barrachas don bhliain		**(8,721)**	17,975
Coigeartaí maidir le:			
Dímheas maoine, innealra agus trealaimh	8	**14,774**	12,448
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	9	**975**	953
Cailliúint ar dhiúscairt maoine, innealra agus trealaimh		**(21)**	(4)
Difríocht idir muirear phinsin agus rannóca airgid thirim		**4,613**	6,209
Glan-ioncam airgeadais		**(8,145)**	(19,372)
(Creidmheas)/costas cánach ioncaim		**(9,956)**	1,504
		(6,481)	19,713
Athrú i bhfardail		**2,815**	(2,141)
Athrú i nithe infhaighte trádála agus eile		**8,098**	(3,519)
Athrú i réamhíocaíochtaí		**7,798**	(7,564)
Athrú i nithe iníoctha trádála agus eile		**3,970**	(22,305)
Athrú i gcánachas agus leas sóisialach		**(1,941)**	(744)
Athrú i soláthairtí agus i sochair d'fhostaithe		**(407)**	3,453
Glan-airgead ó/(arna úsáid i) ngníomhaíochtaí oibriúcháin		**13,852**	(13,107)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ús faighte		**3,251**	3,864
Fáltas ó dhíol maoine, innealra agus trealaimh		**40**	34
Meadú ar infheistíocht i bhfochuideachtaí		**-**	(14,472)
Fáil maoine, innealra agus trealaimh		**(23,160)**	(11,468)
Fáil sócmhainní neamh-inláimhsithe		**(1,207)**	(2,566)
Glan-airgead arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		**(21,076)**	(24,608)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadaithe			
Laghdú ar infheistíochtaí leachtacha		**31,923**	37,510
Glan-airgead ó ghníomhaíochtaí airgeadaithe		**31,923**	37,510
Meadú/(laghdú) glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		**24,699**	(205)
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		**11,369**	11,574
Meadú/(laghdú) ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		**24,699**	(205)
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	13	**36,068**	11,369

Nótaí

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna

(a) Príomhghníomhaíochtaí

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ agus is é a phríomhghníomhaíocht seirbhísí poiblí raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió saor go haer a chraoladh. Freastalaíonn na seirbhísí sin ar gach catagóir déimeagrafach i sochaí na hÉireann le réimse leathan aschuir agus seánraí, gan baint le lucht féachana tráchtála a mhealladh, agus le béim faoi leith ar chláir de dhéantús Éireannach. Áirítear ar ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de chuid RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus grúpaí oirfide eile a oibriú. Soláthraíonn RTÉ raon fairsing seirbhísí Ar líne, gréasán-bhunaithe saor in aisce, a dhíríonn den chuid is mó ar lucht féachana na hÉireann, laistigh dá rannán Foilsitheoireachta.

Bíonn an costas bliantúil do RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin a sholáthar agus a airgeadú cuid mhór sa bhreis ar an maoiniú poiblí a fhaightear mar ioncam ón Táille Cheadúnais. Dá reir sin téann RTÉ i mbun go leor gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha, go príomha laistigh de Phoblacht na hÉireann, chun tacú lena ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí. Áirítear orthu sin díolachán fógraíochta agus urraíochta, foilsitheoireacht an *RTÉ Guide,* cheadúnú/díolachán ábhair, díolachán earraí a bhaineann le cláir, saoráidí léiriúcháin a fháil ar cíos agus scaireanna ioncaim ó theileachumarsáid/téacsanna. Ina theannta sin oibríonn RTÉ Transmission Network Limited (RTÉNL) líonra tarchuradóireachta craolacháin náisiúnta laistigh de Phoblacht na hÉireann, a chuireann sé ar fáil do chraoltóirí áitiúla agus náisiúnta araon, lena n-áirítear seirbhísí RTÉ féin, ar bhonn neamhthuilleamaíoch. Ligeann RTÉNL spás túir/crainn breise ar cíos do raon úsáideoirí neamh-chraolta tríú páirtí.

Tá oibríochtaí agus bainistíocht RTÉ eagraithe i sé Rannán Comhtháite Gnó (IBDanna): Teilifís, Raidió, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Grúpaí Oirfide, Foilsitheoireacht agus Líonra, mar aon le hlonad Corparáideach agus Seirbhísí Roinnte Lárnacha. Tá IBD Líonra lonnaithe go hiomlán laistigh d'fhochuideachta atá faoi lán-úinéireacht agus faoi bhainistiú ar leithligh RTÉ, RTÉ Transmission Network Limited (féach thuas). Tá Ceannáras Corparáideach comhdhéanta de ghníomhaíochtaí riaracháin ghinearálta agus de ghníomhaíochtaí eile a eascraíonn ag an leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Cuimsíonn Seirbhísí Roinnte Lárnacha gníomhaíochtaí a dhéantar go lárnach thar ceann na IBDanna. Ní thuairiscítear costais ag leibhéal IBD, cainéil nó seirbhíse ach amháin na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí na Seirbhísí Roinnte Lárnacha, agus a thabhaítear, mar sin, go lárnach thar ceann na IBDanna. Ní bhíonn costas an Cheannárais Chorparáidigh, mar aon le hús gearrtha agus ús faighte leithdháilte ar IBDanna.

Tá liosta sonrach de ghníomhaíochtaí RTÉ, mar aon leis an IBD ina ndéantar iad agus leis an eintiteas dlíthúil ina dtuairiscítear iad, a chaitear a thuiscint chun an t-eolas seo ar mhíreanna a léirmhíniú, leagtha amach i nóta 10 leis na ráitis airgeadais seo.

(b) Eolas míre

Tá anailís míre, a ullmhaítear de réir IAS 14 *Tuairisciú Míre,* leagtha amach i sceidil ag 1(d) agus 1 (e). Is iad príomh-mhíreanna tuairiscithe RTÉ a Rannáin Chomhtháite Gnó (IBDanna). Mar a luadh thuas déanann seirbhísí poiblí RTÉ freastal ar shochaí na hÉireann agus is laistigh de Phoblacht na hÉireann, go príomha, atá a chuid gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha. De bharr, mar sin, go n-oibríonn RTÉ laistigh de mhír gheografach amháin, go príomha, ní theastaíonn aon fhaisnéis mhíre gheografach thánaisteach.

Anailís míre de réir IBD

Cuirtear anailís míre de réir IBD i láthair sna sceidil ag 1(d) agus 1(f). Sna sceidil atá leagtha amach ag 1 (d), tuairiscítear ioncam tráchtála san IBD ina dtuilltear é. Seachas an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairisciú ioncaim ón Táille Cheadúnais laistigh de gach IBD dá leithdháileadh ar gach cainéal agus seirbhís ar leithligh (féach thíos). I gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, tá na costais go léir, seachas luach an aschuir nuachta a chuirtear ar fáil do RTÉ 2fm, clúdaithe ag ioncaim ón Táille Cheadúnais leithdháilte.

Tuairiscítear costais a thabhaítear go díreach ag IBD agus ar son IBD laistigh den IBD sin. Sa chás go dtabhaítear costais ag Seirbhísí Roinnte Lárnacha thar ceann IBD, nó ag IBD amháin thar ceann IBD eile, úsáidtear bonn leithdháilte glactha/úsáide costas iomlán iomchuí chun costas cóir agus réasúnta maidir leis na seirbhísí idir-rannáin a úsáideann na IBDanna sin a chur i bhfeidhm. Bunaítear na leithdháiltí ar phrionsabail chuntasaíochta costais a bhíonn curtha i bhfeidhm go leanúnach agus inchosanta go hoibiachtúil.

Chun críocha anailís na míre IBD, (na sceidil a leagtar amach ag 1(d)), nochtaítear costais an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha ar leithligh ó Theilifís agus Raidió.

Tugann RTÉNL sonraisc do gach IBD ar bhonn na samhla taraife foilsithe, agus corrlach san áireamh. Sonraisctear seirbhísí eile RTÉNL ag rátaí tráchtála iomchuí.

Áirítear ar an eolas a thugtar i ndáil leis na IBDanna Teilifís agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha na costais agus muirir i dtaca le hoibleagáid reachtúil RTÉ cláir a sholáthar do TG4 de réir pholasaí an Rialtais (féach 1(e) thíos).

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD tar éis deireadh a chur le sócmhainní agus dliteanais idirchuideachta agus aon bhrabús idirchuideachta de bharr aistrithe inmheánacha, ag 1(f) thíos.

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(c) Anailís eile

Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí

Sna sceidil atá leagtha amach ag 1(e), tuairiscítear costais agus ioncam tráchtála laistigh de chainéil, seirbhísí agus seánraí craoltóireachta ar bhealach a thagann leis na prionsabail chéanna a úsáidtear chun ioncam agus costais IBD a thuairisciú.

Chun críocha na hanailíse míre cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta seo, tá costais an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha leithdháilte go hiomlán ar na cainéil iomchuí Teilifíse agus Raidió ar bhonn na húsáide iomchuí agus de réir phrionsabail chuntasaíochta costais a bhíonn curtha i bhfeidhm go leanúnach agus inchosanta go hoibiachtúil.

Seachas na costais leithdháilte an aschuir nuachta a sholáthraítear do RTÉ 2fm, clúdaíonn ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte costais iomlán an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha.

Déantar ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh go comhuaineach ar na cainéil seirbhíse poiblí agus ar na seirbhísí sin lena mbaineann cumas teoranta chun ioncam tráchtála a ghiniúint ina gceart féin agus a dhéantar a mhaoiniú ag ioncam ón Táille Cheadúnais, mar atá riachtanach, d'fhonn seachadadh leanúnach na seirbhíse poiblí a éascú. Tá na seirbhísí faoi shaincheist comhdhéanta de Ghrúpaí Oirfide RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ lyric fm.

Ní bhíonn aon ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte ar RTÉ 2fm de bharr go ngineann an cainéal seirbhíse poiblí sin a dhóthain ioncaim tráchtála lena chostais a chlúdach agus le barrachas a ghiniúint.

Tá maoiniú chostais RTÉ Radio 1 comhdhéanta de:

- fógraíocht agus urraíocht RTÉ Radio 1
- barrachais arna nginiúint ag gníomhaíochtaí tráchtála IBD Raidió neamhchainéil
- barrachais arna nginiúint ag RTÉ 2fm;

leis an iarmhéid déanta as leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais a bhíonn comhdhéanta de dhá ghné:

- suim comhionann le costas leithdháilte na seirbhísí a sholáthraítear do RTÉ Radio 1 tríd an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha
- ranníocaíocht chomhardaithe (tar éis an t-ioncam eile go léir a fháil) i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach a chraoltar ar RTÉ Radio 1.

Tar éis na leithdháiltí a bhfuil tuairisc thuas orthu a aisbhaint, déantar fuíollach an ioncaim ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh mar ranníocaíocht i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach ar an dá chainéal teilifíse seirbhíse poiblí de chuid RTÉ, is iad sin RTÉ One agus RTÉ Two. Déantar an méid a leithdháiltear ar gach cainéal a ríomh faoi threoir chostais chomhréireacha na gclár de dhéantús Éireannach do gach cainéal. Ní leithdháiltear aon ghné d'ioncam ón Táille Cheadúnais ar chostais na gclár faighte a mhaoiniú nó ar chostais oibriúcháin na seirbhísí poiblí neamh-chláir a thabhaíonn na cainéil.

Ní bhíonn ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte go díreach ar Fhoilsitheoireacht RTÉ, Líonra RTÉ, Ceannáras Corparáideach nó ar aon ghníomhaíocht nó seirbhís neamh-chainéil eile. Mar thoradh air sin, ní leithdháiltear aon ghné den ioncam ón Táille Cheadúnais ar sheirbhísí poiblí Ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce RTÉ, a ndéantar a mhaoiniú faoi láthair ag barrachais ó ghníomhaíochtaí tráchtála agus sin amháin.

Cuirtear na gníomhaíochtaí iarmharacha neamh-chainéil agus neamh-sheirbhíse le chéile faoin gcatagóir "Eile" agus áirtítear orthu IBD Líonra RTÉ, IBD Foilsitheoireachta RTÉ (gan gníomhaíochtaí "Ar líne" san áireamh), gníomhaíochtaí neamh-chainéil laistigh de IBD Teilifíse RTÉ nó de IBD Raidió RTÉ, mar aon le coigeartuithe comhdhlúthaithe infheidhme.

Tá na sceidil a leagtar amach ag 1(f) curtha in ord a dhéanann na costais agus ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamh-phoiblí éagsúla a léiriú agus a dheighilt go soiléir chun críocha tuairiscithe. Mar a luadh níos túisce sa tuarascáil seo, de bharr go bhfuil an costas do RTÉ maidir leis an raon iomlán gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí a sholáthar go mór os cionn an méid ioncaim ón Táille Cheadúnais, ní féidir a sheachaint go maoiníonn ioncam tráchtála seachas maoiniú poiblí cion mhór de ghníomhaíocht seirbhíse poiblí RTÉ. Tá seirbhísí poiblí ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce á mhaoiniú go hiomlán faoi láthair ag ioncam tráchtála a ghintear trí ghníomhaíochtaí eile agus mar sin ní tharraingíonn siad aon leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais.

Anailís ar mhuirir líonra ar sheirbhísí RTÉ go léir

In alt 1(g) thíos, déantear na suimeanna arna ngearradh ag RTÉNL ar gach ceann de sheirbhísí RTÉ a aithint go haonair.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(d) Ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008:

	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €'000	IBD Grúpaí Oirfide €'000	IBD Líonra €'000	IBD Foilsitheoireachta €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Coigeartuithe Comhdhlúthacháin* €'000	Iomlán don Ghrúpa €'000
Ioncam									
Ioncam ó Fhógraíochta	149,110	41,105	-	11	-	5,861	-	(484)	195,603
Ioncam ó Úrraíocht	6,168	1,989	-	274	-	945	-	-	9,376
Ioncam ó Shaoráidí	1,846	233	-	434	-	-	-	(419)	2,094
Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí	-	-	-	2,039	-	5,041	-	-	7,080
Ioncam ó tharchur, crann agus túir	-	-	-	-	27,599	-	-	(12,444)	15,155
Díolachan ábhair, earraí agus nithe gaolmhara	5,441	2,001	-	64	-	2,821	-	(21)	10,306
Ioncam tráchtála eile	16	-	-	-	-	278	40	(40)	294
Ioncam tráchtála	162,581	45,328	-	2,822	27,599	14,946	40	(13,408)	239,908
Leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais	94,036	32,609	58,739	15,468	-	-	-	-	200,852
	256,617	**77,937**	**58,739**	**18,290**	**27,599**	**14,946**	**40**	**(13,408)**	**440,760**
Costais de réir chatagóir aschuir									
Costais clár – de réir foinse									
Léirithe intí	(123,904)	(64,122)	(61,345)	-	-	-	-	761	(248,610)
Coimisiúin reachtúla	(35,680)	-	-	-	-	-	-	-	(35,680)
Coimisiúin neamh-reachtúla	(40,032)	-	(1)	-	-	-	-	-	(40,033)
Cláir a dhéantar in Éirinn	(199,616)	(64,122)	(61,346)	-	-	-	-	761	(324,323)
Cláir cheannaithe – Éire	(426)	-	-	-	-	-	-	-	(426)
Cláir cheannaithe – thar lear	(24,360)	(3)	-	-	-	-	-	-	(24,363)
	(224,402)	(64,125)	(61,346)	-	-	-	-	761	(349,112)
Costais chraolacháin & tarchuir ghinearálta	(28,985)	(1,751)	(142)	-	(21,485)	-	-	726	(51,637)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(6,557)	(5,184)		-	-	-	-	11,741	-
Costais dhíolacháin	(7,549)	(3,099)	-	-	-	(2,000)	-	524	(12,124)
Costais eile a bhaineann le haschur	(6,400)	(1,019)	(3)	(18,290)	-	(15,006)	-	252	(40,466)
	(273,893)	**(75,178)**	**(61,491)**	**(18,290)**	**(21,485)**	**(17,006)**	**-**	**14,004**	**(453,339)**
Ioncam agus costais neamhdháilte									
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	(6,148)	-	(6,148)
Glan-ús infhaighte	-	-	-	-	-	-	3,576	-	3,576
Barrachas/(easnamh) IBD	**(17,276)**	**2,759**	**(2,752)**	**-**	**6,114**	**(2,060)**	**(2,532)**	**596**	**(15,151)**
Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe									5,725
Easnamh roimh cháin ioncaim									**(9,426)**
Creidmheas cánach ioncaim									9,459
Barrachas don bhliain									**33**

* Deireach a chur le hioncam idirghrúpa agus costais.

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(d) Ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007:

	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €'000	IBD Grúpaí Oirfide €'000	IBD Líonra €'000	IBD Foilsitheoireachta €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Coigeartuithe Comhdhlúthacháin* €'000	Iomlán don Ghrúpa €'000
Ioncam									
Ioncam ó Fhógraíochta	156,928	39,977	-	3	-	6,388	-	(874)	202,422
Ioncam ó Úrraíocht	7,147	1,794	-	201	-	963	-	-	10,105
Ioncam ó Shaoráidí	2,172	240	-	429	-	-	-	(539)	2,302
Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí	-	-	-	1,760	-	5,248	-	-	7,008
Ioncam ó tharchur, crann agus túir	-	-	-	-	28,157	-	-	(14,378)	13,779
Díolachan ábhair, earraí agus nithe gaolmhara	5,290	1,922	-	57	-	2,497	-	(51)	9,715
Ioncam tráchtála eile	-	-	-	-	-	122	40	(40)	122
Ioncam tráchtála	171,537	43,933	-	2,450	28,157	15,218	40	(15,882)	245,453
Leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais	89,992	32,021	58,581	15,105	-	-	-	-	195,699
	261,529	**75,954**	**58,581**	**17,555**	**28,157**	**15,218**	**40**	**(15,882)**	**441,152**
Costais de réir chatagóir aschuir									
Costais clár – de réir foinse									
Léirithe intí	(104,997)	(60,408)	(61,025)	-	-	-	-	153	(226,277)
Coimisiúin reachtúla	(32,915)	-	-	-	-	-	-	-	(32,915)
Coimisiúin neamh-reachtúla	(44,160)	-	(114)	-	-	-	-	-	(44,274)
Cláir a dhéantar in Éirinn	(182,072)	(60,408)	(61,139)	-	-	-	-	153	(303,466)
Cláir cheannaithe – Éire	(372)	-	-	-	-	-	-	-	(372)
Cláir cheannaithe – thar lear	(23,679)	-	-	-	-	-	-	-	(23,679)
	(206,123)	(60,408)	(61,139)	-	-	-	-	153	(327,517)
Costais chraolacháin & tarchuir ghinearálta	(25,133)	(2,203)	(90)	-	(22,637)	-	-	4,135	(45,928)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(6,970)	(6,540)	-	-	-	-	-	13,510	-
Costais dhíolacháin	(7,365)	(3,254)	-	-	-	(1,949)	-	179	(12,389)
Costais eile a bhaineann le haschur	(5,788)	(895)	-	(17,555)	-	(14,249)	-	946	(37,541)
	(251,379)	**(73,300)**	**(61,229)**	**(17,555)**	**(22,637)**	**(16,198)**	**-**	**18,923**	**(423,375)**
Ioncam agus costais neamhdháilte									
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	(7,439)	-	(7,439)
Glan-ús infhaighte	-	-	-	-	-	-	3,061	-	3,061
Barrachas/(easnamh) IBD	**10,150**	**2,654**	**(2,648)**	**-**	**5,520**	**(980)**	**(4,338)**	**3,041**	**13,399**
Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe									16,184
Barrachas roimh cháin ioncaim									**29,583**
Costas cánach ioncaim									(3,154)
Barrachas don bhliain									**26,429**

* Deireach a chur le hioncam idirghrúpa agus costais.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(e) Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008:

	RTÉ One €'000	RTÉ Two €'000	RTÉ Radio 1 €'000	RTÉ 2fm €'000	RTÉ lyric fm €'000	RTÉ RnaG €'000	Tacaíocht do TG4 €'000	Grúpaí Oirfide €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Seirbhísí Ar Líne €'000	Eile €'000	Coigeartuithe Comhdh-lúthacháin €'000	Iomlán don Ghrúpa €'000
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ													
Costais chláir a dhéantar in Éirinn													
Léiriú intí	(93,454)	(70,226)	(42,132)	(13,505)	(7,835)	(13,896)	(8,323)	-	-	-	-	761	(248,610)
Coimisiúin reachtúla	(27,004)	(8,676)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(35,680)
Coimisiúin Neamh-reachtúla	(27,541)	(9,771)	-	-	-	-	(2,706)	-	-	(15)	-	-	(40,033)
	(147,999)	(88,673)	(42,132)	(13,505)	(7,835)	(13,896)	(11,029)	-	-	(15)	-	761	(324,323)
Costais clár – de réir seánra													
Ealaíona	(1,081)	-	(2,436)	-	(424)	(38)	-	-	-	-	-	8	(3,971)
Oideachas	(833)	-	(20)	(28)	(85)	(85)	-	-	-	-	-	1	(1,050)
Creideamh	(4,199)	-	(593)	-	-	(106)	-	-	-	-	-	19	(4,879)
Cláir fíorasacha eile	(36,838)	(2,082)	(2,558)	-	(265)	(3,101)	(2,643)	-	-	-	-	79	(47,408)
Fíorasach	(42,951)	(2,082)	(5,607)	(28)	(774)	(3,330)	(2,643)	-	-	-	-	107	(57,308)
Drámaíocht	(38,776)	(4,739)	(750)	-	-	(99)	(418)	-	-	(15)	-	44	(44,753)
Siamsaíocht	(23,918)	(8,698)	(4,400)	(1,998)	(271)	(618)	(392)	-	-	-	-	38	(40,257)
Ceol	(2,215)	(1,375)	(7,721)	(6,983)	(6,085)	(1,825)	-	-	-	-	-	70	(26,134)
Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	(38,834)	(3,024)	(18,423)	(4,405)	(657)	(5,884)	(6,637)	-	-	-	-	440	(77,424)
Spórt	(1,305)	(53,820)	(5,230)	(84)	-	(1,486)	(11)	-	-	-	-	17	(61,919)
Cláir do Dhaoine Óga	-	(14,935)	(1)	-	(48)	(654)	(928)	-	-	-	-	38	(16,528)
Eile	-	-	-	(7)	-	-	-	-	-	-	-	7	-
Cláir a dhéantar in Éirinn	(147,999)	(88,673)	(42,132)	(13,505)	(7,835)	(13,896)	(11,029)	-	-	(15)	-	761	(324,323)
Costais aschuir neamh-chraolacháin a dhéantar in Éirinn	-	-	-	-	-	-	-	(18,290)	-	(5,034)	-	38	(23,286)
	(147,999)	(88,673)	(42,132)	(13,505)	(7,835)	(13,896)	(11,029)	(18,290)	-	(5,049)	-	799	(347,609)
Maoiniú poiblí													
Ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh	81,992	49,126	19,976	-	8,118	15,063	11,109	15,468	-	-	-	-	200,852
	(66,007)	(39,547)	(22,156)	(13,505)	283	1,167	80	(2,822)	-	(5,049)	-	799	(146,757)
Costais ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de réir chatagóir aschuir													
Cláir cheannaithe													
- Éire	(378)	(48)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(426)
- thar lear	(13,236)	(11,124)	-	-	(3)	-	-	-	-	-	-	-	(24,363)
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta	(14,495)	(14,498)	(933)	(435)	(250)	(187)	(80)	-	-	-	-	-	(30,878)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(3,278)	(3,278)	(2,247)	(980)	(978)	(980)	-	-	-	-	-		(11,741)
	(31,387)	(28,948)	(3,180)	(1,415)	(1,231)	(1,167)	(80)	-	-	-	-	-	(67,408)
Ioncaim agus costais neamhdháilte													
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	-	-	(6,148)	-	-	-	(6,148)
Glan-ús infhaighte	-	-	-	-	-	-	-	-	3,576	-	-	-	3,576
Ioncaim airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	5,725	-	5,725
Easnamh ar ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí	**(97,394)**	**(68,495)**	**(25,336)**	**(14,920)**	**(948)**	**-**	**-**	**(2,822)**	**(2,572)**	**(5,049)**	**5,725**	**799**	**(211,012)**
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE NEAMH-PHOIBLÍ													
Ioncam tráchtála	106,496	48,791	23,393	20,084	992	-	-	2,822	40	2,592	48,106	(13,408)	239,908
Costais oibriúcháin seirbhíse neamh-phoiblí													
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(21,485)	726	(20,759)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	11,741	11,741
Costais dhíolacháin	(5,278)	(2,271)	(1,733)	(1,322)	(44)	-	-	-	-	(618)	(1,382)	524	(12,124)
Costais oibriúcháin eile	-	-	-	(312)	-	-	-	-	-	-	(17,082)	214	(17,180)
	(5,278)	(2,271)	(1,733)	(1,634)	(44)	-	-	-	-	(618)	(39,949)	13,205	(38,322)
Rannchuidiú ó ghníomhaíochtaí seirbhíse neamh-phoiblí	**101,218**	**46,520**	**21,660**	**18,450**	**948**	**-**	**-**	**2,822**	**40**	**1,974**	**8,157**	**(203)**	**201,586**
Glan bharrachas/(easnamh) roimh cháin ioncaim	**3,824**	**(21,975)**	**(3,676)**	**3,530**	**-**	**-**	**-**	**-**	**(2,532)**	**(3,075)**	**13,882**	**596**	**(9,426)**
Creidmheas cánach ioncaim	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	9,459	-	9,459
Barrachas/(easnamh) don bhliain	**3,824**	**(21,975)**	**(3,676)**	**3,530**	**-**	**-**	**-**	**-**	**(2,532)**	**(3,075)**	**23,341**	**596**	**33**

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(e) Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007:

	RTÉ One €'000	RTÉ Two €'000	RTÉ Radio 1 €'000	RTÉ 2fm €'000	RTÉ lyric fm €'000	RTÉ RnaG €'000	Tacaíocht do TG4 €'000	Grúpaí Oirfide €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Seirbhísí Ar Líne €'000	Eile €'000	Coigeartuithe Comhdh-lúthacháin €'000	Iomlán don Ghrúpa €'000
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ													
Costais chláir a dhéantar in Éirinn													
Léiriú intí	(88,438)	(55,813)	(40,422)	(12,717)	(7,219)	(12,708)	(9,113)	-	-	-	-	153	(226,277)
Coimisiúin reachtúla	(29,106)	(3,809)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(32,915)
Coimisiúin Neamh-reachtúla	(26,226)	(15,650)	-	-	-	-	(2,398)	-	-	-	-	-	(44,274)
	(143,770)	(75,272)	(40,422)	(12,717)	(7,219)	(12,708)	(11,511)	-	-	-	-	153	(303,466)
Costais clár – de réir seánra													
Ealaíona	(1,139)	-	(2,658)	-	(390)	(28)	-	-	-	-	-	2	(4,213)
Oideachas	(229)	-	(17)	(51)	(86)	(78)	-	-	-	-	-	-	(461)
Creideamh	(3,969)	-	(560)	-	-	(90)	-	-	-	-	-	4	(4,615)
Cláir fíorasacha eile	(35,736)	(2,212)	(2,664)	-	(202)	(2,828)	(2,167)	-	-	-	-	20	(45,789)
Fíorasach	(41,073)	(2,212)	(5,899)	(51)	(678)	(3,024)	(2,167)	-	-	-	-	26	(55,078)
Drámaíocht	(33,118)	(6,034)	(717)	-	-	(104)	(381)	-	-	-	-	40	(40,314)
Siamsaíocht	(27,135)	(7,250)	(4,764)	(1,798)	(238)	(511)	(1,086)	-	-	-	-	20	(42,762)
Ceol	(2,012)	(1,210)	(7,024)	(6,610)	(5,770)	(1,626)	-	-	-	-	-	2	(24,250)
Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	(38,964)	(3,055)	(17,438)	(4,168)	(488)	(5,486)	(6,629)	-	-	-	-	30	(76,198)
Spórt	(1,468)	(40,139)	(4,576)	(90)	-	(1,345)	(7)	-	-	-	-	16	(47,609)
Cláir do Dhaoine Óga	-	(15,372)	(4)	-	(45)	(612)	(995)	-	-	-	-	19	(17,009)
Eile	-	-	-	-	-	-	(246)	-	-	-	-	-	(246)
Cláir a dhéantar in Éirinn	(143,770)	(75,272)	(40,422)	(12,717)	(7,219)	(12,708)	(11,511)	-	-	-	-	153	(303,466)
Costais aschuir neamh-chraolacháin a dhéantar in Éirinn	-	-	-	-	-	-	-	(17,555)	-	(3,250)	-	9	(20,796)
	(143,770)	(75,272)	(40,422)	(12,717)	(7,219)	(12,708)	(11,511)	(17,555)	-	(3,250)	-	162	(324,262)
Maoiniú poiblí													
Ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh	83,342	43,633	20,297	-	7,875	13,889	11,558	15,105	-	-	-	-	195,699
	(60,428)	(31,639)	(20,125)	(12,717)	656	1,181	47	(2,450)	-	(3,250)	-	162	(128,563)
Costais ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de réir chatagóir aschuir													
Cláir cheannaithe													
- Éire	(230)	(142)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(372)
- thar lear	(13,684)	(9,995)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(23,679)
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta	(12,755)	(12,391)	(1,286)	(506)	(251)	(191)	(47)	-	-	-	-	-	(27,427)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(3,485)	(3,485)	(3,594)	(975)	(981)	(990)	-	-	-	-	-	-	(13,510)
	(30,154)	(26,013)	(4,880)	(1,481)	(1,232)	(1,181)	(47)	-	-	-	-	-	(64,988)
Ioncaim agus costais neamhdháilte													
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	-	-	(7,439)	-	-	-	(7,439)
Glan-ús infhaighte	-	-	-	-	-	-	-	-	3,061	-	-	-	3,061
Ioncaim airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	16,184	-	16,184
Easnamh ar ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí	**(90,582)**	**(57,652)**	**(25,005)**	**(14,198)**	**(576)**	**-**	**-**	**(2,450)**	**(4,378)**	**(3,250)**	**16,184**	**162**	**(181,745)**
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE NEAMH-PHOIBLÍ													
Ioncam tráchtála	111,323	52,729	22,258	20,020	628	-	-	2,450	40	2,226	49,661	(15,882)	245,453
Costais oibriúcháin seirbhíse neamh-phoiblí													
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(22,636)	4,135	(18,501)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	13,510	13,510
Costais dhíolacháin	(5,149)	(2,216)	(1,762)	(1,440)	(52)	-	-	-	-	(476)	(1,473)	179	(12,389)
Costais oibriúcháin eile	-	-	-	(297)	-	-	-	-	-	-	(17,385)	937	(16,745)
	(5,149)	(2,216)	(1,762)	(1,737)	(52)	-	-	-	-	(476)	(41,494)	18,761	(34,125)
Rannchuidiú ó ghníomhaíochtaí seirbhíse neamh-phoiblí	**106,174**	**50,513**	**20,496**	**18,283**	**576**	**-**	**-**	**2,450**	**40**	**1,750**	**8,167**	**2,879**	**211,328**
Glan bharrachas/(easnamh) roimh cháin ioncaim	**15,592**	**(7,139)**	**(4,509)**	**4,085**	**-**	**-**	**-**	**-**	**(4,338)**	**(1,500)**	**24,351**	**3,041**	**29,583**
Caiteachas cánach ioncaim	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(3,154)	-	(3,154)
Barrachas/(easnamh) don bhliain	**15,592**	**(7,139)**	**(4,509)**	**4,085**	**-**	**-**	**-**	**-**	**(4,338)**	**(1,500)**	**21,197**	**3,041**	**26,429**

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(f) Sóchmhainní, dliteanais agus eolas eile de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ

	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €000	IBD Líonra €'000	IBD Foilsitheoireachta €'000	IBD Grúpaí Oirfide €'000	Neamhdháilte[1] €'000	Iomlán an Ghrúpa €'000
An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008								
Sócmhainní míre	133,809	21,858	11,862	63,605	6,836	1,521	-	239,491
Sócmhainní neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	50,145	50,145
Sócmhainní iomlána	**133,809**	**21,858**	**11,862**	**63,605**	**6,836**	**1,521**	**50,145**	**289,636**
Dliteanais mhíre	(51,155)	(5,027)	(4,197)	(14,481)	(3,406)	(998)	-	(79,264)
Dliteanais neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	(136,109)	(136,109)
Dliteanais iomlána	**(51,155)**	**(5,027)**	**(4,197)**	**(14,481)**	**(3,406)**	**(998)**	**(136,109)**	**(215,373)**
Caiteachas caipitil	**12,056**	**5,156**	**7,736**	**24,901**	**1,170**	**405**	**-**	**51,424**
Dímheas maoine, innealra agus trealaimh	**9,378**	**3,227**	**1,988**	**5,363**	**410**	**155**	**(551)**	**19,970**
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	**584**	**254**	**98**	**17**	**88**	**11**	**-**	**1,052**
An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007								
Sócmhainní míre	149,576	20,413	4,745	43,949	6,928	1,303	-	226,914
Sócmhainní neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	91,114	91,114
Sócmhainní iomlána	149,576	20,413	4,745	43,949	6,928	1,303	91,114	318,028
Dliteanais mhíre	(51,894)	(4,505)	(3,937)	(10,336)	(4,209)	(1,740)	-	(76,621)
Dliteanais neamhdháilte	-	-	-	-	-	-	(64,105)	(64,105)
Dliteanais iomlána	(51,894)	(4,505)	(3,937)	(10,336)	(4,209)	(1,740)	(64,105)	(140,726)
Caiteachas caipitil	5,697	3,217	1,274	8,487	424	37	-	19,136
Dímheas maoine, innealra agus trealaimh	8,284	2,521	1,505	5,739	338	119	(648)	17,858
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	553	246	71	41	66	11	-	988

[1] Bíonn sócmhainní neamhdháilte comhdhéanta go príomha d'airgead tirim agus infheistíochtaí leachtacha agus de bharrachais actúireacha ar Scéim Aoisliúntais RTÉ in 2007. Bíonn dliteanais neamhdháilte comhdhéanta go príomha de cháin agus dliteanais airgeadais eile i dteannta le sochair agus soláthairtí fostaithe agus an t-easnamh actúireacha ar Scéim Aoisliúntais RTÉ in 2008.

(g) Anailís ar mhuirir líonra ar sheirbhísí RTÉ go léir (TG4 san áireamh)

	2008 €'000	2007 €'000
RTÉ One	**3,585**	3,485
RTÉ Two	**3,343**	3,485
RTÉ Radio 1	**2,401**	3,594
RTÉ 2fm	**1,008**	975
RTÉ lyric fm	**1,003**	981
RTÉ Raidió na Gaeltachta	**1,055**	990
Tacaíocht a sholáthair RTÉ do TG4 agus do Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta (go dtí 31 Marta 2007)	**-**	862
	12,395	14,372

2 Costais oibriúcháin

	2008 €'000	2007 €'000
Costais fostaithe (nóta 5)	**176,077**	169,615
Costais eile a bhaineann le pearsanra	**45,887**	46,185
Costais oibriúcháin a bhaineann le pearsanra	**221,964**	215,800
Costais cláir teilifíse choimisiúnaithe go díreach	**72,202**	70,211
Costais clár cheannaithe go díreach	**24,199**	22,684
Cóipchearta spóirt agus eile	**25,812**	16,861
Conarthaí craolacháin seachtracha	**7,130**	7,172
Ciorcaid chumarsáide idirnáisiúnta	**4,015**	3,582
Costais chlódóireachta an Guide agus costais eile a bhanineann le clódóireacht	**2,819**	3,585
Leictreachas líonra	**3,140**	3,244
Ceadúnais cheoil	**7,806**	6,448
Polasaithe árachais	**1,583**	1,457
Dímheas agus amúchadh	**21,022**	18,846
Costais eile	**68,818**	60,299
Costais oibriúcháin nach mbaineann le pearsanra	**238,546**	214,389
Costais oibriúcháin iomlána	**460,510**	430,189

3 Ioncam agus costas airgeadais

	2008 €'000	2007 €'000
Ioncam úis ar thaiscí bainc	**4,527**	3,970
Gnóthachán luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	**836**	-
Ioncam airgeadais	**5,363**	3,970
Díscaoileadh na lascaine ar sholáthar athstruchtúrtha (nóta 19)	**763**	728
Caillteanas luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	**-**	803
Costas airgeadais eile	**1**	3
Costas airgeadais	**764**	1,534
Toradh ionchasach ar shócmhainní scéime (nóta 20)	**59,298**	62,098
Costas úis ar dhliteanais scéime (nóta 20)	**(53,573)**	(45,914)
Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	**5,725**	16,184
Glan-ioncam airgeadais aitheanta sa ráiteas ioncam	**10,324**	18,620

4 (Easnamh)/barrachas ar oibríochtaí leanúnacha roimh cháin ioncaim

Áirítear na suimeanna seo a leanas san (easnamh)/bharrachas ar oibríochtaí leanúnacha roimh cháin ioncaim:

	2008 €'000	2007 €'000
Dímheas agus amúchadh		
- Dímheas maoine, innealra agus trealaimh	**19,970**	17,858
- Amúchadh sócmhainní neamh-inláimhsithe	**1,052**	988
(Cailliúint)/gnóthachan ar dhiúscairt maoine, innealra agus trealaimh	**(48)**	5
Luach saothair na n-iniúchóirí, lena n-áirítear speansais		
- táillí iniúchta	**191**	144
- seirbhísí eile a bhaineann le iniúchadh	**51**	65
- obair neamh-iniúchta		
- comhairle chánach	**356**	256
- airgeadas corparáideach	**351**	128
- seirbhísí eile	**57**	3
Cíosanna léasa oibríochta, feithiclí go príomha	**116**	193

Tá luach saothair chomhaltaí an Údaráis agus an Phríomh-Stiúrthóra leagtha amach ar leathanach 34.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

5 Eolas maidir le fostaithe

B'ionann costais foirne an ghrúpa le linn na bliana agus:

	2008 €'000	2007 €'000
Pá agus tuarastail	**150,168**	143,050
Costais leasa shóisialaigh	**10,257**	9,479
Costais phinsin agus árachais saoil	**15,652**	17,086
	176,077	169,615

Seo a leanas líon **iomlán** na bhfostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus ócáideacha sa Ghrúpa agus a gcomhionann lán-aimseartha, amhail an 31 Nollaig:

	Líon fostaithe		**Comhionann lán-aimseartha**	
	2008	2007	**2008**	2007
Grúpa RTÉ	**2,351**	2,307	**2,144**	2,106

Seo a leanas an **meánlíon bliantúil** d'fhostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus ócáideacha le linn na bliana:

	2008	2007
Grúpa RTÉ	**2,338**	2,319

6 Oibríocht scortha

Bunaíodh Teilifís na Gaeilge mar eintiteas reachtúil neamhspleách chun an tseirbhís teilifíse a craoladh mar TG4 an 1 Aibreán 2007 a oibriú, de bhun an *Ordaithe um Theilifís na Gaeilge (Lá Bunaithe) 2007*, a d'fheidhmigh na forálacha cuí den *Acht Craolacháin 2001*. Roimh an scarúint sin, bhí oibríochtaí TG4 mar chuid de Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, fochuideachta faoi lánúinéireacht RTÉ.

Ní raibh aon tionchar ag an scarúint sin, ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain 2008 agus 2007, de bharr nár aithníodh aon suimeanna i Ráiteas Ioncaim Ghrúpa RTÉ sna blianta roimhe sin i ndáil le TG4.

Éifeacht na diúscartha ar sheasamh airgeadais an Ghrúpa amhail an 31 Márta 2007

	2007 €'000
Maoin, innealra agus trealamh	(9,287)
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	(3,568)
Nithe infhaighte trádála agus eile	(1,806)
Dliteanais chánach iarchurtha	-
Nithe iníoctha trádála agus eile	2,457
Deontais chaipitil	12,204
	-
Comaoin faighte, sásaithe in airgead tirim	-
Airgead tirim diúscartha	(3,568)
Glan-eis-sreabhadh airgid thirim	(3,568)

7 (Creidmheas)/costas cánach ioncaim

	2008 €'000	2007 €'000
(Creidmheas)/costas cánach reatha		
Cáin chorparáide reatha	**2,018**	4,718
Ró-sholáthar ó thréimhse roimhe seo	**(2,381)**	-
	(363)	4,718
Creidmheas cánach iarchurtha		
Bunús agus cúlú difríochtaí sealadacha (notá 21)	**(5,057)**	(1,564)
Caillteanais chánach neamhaitheanta roimhe seo a aithint	**(4,039)**	-
	(9,096)	(1,564)
(Creidmheas)/costas cánach ioncaim iomlán	**(9,459)**	3,154

Imréiteach ráta cánach éifeachtach

	2008 €'000	2007 €'000
(Easnamh)/barrachas roimh cáin ioncaim méadaithe faoi 12.5%, an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (2007: 12.5%)	**(1,178)**	3,698
Tionchair:		
Ioncam incháinithe ag an ard-ráta cánach	**566**	432
Caillteanais ar aghaidh a aithint	**(4,039)**	-
Fuascailt an dliteanas chánach iarchurtha i leith coigeartuithe idirthréimhseach IFRS	**(2,972)**	-
Difríochtaí eile	**545**	(976)
Ró-sholáthar ó thréimhse roimhe seo	**(2,381)**	-
(Creidmheas)/costas cánach ioncaim iomlána	**(9,459)**	3,154

Cáin iarchurtha aitheanta go díreach i gcothramas

	2008 €'000	2007 €'000
A bhaineann le scéim phinsin shochair shainithe (nóta 21)	**2,192**	(458)
	2,192	(458)

Tá ioncam ón Táille Cheadúnais a fhaigheann RTÉ trí dheontas-i-gcabhar faoi réir cháin chorparáide le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá cailliúintí cánach corparáide ar an nGrúpa an 31 Nollaig 2008 de €540 milliún. Mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an uair ar féidir na caillteanais a úsáid sa deireadh thiar, níor aithníodh socmhainn cánach iarchurtha ach amháin i leith coigeartuithe idirthréimhseacha IFRS i leith dliteanais chánach iarchurtha a aithníodh cheana féin (déan tagairt do Nóta 21).

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

8 Maoin, innealra agus trealamh

Grúpa

	Talamh agus foirgnimh €'000	Innealra agus trealamh €'000	Fearais agus feistis €'000	Tionscadail chaipitil ar bun €'000	Iomlán €'000
Costas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	53,601	151,577	2,712	9,005	216,895
Breiseanna	-	773	-	16,206	16,979
Athranguithe	561	15,959	190	(16,710)	-
Diúscairtí agus scoir	(21)	(6,130)	(289)	-	(6,440)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	54,141	162,179	2,613	8,501	227,434
Iarmhéid amhail an1 Eanáir 2008	54,141	162,179	2,613	8,501	227,434
Breiseanna	-	-	-	49,899	49,899
Athranguithe	5,128	16,417	361	(21,906)	-
Diúscairtí agus scoir	(136)	(20,165)	(130)	-	(20,431)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	59,133	158,431	2,844	36,494	256,902
Dímheas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	26,625	108,586	1,672	-	136,883
Dímheas don bhliain	3,631	13,960	267	-	17,858
Diúscairtí agus scoir	(19)	(6,095)	(289)	-	(6,403)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	30,237	116,451	1,650	-	148,338
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	30,237	116,451	1,650	-	148,338
Dímheas don bhliain	4,414	15,070	486	-	19,970
Diúscairtí agus scoir	(126)	(20,080)	(131)	-	(20,337)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	34,525	111,441	2,005	-	147,971
Glan-luach leabhair					
Amhail an 31 Nollaig 2007	23,904	45,728	963	8,501	79,096
Amhail an 31 Nollaig 2008	24,608	46,990	839	36,494	108,931

RTÉ

	Talamh agus foirgnimh €'000	Innealra agus trealamh €'000	Fearais agus feistis €'000	Tionscadail chaipitil ar bun €'000	Iomlán €'000
Costas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	47,153	83,033	2,183	6,706	139,075
Breiseanna	-	-	-	8,627	8,627
Athranguithe	309	11,208	190	(11,707)	-
Diúscairtí agus scoir	-	(2,951)	-	-	(2,951)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	47,462	91,290	2,373	3,626	144,751
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	47,462	91,290	2,373	3,626	144,751
Breiseanna	-	-	-	24,724	24,724
Athranguithe	4,021	9,712	362	(14,095)	-
Diúscairtí agus scoir	(90)	(19,272)	(128)	-	(19,490)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	51,393	81,730	2,607	14,255	149,985
Dímheas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	23,819	60,721	1,163	-	85,703
Dímheas don bhliain	3,443	8,742	263	-	12,448
Diúscairtí agus scoir	-	(2,592)	-	-	(2,592)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	27,262	66,871	1,426	-	95,559
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	27,262	66,871	1,426	-	95,559
Dímheas don bhliain	4,023	10,273	478	-	14,774
Diúscairtí agus scoir	(90)	(19,268)	(128)	-	(19,486)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	31,195	57,876	1,776	-	90,847
Glan-luach leabhair					
Amhail an 31 Nollaig 2007	20,200	24,419	947	3,626	49,192
Amhail an 31 Nollaig 2008	20,198	23,854	831	14,255	59,138

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar luach carraera maoine, innealra agus trealaimh agus tá sé sásta go bhfuil na luachanna luaite go cothrom.

9 Sócmhainní neamh-inláimhsithe

Grúpa

	Bogearraí €'000	Bogearraí á thógáil €'000	Iomlán €'000
Costas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	3,524	1,198	4,722
Breiseanna	329	1,828	2,157
Athranguithe	2,760	(2,760)	-
Diúscairtí agus scoir	(472)	-	(472)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	6,141	266	6,407
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	6,141	266	6,407
Breiseanna	-	1,525	1,525
Athranguithe	1,102	(1,102)	-
Diúscairtí agus scoir	(15)	-	(15)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	7,228	689	7,917
Amúchadh			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	1,376	-	1,376
Amúchadh don bhliain	988	-	988
Diúscairtí agus scoir	(472)	-	(472)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	1,892	-	1,892
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	1,892	-	1,892
Amúchadh don bhliain	1,052	-	1,052
Diúscairtí agus scoir	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	2,944	-	2,944
Glan-luach leabhair			
Amhail an 31 Nollaig 2007	4,249	266	4,515
Amhail an 31 Nollaig 2008	4,284	689	4,973

RTÉ

	Bogearraí €'000	Bogearraí á thógáil €'000	Iomlán €'000
Costas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	3,100	1,132	4,232
Breiseanna	330	1,688	2,018
Athranguithe	2,677	(2,677)	-
Diúscairtí agus scoir	(183)	-	(183)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	5,924	143	6,067
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	5,924	143	6,067
Breiseanna	-	1,194	1,194
Athranguithe	648	(648)	-
Diúscairtí agus scoir	(15)	-	(15)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	6,557	689	7,246
Amúchadh			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007	1,059	-	1,059
Amúchadh don bhliain	953	-	953
Diúscairtí agus scoir	(183)	-	(183)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007	1,829	-	1,829
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	1,829	-	1,829
Amúchadh don bhliain	975	-	975
Diúscairtí agus scoir	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	2,804	-	2,804
Glan-luach leabhair			
Amhail an 31 Nollaig 2007	4,095	143	4,238
Amhail an 31 Nollaig 2008	3,753	689	4,442

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar luach carraera sócmhainní neamh-inláimhsithe agus tá sé sásta go bhfuil na luachanna luaite go cothrom.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

10 Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

RTÉ	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	65,827
Breiseanna	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	65,827

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag RTÉ amhail an 31 Nollaig 2008:

Fochuideachtaí	Scairchaipiteal i seilbh	Aicme gnó
RTÉ Commercial Enterprises Limited	100%	Foilseacháin agus gníomhaíochtaí tráchtála eile
RTÉ Music Limited	100%	Foilsitheoireacht ceoil
Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta	100%	Díomhaoin
RTÉ Transmission Network Limited	100%	Bainistiú sócmhainní líonra tarchuir
RTÉ Licence Collections Limited	100%	Bainistiú bhailiúchán Táille Cheadúnais
DTT Network Company	100%	Díomhaoin

Measann an tÚdarás nach bhfuil luach cóir infheistíochtaí eile an Ghrúpa níos lú ná a luach carraeireachta.

Is in Éirinn a oibríonn na fochuideachtaí go léir agus is ag RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 atá a gcuid oifigí cláraithe. Is fochuideachta faoi lánúinéireacht RTÉ Commercial Enterprises Limited é RTÉ Music Limited.

Gníomhaíochtaí Grúpa RTÉ a rangú de réir Rannáin Chomhtháite Ghnó (IBD) agus de réir eintitis dhlíthiúil

	RTÉ	RTÉ Commercial Enterprises Limited	RTÉ Music Limited	RTÉ Transmission Network Limited
IBD TEILIFÍSE RTÉ				
Sceidil agus cainéil teilifíse seirbhíse poiblí saor go haer a chraoladh	•			
Cláir teilifíse de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú	•			
Coimisiúnú reachtúil ábhair chláir ó léiritheoirí AE neamhspleácha	•			
Cláir theilifíse baile/neamh-bhaile a cheannach	•			
Soláthar reachtúil clár nach cláir nuachta agus cúrsaí reatha iad do TG4	•			
Fógraíocht teilifíse agus díolacháin urraíochta	•			
Saoráidí léirithe Teilifíse a bheith á soláthar do thríú páirtithe	•			
Ciorcaid craoltóireachta agus saoráidí teicniúla a sholáthar do thríú páirtithe	•			
Cartlanna cainéil Teilifíse agus leabharlann nuachta a chothabháil	•			
IBD Teilifíse RTÉ a riaradh	•			
Díolacháin earraí a bhaineann le clár		•		
Ábhar leabharlainne agus cartlainne a dhíol		•		
Liostuithe clár a dhíol		•		
Cláir teilifíse a dhíol		•		
Sciar ioncaim ó theileachumarsáid IVR/SMS		•		
Fógraí teilifíse do thríú páirtithe a léiriú sa stiúideo		•		
Sciar ioncaim ó fhógraíocht neamh-chraolta		•		
IBD RAIDIÓ RTÉ				
Sceidil agus cainéil raidió seirbhíse poiblí saor go haer a chraoladh	•			
Cláir raidió de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú	•			
Cláir raidió baile/neamh-bhaile a cheannach	•			
Fógraíocht raidió agus díolacháin urraíochta	•			
Cartlann agus leabharlann cainéal Raidió a chothabháil	•			
IBD Raidió RTÉ a riaradh	•			
Saoráidí léirithe Raidió a bheith a thabhairt ar cíos do thríú páirtithe		•		
Díolacháin earraí a bhaineann le clár		•		
Díolacháin leabharlainne agus liostuithe		•		
Sciar ioncaim ó theileachumarsáid IVR/SMS		•		
Stiúideo soghluaiste an Roadcaster agus díolacháin urraíochta		•		
Fógraí raidió a léiriú sa stiúideo		•		
Sciar ioncaim ó fhógraíocht neamh-chraolta		•		
IBD NUACHT AGUS CÚRSAÍ REATHA RTÉ				
Seirbhís bailithe nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a sholáthar	•			
Feasacháin nuachta teilifíse agus raidió, imeachtaí agus cláir a léiriú agus a chlúdach	•			
Cláir chúrsaí reatha a choimisiúnú agus a léiriú	•			
Soláthar reachtúil clár nuachta agus cúrsaí reatha do TG4	•			
IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ a riaradh	•			
IBD LÍONRA RTÉ				
Seirbhísí tarchuir craoltóireachta raidió agus teilifíse analóige náisiúnta a sholáthar				•
Seirbhísí crann agus túir coimhdeacha a thabhairt ar cíos				•
IBD Líonra RTÉ a riaradh				•
IBD FOILSITHEOIREACHTA RTÉ				
Cóipcheart ceoil a dhíol			•	
Nuacht agus ábhar craoltóireachta eile a thionscnamh agus a athaistriú i bhformáid dhigiteach		•		
Seirbhísí teileatéacs *Aertel* a sholáthar		•		
Seirbhísí gréasáin ar líne a sholáthar		•		
Fógraíocht agus urraíocht mheirge ar líne a dhíol		•		
Fógraíocht agus urraíocht teileatéacs a dhíol		•		
Ioncam IVR/SMS		•		
An iris *RTÉ Guide* a tháirgeadh agus a léiriú		•		
Díolacháin fógraíochta an *RTÉ Guide*		•		
Teicneolaíochtaí meán nua a chothú agus a fhorbairt		•		
IBD Foilsitheoireachta RTÉ a riaradh		•		
IBD GRÚPAÍ OIRFIDE RTÉ				
Taibhithe cóir agus ceolfhoirne	•			
Ceol ceolfhoirne agus cóir a choimisiúniú, a léiriú, a thaibhiú agus a thaifeadadh	•			
Ceolfhoirne Siansa agus Coirme a thabhairt ar cíos	•			
IBD Grúpaí Oirfide RTÉ a riaradh	•			
SEIRBHÍSÍ ROINNTE A THABHAÍTEAR GO LÁRNACH				
Cumarsáid an Ghrúpa, Acmhainní Daonna Lárnach, Dlíthiúl an Ghrúpa, Cistíocht an Ghrúpa, Tacaíocht IT Lárnach, Seirbhísí Shuíomh Dhomhnach Broc, Árachas an Ghrúpa agus Pinsin an Ghrúpa	•			
CEANNÁRAS CORPARÁIDEACH				
Treorú agus oibriú foriomlán an Chraoltóra Seirbhíse Poiblí	•			
Sealúchas infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí a bhaineann le craoltóireacht	•			

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

11 Fardail

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
Obair ar siúl				
Cláir intí	**2,101**	1,841	**1,946**	1,767
Cláir choimisiúnaithe	**18,681**	22,371	**18,681**	22,371
Cláir chríochnaithe				
Cláir agus scannáin cheannaithe	**15,449**	14,130	**15,450**	14,130
Cláir intí	**738**	1,030	**738**	1,030
Cláir choimisiúnaithe	**3,499**	4,324	**3,499**	4,324
Fardail eile	**846**	691	**-**	-
	41,314	44,387	**40,314**	43,622

Is ionann fardail a úsáideadh i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2008 agus €108.5 milliún (2007: €109.1 milliún).

Baineann fardail eile le mionpháirteanna breise arna gcoimeád sa ghnó Líonra.

12 Nithe infhaighte trádála agus eile

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000 Mar atá athluaithe (nóta 25)	**2008 €'000**	2007 €'000 Mar atá athluaithe (nóta 25)
Sócmhainní reatha				
Nithe infhaighte trádála	**52,803**	61,294	**44,081**	51,524
Nithe infhaighte eile	**331**	669	**322**	661
	53,134	61,963	**44,403**	52,185
Sócmhainní neamh-reatha				
Nithe infhaighte eile	**626**	942	**626**	942
	53,760	62,905	**45,029**	53,127

Léirítear nochtadh an Ghrúpa do rioscaí creidmheasa agus airgeadra agus do chailliúintí lagaithe a bhaineann le nithe infhaighte trádála agus eile i nóta 22.

13 Airgead tirim agus cóibhéisí airgid

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
Iarmhéideanna bainc	**12,091**	7,821	**11,035**	6,328
Taiscí inghlaoite	**56,176**	8,909	**25,033**	5,041
Iomlán airgid tirim agus cóibhéisí airgid	**68,267**	16,730	**36,068**	11,369
Meánráta ualaithe úis ar thaiscí inghlaoite	**3.68%**	5.15%	**3.83%**	5.15%

Léirítear nochtadh an Ghrúpa do riosca ráta úis agus anailís íogaireachta do shócmhainní agus do dhliteanais airgeadais i nóta 22.

14 Infheistíochtaí leachtacha

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
Taiscí téarma	**-**	73,405	**-**	31,923
Infheistíochtaí leachtacha iomlána	**-**	73,405	**-**	31,923
Meánráta ualaithe úis ar thaiscí téarma	**-**	4.84%	**-**	4.84%

Léirítear nochtadh an Ghrúpa do riosca ráta úis agus anailís íogaireachta do shócmhainní agus do dhliteanais airgeadais i nóta 22.

15 Cúlchistí

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000 Mar atá athluaithe (nóta 25)	**2008 €'000**	2007 €'000 Mar atá athluaithe (nóta 25)
Tuillimh choinnithe:				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	**177,302**	161,070	**134,227**	126,449
Coigeartú na bliana roimhe seo (Nóta 25)	**-**	(3,427)	**-**	(3,427)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir (mar atá athluaite)	**177,302**	157,643	**134,227**	123,022
Ioncam agus costas aitheanta iomlán	**(103,039)**	19,659	**(111,793)**	11,205
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**74,263**	177,302	**22,434**	134,227

16 Nithe iníoctha trádála agus eile

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
Nithe iníoctha trádála	**9,257**	6,716	**7,582**	5,467
Méideanna dlite d'eintitis coimhdeacha	**-**	-	**43,933**	40,188
Fabhruithe	**60,720**	55,432	**48,666**	46,797
Ioncam larchurtha	**6,922**	7,907	**1,709**	2,885
	76,899	70,055	**101,890**	95,337

Nochtaítear neamhchosaint an Ghrúpa chuig riosca airgeadra a bhaineann le nithe iníoctha trádála agus eile i nóta 22.

17 Cánachas agus leas sóisialach

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
CBL	**5,511**	6,733	**4,480**	5,228
Párolla	**3,809**	3,511	**3,747**	3,467
Cáin chorparáide	**(224)**	4,728	**(144)**	3,207
	9,096	14,972	**8,083**	11,902

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

18 Soláthairtí

	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	6,155
Fuascailte i rith na bliana	(435)
Úsáidte i rith na bliana	(1,188)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	4,532
Anailís déanta orthu mar seo a leanas:	
Dliteanais neamh-reatha	-
Dliteanais reatha	4,532
	4,532

Is ionann soláthairtí agus meastachán stuama ar dhliteanais a d'fhéadfadh go n-eascróidh nó a d'fhéadfadh nach n-eascróidh do thríú páirtithe, maidir le héilimh a bheadh curtha in iúl nó a mbeadh soláthar déanta dóibh ag deireadh na bliana. De bharr nádúr a chuid oibríochtaí, tá baint ag RTÉ le caingne dlíthiúla éagsúla, i ndáil le clúmhilleadh líomhnaithe agus díospóidí eile den chineál sin, go príomha. Tá an tÚdarás sásta go bhfuil soláthar réasúnta déanta aige sna ráitis airgeadais don toradh is dócha a thiocfaidh as na caingne sin.

19 Sochair d'fhostaithe

(a) Sochair iomlána d'fhostaithe

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
Soláthar athstruchtúrtha (féach (b) thíos)	**16,343**	17,439	**16,343**	17,439
Fabhruithe eile a bhaineann le párolla	**21,739**	20,756	**21,282**	19,829
Sochair iomlána d'fhostaithe	**38,082**	38,195	**37,625**	37,268
Anailís déanta air mar seo a leanas:				
Dliteantais neamh-reatha	**8,806**	13,468	**8,806**	13,468
Dliteantais reatha	**29,276**	24,727	**28,819**	23,800
	38,082	38,195	**37,625**	37,268

(b) Soláthar athstruchtúrtha

Grúpa agus RTÉ	**2008 €'000**	2007 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana	**17,439**	20,510
Soláthartha i rith na bliana	**1,852**	1,519
Úsáidte i rith na bliana	**(3,711)**	(5,318)
Muirear úis (nóta 3)	**763**	728
Iarmhéid ag deireadh na bliana	**16,343**	17,439
Anailís déanta orthu mar seo a leanas:		
Neamh-reatha	**7,039**	13,468
Reatha	**9,304**	3,971

Is ionann an soláthar do chostais athstruchtúrtha amhail an 31 Nollaig 2008 agus meastachán is fearr an Údaráis maidir leis an líon soláthairtí riachtanacha i ndáil le hoibleagáidí eile an Ghrúpa faoi na scéimeanna athstruchtúrtha éagsúla.

(c) Fabhruithe eile a bhaineann le fostaithe

Tá fabhruithe eile a bhaineann le fostaithe comhdhéanta de shochair ghearrtéarma d'fhostaithe mar shampla luach saothair, bónais agus laethanta saoire d'fhostaithe mar a ndéantar foráil dóibh de réir IAS 19 *Sochair d'Fhostaithe.*

20 Socruithe Pinsin

Is é an Grúpa an príomh-fhostóir urraíochta de chuid Scéim Aoisliúntais RTÉ (scéim phinsean sochair sainithe ranníocach maoinithe, nár ligeadh aon fhostaí nua isteach ann ón mbliain 1989) agus Scéim Phinsean Ranníoca Shainithe RTÉ agus déanann sé ranníocaíochtaí freisin le roinnt scéimeanna phinsean ranníoca shainithe eile atá níos lú, thar ceann fostaithe.

Mar a éilíonn *Acht na bPinsean 1990,* déantar tuarascálacha luachála achtúireacha neamhspleácha bunaithe ar bhoinn tuisceana maoinithe fadtéarmacha a chinntear go hachtúireach, go rialta, i ndáil le Scéim Aoisliúntais RTÉ. Is é 1 Eanáir 2009 dáta na tuarascála luachála maoinithe achtúireach is déanaí, agus cuireadh i gcríoch í tar éis dheireadh na bliana, ag na hachtúirí, Mercer, nach oifigí ná fostaithe de chuid an Ghrúpa iad. Léiríonn an luacháil mhaoinithe achtúireach seo, a úsáideann an modh luachála "aois shroicht" chun teacht ar an gcostas seirbhíse sa todhchaí, go bhfuil easnamh de €102.3m ag an scéim (1 Eanáir 2008: barrachas €41.2m), agus cuntas á dhéanamh sna dliteanais d'arduithe iar-scortha ar bhonn lán-chothroime. Níl an tuarascáil luachála maoinithe achtúire ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal; ach mar sin féin, cuirtear torthaí luachálacha in iúl do chomhaltaí.

B'ionann na ranníoca pinsin fostóra a gearradh i ndáil le gach bliain do na scéimeanna éagsúla agus:

	2008 €'000	2007 €'000
Scéim Aoisliúntais RTÉ		
- costas seirbhíse reatha	**8,670**	10,107
- iarchostas seirbhíse reatha	**-**	688
	8,670	10,795
Scéim Phinsean Ranníoca Shainithe RTÉ	**6,513**	5,955
Scéimeanna eile	**634**	638

De réir mar a éilíonn caighdeán cuntasaíochta IAS 19, ullmhaíonn na hachtúirí, Mercer, tuarascáil chomh maith a leagann amach seasamh Scéim Aoisliúntais RTÉ agus an modh luachála cuntasaíochta a shonraítear in IAS 19 á úsáid. Is éard a dhéanann cur chuige IAS 19 ar luacháil agus tuairisciú cuntasaíochta ciste shochair shainithe an modh aonad fortheilgthe a úsáid chun teacht ar mhuirir phinsean amach anseo, sócmhainní a luacháil ag luach cóir an mhargaidh reatha agus lascaine a dhéanamh ar dhliteanais amach anseo (ag úsáid rátaí bannaí corparáide ardghráid neas-achair i leith saol measta dhliteanais na scéime) chun teacht ar ghlan-luach reatha dhliteanais na scéime.

Ba iad na príomh-bhoinn tuisceana a úsáideadh chun críocha na luachála cuntasaíochta bunaithe ar IAS 19 ar Scéim Aoisliúntais RTÉ ná:

Modh luachála	**2008 Aonad fortheilgthe**	2007 Aonad fortheilgthe	2006 Aonad fortheilgthe
Ráta ardaithe fortheilgthe ar thuarastail	**2.75%**	4.00%	3.60%
Ráta ardaithe fortheilgthe ar phinsin in íocaíocht	**2.75%**	4.00%	3.60%
Ráta lascaine	**5.90%**	5.50%	4.50%
Bonn tuisceana boilscithe	**1.80%**	2.25%	2.00%
Básmhaireacht	**Bliain**	Bliain	Bliain
Ionchas saoil daoine a bheidh ar scor amach anseo			
Fear 65 bliain d'aois	**21.4**	20.5	20.2
Bean 65 bliain d'aois	**24.4**	23.5	23.2
Ionchas saoil daoine atá ar scor cheana féin			
Fear 65 bliain d'aois	**20.2**	19.5	19.0
Bean 65 bliain d'aois	**23.1**	22.4	22.0

Mar seo a leanas a bhí leithdháileadh sócmhainní an phlean meán ualaithe ag deireadh na bliana:

	2008	2007
Catagóir Sócmhainne		
Cothromais	**42.9%**	55.4%
Bannaí	**40.6%**	25.4%
Maoin	**8.0%**	9.3%
Eile	**8.5%**	9.9%
	100%	100%

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

20 Socruithe Pinsin (ar lean)

Ba iad luach cóir na sócmhainní sa scéim, luach reatha na ndliteanas sa scéim agus an ráta aschuir ionchasach ag dáta an chláir chomhardaithe:

	2008		2007		2006	
	Ráta aschuir ionchasach fadtéarmach	**Luach Cóir €'000**	Ráta aschuir ionchasach fadtéarmach	Luach Cóir €'000	Ráta aschuir ionchasach fadtéarmach	Luach Cóir €'000
Cothromais	**7.85%**	**314,298**	7.30%	552,621	6.75%	794,133
Bannaí	**4.80%**	**298,132**	4.30%	253,374	3.75%	117,371
Maoin	**6.00%**	**58,875**	5.30%	92,416	4.75%	85,792
Eile	**5.35%**	**62,129**	4.00%	98,319	2.00%	39,764
Luach cóir iomlán sócmhainní		**733,434**		996,730		1,037,060
Luach achtúireach an dliteanais		**(820,051)**		(979,195)		(1,023,188)
(Easnamh)/barrachas cuntasaíochta i Scéim Aoisliúntais RTÉ		**(86,617)**		17,535		13,872
Glan (dliteanas)/sócmhainn phinsin aitheanta		**(86,617)**		17,535		13,872

Gluaiseacht i luach reatha oibleagáidí shochar shainithe

	2008 €'000	2007 €'000
Oibleagáidí shochar sainithe amhail an 1 Eanáir	**979,195**	1,023,188
Costas seirbhíse reatha (féach thíos)	**8,670**	10,107
Iarchostas seirbhíse reatha	**-**	688
Ranníocaíochtaí comhaltaí	**3,436**	3,320
Sochair arna n-íoc ag an bplean	**(34,197)**	(32,569)
Costas úis	**53,573**	45,914
Gnóthachain achtúireacha aitheanta i gcothromas (féach thíos)	**(190,626)**	(71,453)
Oibleagáidí shochar sainithe amhail an 31 Nollaig	**820,051**	979,195

Gluaiseacht i luach reatha shócmhainní an phlean

	2008 €'000	2007 €'000
Luach cóir shócmhainní an phlean amhail an 1 Eanáir	**996,730**	1,037,060
Ranníocaíochtaí údaráis	**4,057**	4,586
Ranníocaíochtaí comhaltaí	**3,436**	3,320
Sochair arna n-íoc ag an bplean	**(34,197)**	(32,569)
Aschur ionchasach ar shócmhainní an phlean	**59,298**	62,098
Cailliúintí achtúireacha aitheanta i gcothromas	**(295,890)**	(77,765)
Luach cóir shócmhainní an phlean amhail an 31 Nollaig	**733,434**	996,730

Costas aitheanta i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

	2008 €'000	2007 €'000
Gearrtha ar chostais oibriúcháin		
Costas seirbhíse reatha	**8,670**	10,107
Iarchostas seirbhíse reatha	**-**	688
	8,670	10,795
Curtha chun sochair glan-ioncaim airgeadais		
Aschur ionchasach ar shócmhainní scéime pinsin	**59,298**	62,098
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	**(53,573)**	(45,914)
	5,725	16,184
Aschur fíorasach ar shócmhainní an phlean	**(236,592)**	(15,667)

20 Socruithe Pinsin (ar lean)

Gnóthachain agus cailliúintí achtúireacha aitheanta go díreach i gcothromas

	2008 €'000	2007 €'000
Méid carntha amhail an 1 Eanáir	**(4,200)**	2,112
Aschur fíorasach lúide aschur ionchasach ar shócmhainní scéime pinsin	**(295,890)**	(77,765)
Gnóthachain agus caillteanais ag eascairt as dliteanais na scéime	**(3,917)**	(2,967)
Athruithe i mbonn tuisceana a bhíonn mar bhonn de luach reatha dhliteanais na scéime	**194,543**	74,420
Méid carntha amhail an 31 Nollaig	**(109,464)**	(4,200)

B'ionann an ráta ranníoca fóstóra do Scéim Aoisliúntais RTÉ don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 agus 8% de thuilleamh inphinsin na bhfostaithe (2007: 8%). Tá luacháil mhaoinithe achtúire fhadtréimhseach déanta ag achtúirí chun na scéime agus tá easnamh de €102.3 amhail an 31 Nollaig 2008 (1 Eanáir 2008: barrachas de €41.2 milliún) tuairiscithe acu. Tá luacháil déanta ag na hachtúirí de réir fhorálacha Chaighdeán Íosmhaoinithe *an Achta Pinsean 1990*, agus thuairisc siad easnamh de €84.1 milliún. Mar thoradh ar sin, cuirfidh iontaobhaithe na Scéime agus RTÉ isteach togra faoi Mheitheamh 2010 do cheadú ón mBord Pinsean a léireoidh an tslí a bhfuil sé beartaithe go dtabharfar aghaidh ar an easnamh seo.

Stair ghnóthachain

	2008 €'000	2007 €'000	2006 €'000	2005 €'000	2004 €'000
Luach reatha oibleagáidí shochar shainithe	**(820,051)**	(979,195)	(1,023,188)	(936,381)	(795,087)
Luach cóir shócmhainní an phlean	**733,434**	996,730	1,037,060	939,634	798,304
(Easnamh)/barrachas an phlean	**(86,617)**	17,535	13,872	3,253	3,217
Difríocht idir aschur ionchasach agus aschur fíorasach ar shócmhainní	**(295,890)**	(77,765)	64,275	111,199	14,912
Léirithe mar chéatadán de shócmhainní na scéime	**(40.3%)**	(7.8%)	6.2%	11.8%	1.9%
Cailliúint ag eascairt as dliteanais na scéime	**(3,917)**	(2,967)	(30,907)	(15,139)	(3,977)
Léirithe mar chéatadán de dhliteanais na scéime	**(0.5%)**	(0.3%)	(3.0%)	(1.6%)	(0.5%)
Tionchar athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha	**194,543**	74,420	(31,256)	(103,200)	(71,163)
Léirithe mar chéatadán de dhliteanais na scéime	**23.7%**	7.6%	(3.1%)	(11.0%)	(9.0%)
Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha iomlána	**(105,264)**	(6,312)	2,112	(7,140)	(60,228)
Léirithe mar chéatadán de dhliteanais na scéime	**(12.9%)**	(0.6%)	0.2%	(0.8%)	(7.6%)

Tá súil ag an ngrúpa go n-íocfar €3.585 milliún i ranníocaíochtaí leis an scéim sochair shainithe in 2009.

21 Cáin iarchurtha

Grúpa

Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha aitheanta

	Glan Sócmhainní		Glan (Dliteanais)	
	2008 €'000	2007 €'000	2008 €'000	2007 €'000
Maoin, innealra agus trealamh	**-**	-	**(45)**	(1,902)
Scéim Phinsin shochair shainithe	**-**	-	**-**	(2,192)
Nithe iníoctha trádála agus eile	**1,059**	857	**-**	-
Fardail	**-**	-	**(3,758)**	(6,508)
Eile	**-**	-	**(372)**	(620)
Caillteanais chánach	**4,039**	-	**-**	-
Glan sócmhainní/(dliteanais) chánach	**5,098**	857	**(4,175)**	(11,222)

Sócmhainní chánach iarchurtha neamhaitheanta

Thángthas ar shocrú leis na Coimisinéirí Ioncaim i Nollaig 2008 maidir le caillteanais a rinneadh roimhe seo chun cáin chorparáide a ríomh a bheith ar fáil. Tá caillteanais thrádála ar aghaidh de €540 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2008. Mar sin féin, arna tabhairt neamhchinnteacht faoi chén uair ar féidir na cailliúintí sin a úsáid, níl sócmhainn chánach iarchurtha aitheanta i leith coigeartuithe idirthréimhseach IFRS i leith cé acu de na dliteanais chánach iarchurtha a aithníodh i mblianta roimhe sin.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

21 Cáin iarchurtha (ar lean)

Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith 2008

	Iarmhéid tosaigh	Aitheanta in Ioncam	Aitheanta i gCothramas	Iarmhéid deiridh
Maoin, innealra agus trealamh	(1,902)	1,857	-	(45)
Dliteanas pinsin	(2,192)	-	2,192	-
Nithe iníoctha trádála agus eile	857	202	-	1,059
Fardail	(6,508)	2,750	-	(3,758)
Eile	(620)	248	-	(372)
Caillteanais chánach	-	4,039	-	4,039
	(10,365)	9,096	2,192	923

Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith 2007

	Iarmhéid tosaigh	Aitheanta in Ioncam	Aitheanta i gCothramas	Iarmhéid deiridh
Maoin, innealra agus trealamh	(2,828)	926	-	(1,902)
Sócmhainn pinsin	(1,734)	-	(458)	(2,192)
Nithe iníoctha trádála agus eile	219	638	-	857
Fardail	(6,508)	-	-	(6,508)
Eile	(620)	-	-	(620)
	(11,471)	1,564	(458)	(10,365)

RTÉ

Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha aitheanta

	Glan Sócmhainní		Glan (Dliteanais)	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
Maoin, innealra agus trealamh	**786**	-	**-**	(313)
Scéim Phinsin shochair shainithe	**-**	-	**-**	(2,192)
Nithe iníoctha trádála agus eile	**1,059**	857	**-**	-
Fardail	**-**	-	**(3,826)**	(6,422)
Eile	**-**	-	**(213)**	(355)
Caillteanais chánach	**4,039**	-	**-**	-
Glan sócmhainní/(dliteanais) cánach	**5,884**	857	**(4,039)**	(9,282)

Sócmhainní chánach iarchurtha neamhaitheanta

Thángthas ar shocrú leis na Coimisinéirí Ioncaim i Nollaig 2008 maidir le caillteanais a rinneadh roimhe seo chun cáin chorparáide a ríomh a bheith ar fáil. Tá caillteanais thrádála ar aghaidh de €540 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2008. Mar sin féin, arna tabhairt neamhchinnteacht faoi chén uair ar féidir na cailliúintí sin a úsáid, níl sócmhainn chánach iarchurtha aitheanta i leith coigeartuithe idirthréimhseach IFRS i leith cé acu de na dliteanais chánach iarchurtha a aithníodh i mblianta roimhe sin.

Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith 2008

	Iarmhéid tosaigh	Aitheanta in Ioncam	Aitheanta i gCothramas	Iarmhéid deiridh
Maoin, innealra agus trealamh	(313)	1,099	-	786
Dliteanas pinsin	(2,192)	-	2,192	-
Nithe iníoctha trádála agus eile	857	202	-	1,059
Fardail	(6,422)	2,596	-	(3,826)
Eile	(355)	142	-	(213)
Caillteanais chánach	-	4,039	-	4,039
	(8,425)	8,078	2,192	1,845

Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith 2007

	Iarmhéid tosaigh	Aitheanta in Ioncam	Aitheanta i gCothramas	Iarmhéid deiridh
Maoin, innealra agus trealamh	(1,367)	1,054	-	(313)
Sócmhainn pinsin	(1,734)	-	(458)	(2,192)
Nithe iníoctha trádála agus eile	219	638	-	857
Fardail	(6,422)	-	-	(6,422)
Eile	(355)	-	-	(355)
	(9,659)	1,692	(458)	(8,425)

22 Ionstraimí Airgeadais (Grúpa agus RTÉ)

(a) Bainistíocht riosca airgeadais

Tá nochtadh i leith na rioscaí seo a leanas ag an nGrúpa de bharr ionstraimí airgeadais a úsáid:

- riosca creidmheasa
- riosca leachtachta
- riosca margaidh

Tugann an nóta seo eolas faoi nochtadh an Ghrúpa do gach ceann de na rioscaí thuas luaite agus cuspóirí, polasaithe agus próisis an Ghrúpa chun riosca a thomhas agus a bhainistiú.

Tá freagracht foriomlán ag Údarás RTÉ as creat oibre bainistithe riosca an Ghrúpa a bhunú agus a mhaoirsiú agus tá polasaithe ceadaithe aige do na príomhréimsí riosca airgeadais a bhíonn os comhair an Ghrúpa.

Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as gach gníomhaíocht cistíochta a bhainistiú, de réir na bpolasaithe cistíochta, lena n-áirítear bainistiú airgid tirim, riosca malartaithe coigríche agus riosca creidmheasa contrapháirtí.

Riosca creidmheasa
Is éard is riosca creidmheasa ann an riosca i leith chailliúint airgeadais don Ghrúpa sa chás nach gcomhlíonfadh custaiméir nó contrapháirtí a n-oibleagáidí conartha, agus eascraíonn sé go príomha as nithe infhaighte an Ghrúpa ó chustaiméirí agus ó infheistíochtaí taisce.

Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an riosca creidmheasa do nithe infhaighte trádála agus eile. Tá árachas creidmheasa ag an nGrúpa agus socraíonn sé teorainn chreidmheasa do gach custaiméir. Mar gheall ar chineál an mhargaidh fógraíochta agus na margaí eile ina n-oibríonn RTÉ, bhí nochtadh nach beag ag RTÉ do ghníomhaireachtaí fógraíochta ar leith agus do chustaiméirí eile le linn na bliana. Is é polasaí na cuideachta teorainneacha a shannadh don nochtadh comhiomlán maidir le gach custaiméir aonair. Tá na nochtuithe sin agus na teorainneacha gaolmhara faoi réir ag athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.

Infheistítear airgead tirim agus taiscí bainc gearrthéarma le hinstitiúidí a bhfuil rátáil chreidmheasa inghlactha acu le teorainneacha ar mhéideanna a choimeádtar i mbainc nó in institiúidí aonair ag aon am amháin. Níor coimeádadh aon mhéid níos mó ná 20% d'iarmhéid airgid an Ghrúpa le haon institiúid amháin ag dáta an chláir chomhardaithe. Léiríonn suim charraeireachta na sócmhainní airgeadais sa chlár chomhardaithe an nochtadh uasta do riosca creidmheasa.

Riosca leachtachta
Is éard is riosca leachtachta ann an riosca nach mbeidh an Grúpa ábalta a chuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Is é cur chuige RTÉ maidir le leachtacht a bhainistiú a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go mbeidh a dhóthain leachtachta aige i gcónaí a chuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi choinníollacha struis, gan cailliúintí nach féidir glacadh leo a thabhú nó gan dul i mbaol damáiste do cháil an Ghrúpa.

Is é polasaí an Ghrúpa airgead breise a infheistiú, i gcuntais taisce téarma go príomha, leata ar roinnt institiúidí.

Riosca margaidh
Is éard is riosca margaidh ann an riosca go mbeidh éifeacht ag athruithe i bpraghsanna margaidh, mar rátaí malartaithe coigríche nó rataí úis, ar ioncam an Ghrúpa nó ar luach a shealúchas ionstraimí airgeadais. Is é cuspóir bhainistiú riosca margaidh ná nochtuithe riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaméadair is féidir glacadh leo, fad a bhaintear an leas is fearr as an aschur.

Déantar móramh de ghnó na cuideachta in Éirinn. Mar thoradh air sin, bíonn sreabhadh airgid oibríochta agus infheistíochta ainmnithe i Euro den chuid is mó. Eascraíonn nochtuithe airgeadra coigcríche go príomha as íocaíochtaí do chláir a cheannaithe agus do chearta spóirt i ndollar na Stát Aontaithe agus i Steirling.

Is é polasaí RTÉ formhór a phríomh-nochtuithe airgeadra coigríche tiomanta a fhálú go tráchtáil ag tús gach bliana airgeadais trí dul i mbun réamhchonarthaí i ndollar na Stát Aontaithe agus i Steirling. Bíonn aibíocht níos lú ná 18 mí ag gach réamhchonradh ó dháta an chláir chomhardaithe.

Cinneann RTÉ cibé an gcuirfidh sé cuntasaíocht fhálaithe i leith a chuid ionstraimí airgeadais díorthaigh de réir an idirbhearta nó nach gcuirfidh. Níl cuntasaíocht fhálaithe curtha i leith aon cheann d'ionstraimí airgeadais díorthaigh an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2008 ná an 31 Nollaig 2007.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

22 Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

(b) Riosca creidmheasa

(i) Nochtadh do riosca creidmheasa

Is ionann suim carraeireachta shócmhainní airgeadais agus an nochtadh creidmheasa uasta. Ba é an nochtadh uasta do riosca creidmheasa amhail an dáta tuairiscithe:

	Nóta	Suim carraeireachta 2008 €'000	2007 €'000
Nithe infhaighte trádála	12	**52,803**	61,294
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	13	**68,267**	16,730
Infheistíochtaí leachtacha	14	**-**	73,405

Ba é an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála amhail an dáta tuairiscithe de réir réigiúin gheografaigh:

	Suim carraeireachta 2008 €'000	2007 €'000
Éire	**49,403**	57,573
An Ríocht Aontaithe	**3,316**	3,660
Réigiúin eile	**84**	61

Coinnítear na sócmhainní airgeadais eile go léir le contrapháirtithe in Éirinn.

Ba é an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála amhail an dáta tuairiscithe de réir cinéal custaiméir:

		Suim carraeireachta 2008 €'000	2007 €'000
Féichiúnaithe neamh - ghníomhaireachta		**11,335**	12,396
Féichiúnaithe eile - gníomhaireachta		**41,468**	48,898
Nithe infhaighte trádála	12	**52,803**	61,294

Déanann féichiúnaí gníomhaireachta ionadaíocht ar ghníomhaire nó ar ghníomhaireacht fógraíochta, is é sin duine, gnólacht nó cuideachta a roghnaíonn nó a chuireann spás fógraíochta in áirithint thar ceann an fhógróra.

Déanann an féichiúnaí is mó atá ag an nGrúpa, cuideachta Éireannach, cuntasaíocht do €6.2 milliún (11%) de shuim carraeireachta na nithe infhaighte trádála amhail an 31 Nollaig 2008 (2007 €6.6 milliún).

(ii) Cailliúintí lagaithe

Ba é aosú nithe infhaighte trádála amhail an dáta tuairiscithe:

	Comhlán 2008 €'000	Lagú 2008 €'000	Comhlán 2007 €'000	Lagú 2007 €'000
Gan thar a bheith dlite	**26,675**	**-**	29,774	-
Thar a bheith dlite 0-30 lá	**26,059**	**1,325**	29,605	-
Thar a bheith dlite 31-120 lá	**1,761**	**775**	1,847	-
Níos mó ná 120 lá	**666**	**258**	4,239	4,171
	55,161	**2,358**	65,465	4,171

Mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht sa cheadú do lagú i ndáil le nithe infhaighte trádála i rith na bliana:

	2008 €'000	2007 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	**4,171**	4,361
Cailliúint lagaithe aitheanta	**(14)**	(81)
Drochfhiacha díscríobhtha i rith na bliana	**(1,799)**	(109)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**2,358**	4,171

22 Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

(c) Riosca leachtachta

Seo a leanas aibíochtaí conartha dhliteanais airgeadais:

31 Nollaig 2008

	Suim carraeireachta €'000	Sreabhadh airgid conartha €'000	6 mí nó níos lú €'000	6-12 mí €'000	1-2 bliain €'000
Dliteanais airgeadais neamh-dhíorthaigh					
Nithe iníoctha trádála	9,257	9,257	9,257	-	-
Fabhruithe	60,720	60,720	60,720	-	-
Dliteanais airgeadais díorthaigh					
Réamhchonarthaí malartaithe:					
Eisreabhadh	148	22,775	10,671	8,510	3,594
	70,125	92,752	80,648	8,510	3,594

31 Nollaig 2007

	Suim carraeireachta €'000	Sreabhadh airgid conartha €'000	6 mí nó níos lú €'000	6-12 mí €'000	1-2 bliain €'000
Dliteanais airgeadais neamh-dhíorthaigh					
Nithe iníoctha trádála	6,716	6,716	6,716	-	-
Fabhruithe	55,432	55,432	55,432	-	-
Dliteanais airgeadais díorthaigh					
Réamhchonarthaí malartaithe:					
Eisreabhadh	984	17,193	9,819	7,374	-
	63,132	79,341	71,967	7,374	-

(d) Riosca airgeadra

(i) Nochtadh do riosca airgeadra

Luaitear airgeadra feidhmiúil na n-eintiteas go léir de chuid an Ghrúpa i Euro.

De bharr nádúr ghnéithe áirithe a ghnó, go háirithe cláir theilifíse a cheannaítear agus cearta ó thar lear, bíonn RTÉ nochtaithe d'éifeacht athruithe i rátaí malartaithe airgeadra coigcríche. Is iad na hairgeadraí as a eascraíonn an riosca sin Dollair agus Steirling.

Úsáideann an Grúpa conarthaí malartaithe ar aghaidh, go príomha, chun a riosca airgeadra a fhálú. Aithnítear athruithe i luach cóir chonarthaí malartaithe coigcríche ar aghaidh sa ráiteas ioncaim. Tá luach cóir chonarthaí malartaithe ar aghaidh bunaithe ar an bpraghas margaidh liostaithe.

€148,000 bhí luach cóir chonarthaí ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2008 (2007: €984,000).

Briseadh síos ar nithe iníoctha trádála de réir Airgeadra

	2008 €'000	2007 €'000
Euro	**8,703**	6,418
GBP	**442**	215
USD	**83**	7
Eile	**28**	75
	9,256	6,715

Bhí feidhm leis na rátaí malartaithe suntasacha seo a leanas i rith na bliana:

	Meánráta		Dáta tuairiscithe spotráta	
	2008 Euro	2007 Euro	2008 Euro	2007 Euro
USD 1	1.4708	1.3082	1.3917	1.4721
GBP 1	0.7963	0.68611	0.9525	0.73335

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

22 Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

(ii) Anailís íogaireachta

Agus rioscaí airgeadra á mbainistiú aige, is é aidhm an Ghrúpa an tionchar a bhíonn ag athruithe gearrtéarma ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú. Úsáideann an Grúpa conarthaí ceannaithe ar aghaidh maidir le hairgeadra coigríche chun athraitheacht a eascraíonn as na nochtuithe sin d'airgeadra coigríche a laghdú. Mar thoradh air sin níl nochtuithe suntasacha ag an nGrúpa do ghluaiseachtaí i rátaí malartaithe coigcríche.

(e) Rioscaí rátaí úis

Ar an dáta tuairiscithe b'ionann próifíl ráta úis na n-ionstraimí airgeadais faoi ualach úis an Ghrúpa agus:

	Suim carraeireachta	
	2008	2007
	€'000	€'000
Ionstraimí Ráta Seasta		
Sócmhainní airgeadais	**56,176**	82,314
Ionstraimí Ráta Inathraithe		
Sócmhainní airgeadais	**12,091**	7,821

Bheadh athrú de 100 bonnphointe i rátaí úis tar éis an easnamh a laghdú €0.4m (d'ardaigh an barrachas €0.8m in 2007).

(f) Luachanna córa

(i) Luachanna córa i gcomparáid le suimeanna carraeireachta

Seo a leanas luachanna córa shócmhainní agus dhliteanais airgeadais, mar aon leis na suimeanna carraeireachta a léirítear ar an gclár comhardaithe:

	31 Nollaig 2008		31 Nollaig 2007	
	Suim carraeireachta €'000	**Luach cóir €'000**	Suim carraeireachta €'000	Luach cóir €'000
Nithe infhaighte trádála	**52,803**	**52,803**	61,294	61,294
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	**68,267**	**68,267**	16,730	16,730
Infheistíochtaí leachtacha	**-**	**-**	73,405	73,405
Réamhchonarthaí malartaithe:				
Sócmhainní	**-**	**-**	-	-
Dliteanais	**(148)**	**(148)**	(984)	(984)
Nithe iníoctha trádála	**(9,258)**	**(9,258)**	(6,716)	(6,716)
Fabhruite	**(60,720)**	**(60,720)**	(48,666)	(48,666)

(ii) Rátaí úis arna n-úsáid chun teacht ar luach cóir

Bhí aibíocht níos lú ná 18 mí ó dháta an chláir chomhardaithe ag na hionstraimí airgeadais go léir amhail an 31 Nollaig 2008 agus an 31 Nollaig 2007, agus mar sin níl lascaine déanta ar ghlanluach reatha na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus a luach cóir á gcinneadh mar ní mheastar go bhfuil tionchar an lascainithe ábhartha.

23 Gealltanais airgeadais agus teagmhais

(a) Gealltanais chaipitil

	Grúpa		RTÉ	
	2008	2007	**2008**	2007
	€'000	€'000	**€'000**	€'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta dó	**12,545**	1,928	**1,474**	837
Údaraithe ach gan conradh déanta dó	**4,206**	3,284	**248**	2,852
	16,751	5,212	**1,722**	3,689

(b) Gealltanais cheannaigh clár/cearta

	Grúpa		RTÉ	
	2008	2007	**2008**	2007
	€'000	€'000	**€'000**	€'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta dó	**84,479**	43,140	**84,479**	43,140

23 Gealltanais airgeadais agus teagmhais (ar lean)

(c) Gealltanais léasa oibríochta

Gealltanais bhliantúla faoi léasanna oibríochta, go príomha i ndáil le mótarfheithiclí, a rachaidh in éag:

	Grúpa		RTÉ	
	2008 €'000	2007 €'000	**2008 €'000**	2007 €'000
Laistigh de bhliain amháin	**52**	101	**34**	73
Idir dhá bhliain agus cúig bhliana	**7**	45	**7**	41
	59	146	**41**	114

24 Idirbhearta pháirtithe gaolmhara

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*. Is é an Rialtas, a cheapann comhaltaí Údaráis RTÉ.

Soláthraíonn an Grúpa seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí comhchosúla eile, agus ceannaíonn earraí agus seirbhísí, le linn a ghnáthghnó chuig ranna Rialtais agus uathu, agus chuig eintitis faoi rialú Rialtas na hÉireann. Bailíonn An Post an Táille Ceadúnais Teilifíse thar ceann na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR).

Chun críocha cheanglais nochtaithe IAS 24 tá an téarma "príomh-phearsanra bainistithe" (i.e. na daoine sin a bhfuil údarás acu i leith agus freagracht orthu as gníomhaíochtaí na cuideachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú) comhdhéanta d'Údarás RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, Cinn na Rannán Comhtháite Gnó agus na bpríomhfheidhmeanna corparáide, lena n-áirítear an fhoireann ar fad a thuairiscíonn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. B'ionann an méid iomlán luach saothair a íocadh le príomh-phearsanra bainistithe agus €4.119 milliún (2007: €4.428 milliún) agus bhí formhór an mhéid sin comhdhéanta de shochair fhostaithe gearrtéarma.

B'ionann iomlán na nithe iníoctha le gnóthais fhochuideachtaí RTÉ agus €43.93 milliún (2007: €40.19 milliún), amhail an 31 Nollaig 2008.

25 Coigeartú na bliana roimhe seo

Féadfaidh daoine aonair áirithe ceadúnas teilifíse saor in aisce a fháil faoi Scéim Phacáiste Shochair Tí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA). Íocann an DSFA íocaíochtaí míosúla leis an DCENR i leith luach na gceadúnas sin. Tá na méideanna sin mar chuid de "dheontas i gcabhair" neamh-inaisíochta ón DCENR chuig RTÉ.

D'athraigh riaradh eisithe ceadúnais saor in aisce agus an tslí ina raibh na ceadúnais á luacháil le héifeacht ó 1 Lúnasa 2004. Tar éis an t-athrú sin a chur i bhfeidhm, tháinig díospóid chun cinn idir DCENR agus DSFA maidir leis an méid a bhí dlite ón DSFA i leith ceadúnas a heisíodh in 2004 agus a d'aithin RTÉ in ioncam sa bhliain chéanna. In 2005, taifeadadh soláthar do lagú de €3.9 milliún i leith na méideanna sa díospóid.

I mí na Samhna 2008, chaibidligh an DCENR socrú le DSFA socrú iomlán agus deiridh ar na méideanna neamhíochta atá dlite ón DSFA is ionann €2.0 milliún.

Mar chuid den socrú sin, chomhaontaigh DCENR an bunús ina n-aithníonn RTÉ ioncam ó tháillí cheadúnais go stairiúil a athrú go siarghabhálach le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2004. Chiallaigh sé sin nár léirigh trádáil dheireadh na tréimhse agus nithe infhaighte trádála eile ó 2005 go dtí 2007 na méideanna a bhí neamh-íoctha ag deireadh na bliana airgeadais d'ainneoin go raibh ach tionchar beag ar an ráiteas ioncaim.

Ag teacht le IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, athruithe i meastacháin agus in earráidí cuntasaíochta*, rinneadh cuntasú ar an athrú sin i mbunúis aitheantais an Ioncam ó Tháillí Ceadúnais mar athrú siarghabhálach i bpolasaí cuntasaíochta agus athshonraíodh na ráitis airgeadais chomparáideacha do 2007.

Tháinig laghdú de €3.4 milliúin ar na tuillimh choinnithe oscailte do 2007 le coigeartú comhfhreagrach do thrádáil dheireadh na tréimhse agus nithe infhaighte trádála eile amhail an 31 Nollaig 2007 a léiríonn cothromaíocht chuí infhaighte ag an am sin.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

25 Coigeartú na bliana roimhe seo (ar lean)

Éifeacht ar Clár Comhardaithe an Ghrúpa

	Mar a luadh roimhe seo 2007 €000	**Mar atá athluaite 2007 €000**	Athlua 2007 €000
Nithe infhaighte trádála agus eile	65,390	**61,963**	(3,427)
Glan laghdú i sócmhainní			(3,427)
Tuillimh choinnithe	180,729	**177,302**	(3,427)
Glan laghdú i gcothomas			(3,427)

Éifeacht ar Clár Comhardaithe RTÉ

	Mar a luadh roimhe seo 2007 €000	**Mar atá athluaite 2007 €000**	Athlua 2007 €000
Nithe infhaighte trádála agus eile	55,612	**52,185**	(3,427)
Glan laghdú i sócmhainní			(3,427)
Tuillimh choinnithe	137,654	**134,227**	(3,427)
Glan laghdú i gcothomas			(3,427)

Cairt

Sa cháipéis *Cairt um Chraolacháin Seirbhíse Poiblí,* a d'fhoilsigh an Rialtas i mí an Mheithimh 2004, aithnítear na treoirphrionsabail do RTÉ agus áirítear ann roinnt riachtanas tuairiscithe ar leith. Pléadh na riachtanais thuairiscithe sin in áit eile sa tuarascáil seo, seachas mar a leagtar amach thíos.

COMHAIRLE LUCHT FÉACHANA

Struchtúr agus Comhdhéanamh

- Is ionann an Chomhairle agus grúpa comhairleach d'Údarás RTÉ
- Is gnáthchomhalta ex-offico den Chomhairle é Cathaoirleach Choiste Clár an Údaráis
- Tá an Chomhairle comhdhéanta de chomhaltaí ionadaíocha agus aonair a bhfuil leas ginearálta acu i gcraoltóireacht agus, i gcás ionadaithe, sainleas i gceann amháin nó níos mó de na príomhshnáitheanna clár
- Ceithre bliana an t-achar a bhíonn gach aon Chomhairle i bhfeidhm agus toghtar Cathaoirleach ó na comhaltaí gach bliain. Cuireann RTÉ Rúnaí ainmnithe ar fáil.

Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach ar bhonn deonach agus aisíoctar costais dheimhnithe leo agus sin amháin.

Mar a tugadh ar aird i dtuarascáil na bliana seo caite, bhí téarma oifige ceithre bliana na Comhairle le teacht chun críche i mí na Nollag 2007. Ach d'uireasa soiléire ag an am sin ar stádas Comhairle ar bith amach anseo agus muid ag feitheamh ar thabhairt isteach na reachtaíochta craolacháin atá beartaithe, thoiligh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le hiarratas Údarás RTÉ an téarma oifige a shíneadh ar feadh bliana eile go dtí mí na Nollag 2008, nó cibé tréimhse is giorra, a bhí riachtanach faoi achtú an Bhille Craolacháin a bheidh ar fáil.

Bhí roinnt saincheisteanna ann a bhí mar ábhar imní ag an gComhairle i rith na céad cheithre bliana oibríochta (m.sh. leaschathaoirleach, córam, neamhfhreastal) agus ag an gCruinniú an 24 Eanáir 2008 glacadh le Buanorduithe nua a bhí athbhreithnithe chun aird a thabhairt ar na hábhair imní sin. Áirítear ar na leasuithe (i) bunú phost an Leas-Chathaoirligh; (ii) go mbeadh an córam ag 10 nó 50% de chomhaltas bailí +1 cibé acu is lú agus (iii) an fhoráil go scoirfidh Comhaltaí na Comhairle a chailleann trí chruinniú Comhairle in aon bhliain amháin nó trí chruinniú i ndiaidh a chéile dáilte thar dhá bhliain go huathoibríoch mar chomhaltaí murar féidir cúis mhaith a léiriú. Tháinig laghdú de chúigear ar chomhaltas na Comhairle ó 22 go dtí 17 i rith 2008 mar thoradh ar an bhforáil deiridh sin.

Toghadh Alison McCullagh agus Des Sheridan chun fónamh mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach faoi seach do 2008. Tionóladh cúig chruinniú i rith 2008.

I rith 2008 rinne feidhmeannaigh RTÉ cuir i láthair don Chomhairle Lucht Féachana ar ról an Bhreathnóra Ghlactha Clár; craoltóireacht RTÉ maidir le Reifreann Liospóin agus na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm chun cothromaíocht a chinntiú; mionteagasc sonraithe ar an mBille Craolacháin a foilsíodh in Earrach 2008 le béim faoi leith ar an alt a dhéileálann le ceapadh na Comhairle Lucht Féachana; Polasaí Idirchultúrachais agus Seirbhísí Rochtana RTÉ lena n-áirítear fotheidealú.

Ar na saincheisteanna sainiúla eile a tháinig chun cinn i rith na bliana bhí an cinneadh deireadh a chur le tarchur ar Mheántonn; an cinneadh Dustin a chur isteach mar ionadaí na hÉireann sa Chomórtas Eoraifíse; cur chun cinn na Gaeilge agus cláir Ealaíon.

Rinneadh an caidreamh le Comhairle Lucht Féachana BBCNI a fhorbairt tuilleadh agus a dhaingniú i rith 2008. Aontaíodh ag cruinniú idir Chathaoirligh Comhairle Lucht Féachana RTÉ agus BBCNI go mbeadh sé tairbheach dá bhfreastalódh comhaltaí ó gach Comhairle ar chruinnithe a chéile mar bhreathnóirí. Chuige sin, d'fhreastail ionadaithe ó Chomhairle Lucht Féachana BBCNI ar chruinniú mhí Mhárta de chuid Chomhairle Lucht Féachana RTÉ agus d'fhreastail ionadaithe ó Chomhairle Lucht Féachana RTÉ ar chruinniú de chuid Chomhairle BBCNI i mí an Mheithimh. Reachtáil RTÉ cruinniú i gcomhar idir an dá Chomhairle i Meán Fómhair 2008. D'fhreastail Príomh-Stiúrthóir RTÉ agus Rialtóir BBCNI chomh maith le feidhmeannaigh shinsearacha ón dá eagraíocht freisin. Ceann de na saincheisteanna de leas coitinn is mó a tháinig as an gcruinniú sin ná an t-athrú ó Analóg go DTT. Gné de leas coitinn eile arbh ea an ceangal leis an lucht féachana. Tá moladh ann chomh maith go mb'fhéidir go mbreathnófaí ar chomhthionscadail taighde ar shaincheisteanna de leas coitinn.

Comhaontaíodh chomh maith go bhfiosrófaí an bhféadfaí cruinniú dé-bhliantúil de na trí Chomhairle Lucht Féachana ar oileán na hÉireann (i.e. RTÉ, BBCNI agus Comhairle TG4 (le bunú faoin reachtaíocht nua)) mar go bhféadfadh sé fóram úsáideach a sholáthar chun tuairimí agus smaointe de leas coitinn a roinnt.

Thionóil an Chomhairle an cruinniú deiridh an 13 Samhain 2008. Comhaontaíodh tuairisc chothrom le dáta den tuarascáil dheireanach i mí na Samhna 2007 ag an gcruinniú sin agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis í ina dhiaidh sin. Theastaigh ó chomhaltaí an tábhacht atá le comhaltas leanúnach de chineál éigin ar an gComhairle nua a lua arís.

Cairt (ar lean)

RÁITEAS GEALLTANAS 2008

Sa chéad ráithe den bhliain, d'fhoilsigh RTÉ a *Ráiteas Gealltanas* 2008. Scaipeadh cóipeanna den doiciméad go forleathan agus foilsíodh ar RTÉ.ie é, áit ar fhan sé ar feadh na bliana. Bhí gealltanais chainníochtúla sa ráiteas maidir le gníomhaíochtaí corparáideacha agus aschuir agus déantar measúnú orthu gach bliain, thar ceann an Aire Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Gealltanais Chorparáideacha RTÉ	Torthaí
